Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil
2025

giveblood.ie

# Clár Ábhar

**Réamhrá an Chathaoirligh** ........ 3
**Tuarascáil an Chathaoirligh** ........ 5
**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** ........ 14
**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíochta** ........ 16
**Seirbhísí agus Bailiúcháin Deontóra** ........ 18
- Príomhéachtaí in 2025
- Seirbhísí do Dheontóirí

**Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Slabhra Soláthair, Iompar, Tacaíocht Eolaíochta agus Forbairt Comhábhar** ........ 25
**Tástáil** ........ 27
- Príomhéachtaí 2025
- An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí
- IFD
- SNTHI
- SGGF
- Víreolaíocht
- TAN
- Diagnóisic/Crosmheaits, Corcaigh

**Seirbhísí eile** ........ 38
- Príomhéachtaí 2025
- Fíochán
- Aifiréis Theiripeach
- ONH
- CSNÉ

**Cáilíocht agus Comhlíonadh** ........ 46
- Príomhéachtaí 2025
- Monatóireacht ar an gcomhshaol

**Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht** ........ 53
**Straitéis** ........ 54
- Príomhéachtaí 2025

**Riosca** ........ 57
- Príomhéachtaí 2025

**Acmhainní Daonna** ........ 59
- Príomhéachtaí 2025

**Sláinte agus Sábháilteacht Timpeallachta** ........ 65
- Príomhéachtaí 2025

**Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise** ........ 66
- Príomhéachtaí 2025

**Inbhuanaitheacht** ........ 67
- Príomhéachtaí 2025

**Airgeadas** ........ 75
**Sonraí Teagmhála** ........ 77

# Réamhrá an Chathaoirligh



## Cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i gcomhair 2025 a chur in bhur láthair.

Tréimhse chinniúnach i gcomhair SFÉ ba ea deireadh 2025, tráth ar tháinig deireadh le straitéis cúig bliana agus a rabhthas ar tí straitéis nua don tréimhse idir 2026 - 2030 a chur chun feidhme. Bhí an eagraíocht a bhí ag feidhmiú nuair a forbraíodh 'Ceangail Fhóinteacha' difriúil ar go leor bealaí i gcomparáid leis an eagraíocht atá ann inniu agus leis an bhfís atá againn don tréimhse as seo go ceann 5 bliana. Tá sé tábhachtach go mbeadh an eagraíocht solúbtha nuair a athraíonn tosaíochtaí, agus ainneoin nár éirigh linn gach rud a bhí beartaithe againn a dhéanamh nuair a bhí 'Ceangail Fhóinteacha' á fhorbairt againn in 2020, dá ainneoin sin, le 5 bliana anuas, d'éirigh le SFÉ dul chun cinn a dhéanamh agus dul i ngleic le coinníollacha dúshlánacha ag an am céanna.

I measc na n-éachtaí suntasacha straitéiseacha a baineadh amach in 2025 tá:

- **Cur chun Feidhme Córais Tástála Aigéid Núicléasaigh uasghrádaithe.** Is ionann an tionscadal seo agus dul chun cinn suntasach do shaotharlann TAN, a bheidh mar bhonn le héifeachtúlacht mhéadaithe agus sreabhadh oibre feabhsaithe, gan caighdeáin sábháilteachta agus cháilíochta atá mar bhonn lenár gcuid oibre a chur i mbaol.
- **Cur chun Feidhme na Feinitíopála Stairiúla.** Mar chuid den tionscnamh seo bunófar feinitíopáil stairiúil ar an gcéad agus ar an dara deonachán a thug deontóirí, agus beidh feinitíopa le fáil ar na lipéid ar gach deonachán a thugtar ina dhiaidh sin. Cinnteoidh sé sin go mbeidh soláthar fola a bheidh go hiomlán feinitíopáilte ar fáil, cuirfear cosc ar mhoilleanna a bhaineann le fuil atá oiriúnach a chur ar fáil d'othair a bhfuil riachtanais fuilaistrithe chasta acu agus beidh sé mar bhonn le héifeachtúlachtaí costais do SFÉ agus d'ospidéil ar fud na tíre.
- **Athoscailt Bhanc Súl na hÉireann.** Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2025 chomh fada is a bhain le Banc Súl na hÉireann a athoscailt. Cuireadh stop le haisghabhálacha coirne in 2004 mar gheall ar an riosca a bhain le tarchur vCJD. Is céim ríthábhachtach í athoscailt Bhanc Súl na hÉireann chomh fada is a bhaineann le soláthar baile coirní a chinntiú d'othair a bhfuil trasphlandú ag teastáil uathu in Éirinn agus ar an tslí sin, spleáchas ar shlabhraí soláthair leochaileacha a laghdú.
- **Tionscnaimh inbhuanaitheachta.** Cuireadh coirí gáis nua ar fáil san Ionad Náisiúnta Fola idir Ráithe 3 - Ráithe 4 2025, agus tá buntáistí le tabhairt faoi deara cheana féin. Beidh an t-uasghrádú éifeachtúlachta seo mar bhonn leis an méid gáis nádúrtha a úsáidtear san fhoirgneamh a laghdú go suntasach agus an eagraíocht a chosaint don todhchaí agus teagmhas a sholáthar i ndáil le húsáid fuinnimh fad is a bheimid ag díriú ar leictriúchán amach anseo.

Ceann de na píosaí oibre ba thábhachtaí a rinne SFÉ in 2025 ná gur forbraíodh ár gcéad straitéis cúig bliana eile, obair a raibh ár mBainisteoir Straitéise, Feidhmíochta agus Pleanála ag díriú uirthi.

In Todhchaí Níos Sláintiúla – Straitéis SFÉ 2026 – 2030, leagtar amach treo nua do SFÉ ionas go mbeidh sí ag feidhmiú mar cheannaire earnála iontaofa agus mar chomhpháirtí cúraim sláinte riachtanach. Á cumhachtú ag flaithiúlacht ár ndeontóirí tiomanta, ár bhfoireann oilte agus ár gcomhpháirtíochtaí cúraim sláinte, cuirimid táirgí fola agus fíocháin ar ardchaighdeán ar fáil do phobal na hÉireann. Is féidir linn a bheith bródúil as go leor den obair atá á déanamh againn - ní hamháin an 60 bliain seirbhíse atá curtha ar fáil do phobal na hÉireann agus do chóras sláinte na hÉireann, ach freisin ár bhfeidhmíocht láidir i gcomparáid leis na tosaíochtaí a bhí luaite inár straitéis roimhe seo, Ceangail Fhóinteacha – SFÉ a Fhorbairt 2021–2025. I rith thimthriall na straitéise deiridh, leanamar ar aghaidh le soláthar fola agus táirgí fíocháin sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil agus chuireamar dlús le príomhthionscnaimh a bheidh mar bhonn leis an obair a bheidh á déanamh againn amach anseo.

Deis úsáideach ba ea forbairt na straitéise nua chun machnamh a dhéanamh ar ár bpríomhchuspóir, ar na seirbhísí ríthábhachtacha atá á gcur ar fáil againn, ar an mbealach a bhfuil na seirbhísí sin á gcur ar fáil againn agus ar na luachanna a threoraíonn ár gcuid oibre gach lá. Tá tairbhe bainte ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannas as cur chuige comhoibríoch agus ionchuimsitheach maidir le forbairt na straitéise nua. Tá an straitéis nua bunaithe ar ghuthanna raon leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus táimid buíoch as an léargas agus as an saineolas a roinn gach duine a bhí páirteach sa phróiseas linn.

Cuireann ár straitéis leis an méid atá bainte amach go dtí seo agus leagtar amach inti an bóthar atá romhainn i dtimpeallacht atá bunaithe ar éagobhsaíocht dhomhanda mhéadaithe, níos mó ionchas ónár bpobail, costais níos airde agus níos mó éilimh ar sheirbhísí sláinte, riachtanais othair atá ag athrú, claochlú digiteach atá ag tarlú go tapa agus cumhacht sonraí chun cabhrú linn roghanna níos fearr a dhéanamh. Sa straitéis seo tugtar léargas ar an rogha straitéiseach a rinneadh chun ár mbunsraith a neartú chun a chinntiú go mbeimid in ann freagairt ar bhealach athléimneach do na fórsaí múnlaitheacha seo, agus ag an am céanna, díriú ar ár bpríomhchuspóir mar ghníomhaireacht iontaofa na hÉireann a bhfuil freagracht faoi shainordú uirthi as an soláthar fola. Tá an straitéis bunaithe ar cheithre phríomhréimse straitéiseacha, a bhfuil cuspóirí soiléire agus torthaí intomhaiste mar bhonn leo, eadhon:

> Ár mbonn deontóirí, táirgí agus seirbhísí a fhorbairt agus a éagsúlú chun freastal ar riachtanais athraitheacha othar agus ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte;

> Athléimneacht oibriúcháin a bharrfheabhsú chun a chinntiú go mbeidh bunsraith láidir ag tacú le fás inbhuanaithe;

> Ár bhfoireann oibre a ullmhú don todhchaí agus do na héilimh a bheidh ann amach anseo trí infheistíocht leantach a dhéanamh inár mbaill foirne, cultúr agus acmhainní;

> Dlús a chur le nuálaíocht spriocdhírithe trí thairbhe a bhaint as léargas taighde, comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus tionscadail phíolótachta atá á dtreorú ag fostaithe chun déileáil le dúshláin tosaíochta.

Is ionann an straitéis seo agus ár dtreochlár roinnte — a threoróidh ár dtreo fad is a bheimid ag freagairt do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. Táimid ag súil le bheith ag obair lenár ndeontóirí flaithiúla, ár bhfoirne ardoilte agus díograiseacha, agus ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta chun díriú ar uaillmhianta an phlean straitéisigh seo. In éineacht lena chéile, táimid tiomanta don straitéis seo a chur chun feidhme chun todhchaí níos sláintiúla a chinntiú, a bheidh cumhachtaithe ag gach deonachán saol-athraitheach.

Tháinig deireadh le téarma an Dr. Sarah Doyle ar an mBord le déanaí. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le Sarah as an obair a rinne sí ar mhaithe le SFÉ ó ceapadh í in 2018. Mar dhochtúir sláinte poiblí, bhí ar chumas an Dr. Doyle a saineolas a roinnt agus maoirseacht chliniciúil chriticiúil a dhéanamh ar obair SFÉ i rith tréimhse ina raibh athrú suntasach ag tarlú agus dúshláin shuntasacha le sárú ag an eagraíocht agus ag an tseirbhís sláinte trí chéile go deimhin.

Is eagraíocht uathúil í SFÉ. Á spreagadh ag ár POF, Orla O'Brien, tuigeann ár mbaill foirne go rímhaith an ról atá acu chomh fada is a bhaineann le fuil agus pláitíní a chur ar fáil do dhaoine atá thar a bheith buíoch do na deontóirí flaithiúla. Is fianaise iad ar ár misean: saol daoine a shábháil agus a fheabhsú trí sheirbhísí fola agus fíocháin ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhealach inbhuanaithe.

Ar deireadh, mar is iondúil, is mian liom buíochas a ghabháil lenár ndeontóirí. Nuair a thosaigh mise amach mar dheontóir fola thuig mé, go mícheart, go raibh deonacháin fola in úsáid den chuid is mó le haghaidh drochthimpistí agus cé go mbíonn fuil riachtanach chun saol daoine a shábháil sa chás seo, tuigim anois go bhfuil seirbhísí ag teastáil an t-am ar fad de bhrí go mbíonn fuil ag teastáil ó mháithreacha a shaolaíonn leanaí, othair ailse a bhfuil cóir leighis á cur orthu agus go leor daoine eile atá tinn agus atá ag brath ar fhuilaistrithe. Cabhraíonn deontóirí fola lena chinntiú gur féidir lenár gcuid ospidéal leanúint ar aghaidh le seirbhísí a chur ar fáil.

Thar ceann na bhfaighteoirí ar fad, agus gach duine atá ag obair in SFÉ, is mian liom BUÍOCHAS Ó CHROÍ a ghabháil libh.



**Deirdre-Ann Barr**
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánacha comhlachta Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 de réir Aguisín D den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna leasú.

1. Aithním go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Chomhlachta.
2. Ní féidir leis an gcóras de rialú inmheánach atá ag SFÉ ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach bunaithe chun rioscaí suntasacha a mbíonn ar SFÉ déileáil leo a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach agus trí nuashonruithe a fhaightear ón gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta.

    i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a réimsí gnó a aithint agus a mheas agus srianta cuí a cheapadh agus a chur ag obair. Déantar na rioscaí sin a mheas ar bhonn leanúnach agus b'fhéidir go mbeadh baint acu le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha ar a n-áirítear clistí ar rialuithe, cur isteach ar chórais fhaisnéise, tubaistí nádúrtha agus riachtanais rialúcháin agus chomhlíontachta.

    ii. Tagann an fhoireann bainistíochta le chéile faoi dhó sa mhí chun díriú ar shaincheisteanna agus rioscaí oibriúcháin agus chun an tslí a ndéantar iad a bhainistiú a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sa chás seo ná athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird, ar na rioscaí a bhaineann le gnóthaí SFÉ in éineacht leis an mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta, agus ar an gcóras gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí dá leithéid a bhainistiú, agus a gcuid torthaí maidir le ceisteanna suntasacha a chur ar fáil don Bhord tríd an bPríomhfheidhmeannach.

    iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar ceann na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair IBTS agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí sa chóras ar gá iad a fheabhsú, déanann an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a mheas.

    iv. Cuireann an Stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil don Choiste Airgeadais, ina bhfuil príomhtháscairí feidhmíochta.

    v. Tá creat rialaithe cuí i bhfeidhm agus tá nithe ann atá sainmhínithe go soiléir agus forchoimeádta lena bhfaomhadh ag an mBord nó, de réir mar a tharmligean an Bord iad ionas gur féidir leis an bhFeidhmeannas iad a fhaomhadh. Tá bainistíocht laethúil SFÉ tarmligthe ag an mBord agus tá teorainneacha iomchuí socraithe don Fheidhmeannas maidir le húdarú caiteachais. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm, rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh.

    vi. Go ginearálta, déantar monatóireacht ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos déanta orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird athbhreithniú ar réimsí faoi leith den rialú inmheánach mar chuid dá Théarmaí Tagartha.

    vii. Chinn SFÉ a feidhm iniúchta inmheánaigh a sheachfhoinsiú chuig gnólacht gairmiúil neamhspleách, a dhíríonn ar chlár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta. I rith 2025, chuir siad seacht n-iniúchadh inmheánacha i gcrích agus cuireadh na torthaí os comhair an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta. Chomh maith leis sin, buaileann na hIniúchóirí seachtracha leis an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta, ar bhonn bliantúil, nuair nach mbíonn an Feidhmeannas i láthair.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais de rialú inmheánach thar ceann an Bhoird. I ndiaidh tuarascáil a chur i láthair maidir leis an athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánacha agus an ráiteas faoin rialú inmheánach, curtha i gcrích ag an iniúchóir inmheánach, rinne an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo i ndáil le 2025 ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 17 Feabhra 2026. D'fhaomh an Bord na rialuithe inmheánacha ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 23 Feabhra 2026.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord tiomanta i dtaca leis na forálacha cuí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016 agus arna leasú i Meán Fómhair 2020.

Tá cód iompraíochta gnó bunaithe don Bhord agus tá cód iompraíochta d'fhostaithe bunaithe freisin. Tá an dá cheann acu ar fáil ar giveblood. ie. Tá an Bord tar éis glacadh le beartas taistil agus cothaithe mionsonraithe a bhfuil gach gné de bheartas taistil an Rialtais á chomhlíonadh aige.

Rinne Bord SFÉ athbhreithniú ar thuarascálacha ar rialuithe inmheánacha le linn na bliana mar aon le hathbhreithniú rialta ar thuarascálacha ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte maidir le rialuithe oibriúcháin agus comhlíonta rialála agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus ag obair i ndlúthpháirt le ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá SFÉ i ndiaidh na nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní a chomhlíonadh, mar a leagtar amach sa 'Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016' arna leasú. Tá gach oibleagáid ábhartha arna sainiú faoi dhlí cánachais na hÉireann á comhlíonadh ag SFÉ.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Tá clár ama aontaithe ag an mBord chun athbhreithniú a dhéanamh ar Théarma Tagartha Fhochoistí an Bhoird.

### Córas Feidhmithe an Bhoird

Páirteach sa Bhord tá 12 chomhalta lena n-áirítear Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ag an Aire Sláinte.

Bhuail comhaltaí an Bhoird le chéile sé huaire i gcomhair gnáthchruinnithe i rith na bliana. D'eagraigh an Bord cruinniú lae i mí na Bealtaine freisin chun díriú ar fhorbairt na chéad straitéise eagraíochta eile.

Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird ag cruinnithe an Bhoird le linn na Bliana:

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Deirdre-Ann Barr | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 / 6 |
| An Dr. Satu Pastila* | ✓ | ✓ | - | - | - | - | 2 / 6 |
| Ann O'Connor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 / 6 |
| Una Clifford | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 / 6 |
| Peter Dennehy | ✓ | ✓ | - | ✓ | - | ✓ | 4 / 6 |
| Kevin Gregory | ✓ | ✓ | ✓ | - | ✓ | ✓ | 5 / 6 |
| An Dr. Nina Orfali | - | ✓ | ✓ | ✓ | - | ✓ | 4 / 6 |
| An tOllamh Sharon Sheehan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 / 6 |
| An Dr. Sarah Doyle‡ | - | - | - | - | - | - | 0 / 6 |
| Stephen O'Hare | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 / 6 |
| Noel Beecher | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 / 6 |
| An Dr. Jean-Baptiste Thibert‡‡ | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4 / 6 |
| John Quinn** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | - | - | 4 / 6 |

*An Dr. Satu Pastla – chuir sí a téarma i gcrích ar an 5 Meitheamh 2025
**John Quinn – ceaptha ar an 7 Feabhra 2025
‡An Dr. Sarah Doyle – saoire bhreoiteachta
‡‡An Dr. Jean-Baptiste Thibert a ceapadh ar an 7 Meitheamh 2025

## Comhaltaí an Bhoird

An Cathaoirleach, Deirdre-Ann Barr
An Dr. Satu Pastila (chuir sí a téarma i gcrích ar an 5 Meitheamh 2025)
An Dr. Sarah Doyle
An tOllamh Sharon Sheehan
An tUasal Peter Dennehy
An tUasal Kevin Gregory
Una Clifford, Uasal
Ann O'Connor, Uasal
An tUasal Stephen O'Hare
An Dr. Nina Orfali
An tUasal Noel Beecher
An tUasal John Quinn (ceaptha ar an 7 Feabhra 2025)
An Dr. Jean-Baptiste Thibert (ceaptha ar an 7 Meitheamh 2025)

Faigheann gach comhalta faisnéis oiriúnach agus thráthúil, chun cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle neamhspleách, ghairmiúil oiriúnach de réir mar is gá. Tugtar aird ar threoirlínte a bhaineann le táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird a íoc.

| | |
|---|---|
| Deirdre-Ann Barr, Uasal | €11,970 |
| An tUasal Satu Pastila | €4,988 |
| An tUasal Kevin Gregory | €7,695 |
| An tUasal Peter Dennehy | €7,695 |
| An tUasal Stephen O'Hare | €7,695 |
| Una Clifford, Uasal | €7,695 |
| Ann O'Connor, Uasal | €7,695 |
| An tUasal John Quinn | €6,540 |
| An Dr. Jean-Baptiste Thibert | €6,982 |
| An tUasal Noel Beecher | €7,813 |

## An Cód um Chaiteachas Poiblí

Tá an Bord tiomanta d'fhorálacha an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus Ciorclán 14/21 Socruithe maidir le Maoirseacht ar Thionscnaimh Dhigiteacha agus TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a chomhlíonadh.

Tá modheolaíocht bainistíochta tionscadail curtha i bhfeidhm ag SFÉ, ar féidir í a chur in oiriúint, ag brath ar mhéid agus ar chastacht an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Forbartha Feidhmíochta

Déileálann an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha go sonrach le hábhair a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin. Tá beartas Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe á gcomhlíonadh ag an mBord. Tá treoirlínte maidir le híoc táillí stiúrthóirí á gcomhlíonadh ag an mBord freisin. In 2025 bhí tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh cothrom le €190,348. Páirteach i gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha an Bhoird tá beirt chomhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách seachtrach amháin. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2025.

**Tinreamh an Choiste FF**

| | Aibreán | Meán Fómhair | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Deirdre-Ann Barr, Uasal | ✓ | ✓ | 2 / 2 |
| Una Clifford, Uasal | ✓ | ✓ | 2 / 2 |
| Blathnid Evans, Uasal | - | ✓ | 1 / 2 |

## An Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíoch

Páirteach sa Choiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta tá cuid de na comhaltaí den Bhord a bhfuil cáilíochtaí leighis acu, chomh maith le baill foirne SFÉ ar comhairligh leighis iad, agus roinnt comhairleach leighis seachtrach. Bhuail comhaltaí an Choiste le chéile cúig huaire in 2025. Is í an fheidhm atá ag an gCoiste ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an leighis fuilaistriúcháin agus réimsí gaolmhara, comhaltaí an Bhoird a chur ar an eolas maidir le forbairtí den sórt sin agus comhairle a chur orthu faoi ghníomhaíocht chuí.

**Tinreamh CCL&E**

| Ainm | Márta | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig | 5 Chruinniú san Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| N Orfali | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| J-B Thibert[(1)] | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4 / 4 |
| S Pastila[(2)] | ✓ | - | - | - | - | 1 / 1 |
| S Doyle[(3)] | × | × | × | × | × | 0 / 5 |
| E McSweeney | ✓ | × | ✓ | × | ✓ | 3 / 5 |
| N O Flaherty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| K Morris[(4)] | × | × | - | - | - | 0 / 2 |
| S Ní Loingsigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| B Quill | × | × | × | × | × | 0 / 5 |
| R Hagan | ✓ | × | × | ✓ | ✓ | 3 / 5 |
| A Waters | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ | 4 / 5 |
| C DeGascun | × | × | × | × | × | 0 / 5 |
| S Thomas | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| A Godfrey | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| D Ó Donghaile[(5)] | - | - | × | ✓ | ✓ | 2 / 5 |
| P Williams | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| K Ryan | ✓ | ✓ | ✓ | × | × | 3 / 5 |
| O O'Brien[(6)] | ✓ | ✓ | ✓ | × | × | 3 / 5 |

1. Tháinig deireadh le Téarma Oifige an Dr. S Pastila ar an 6 Meitheamh 2025
2. Ceapadh an Dr. J-B Thibert ar an mBord ar an 7 Meitheamh 2025
3. Bhí an Dr. Sarah Doyle ar saoire neamhláithreachta in 2025
4. D'éirigh an Dr. Kieran Morris as a chúraimí leis an gCoiste i mí Lúnasa 2025
5. Ceapadh an Dr. D Ó Donghaile mar chomhalta i mí Mheán Fómhair 2025
6. Freastalaíonn an tUasal Orla O'Brien, POF ar CCL&E

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta ar an gcoiste chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, Ráitis Airgeadais Reachtúla agus cuntais bhainistíochta mhíosúla, Príomhtháscairí Feidhmíochta (PFanna) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus ar an sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Déanann an Coiste athbhreithniú ar mhaoiniú agus feidhmíocht chiste pinsin an Bhoird freisin. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht ábhartha. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha, a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

**Tinreamh an Choiste Airgeadais**

| | Feabhra | Bealtaine | Iúil | Meán Fómhair | Samhain | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal Kevin Gregory | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| Una Clifford, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| An tUasal Noel Beecher | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |

## An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird ar an gcoiste, chomh maith le beirt chomhaltaí neamhspleácha sheachtracha. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíochta, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíonta, an Stiúrthóir Táirgthe agus Seirbhísí Ospidéil, an Príomhoifigeach Faisnéise, an tIniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta, agus CP an Phríomhfheidhmeannaigh nó ionadaí a fheidhmíonn mar Rúnaí an Choiste i láthair freisin. Féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ní a bhaineann le cúrsaí airgeadais, riosca, rialála nó comhlíonta an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais Reachtúla bhliantúla, lena n-áirítear na beartais chuntasaíochta agus nótaí leis na ráitis airgeadais, comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus impleachtaí cuntasaíochta idirbheart mór, tuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh, tuarascálacha cáilíochta inmheánacha agus ó ÚRTS, agus bainistíocht riosca lena n-áirítear athbhreithniú ar an gclár rioscaí corparáideach. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar Ráitis Airgeadais Reachtúla an Bhoird. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta de réir téarmaí tagartha foirmiúla, a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

**Tinreamh an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta**

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Nollaig | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal Peter Dennehy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| Ann O'Connor, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | 4 / 5 |
| An tOllamh Sharon Sheehan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5 / 5 |
| An tUasal John Quinn | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4 / 5 |
| An tUasal Noel Beecher | ✓ | ✓ | Neamh-bhainteach | Neamh-bhainteach | Neamh-bhainteach | 2 / 5 |

## An Coiste Taighde agus Forbartha

Tháinig an Coiste Taighde agus Forbartha le chéile trí huaire le linn na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Taighde agus Forbartha IBTS. Páirteach sa Choiste tá beirt chomhaltaí den Bhord agus seisear comhaltaí seachtracha neamhspleácha. I láthair ag an gCoiste Taighde agus Forbartha bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, Ceann an Taighde agus na Nuálaíochta, agus oifigeach cumarsáide agus riaracháin Taighde agus Forbartha a fheidhmíonn mar rúnaí an choiste.

**Taighde agus Forbairt Tinreamh an Choiste**

| | Aibreán | Lúnasa | Samhain | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal S O'Hare | ✓ | ✓ | ✓ | 3 / 3 |
| An tUasal P Dennehy | - | - | - | 0 / 3 |

## An Clár Rioscaí

Sa chlár rioscaí aithnítear cineálacha éagsúla rioscaí lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, clú, cliniciúla, TF, cibearshlándála, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, agus na rialuithe atá ann faoi láthair agus gníomhartha breise atá riachtanach chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú sa chás go dtugtar riosca faoi deara.

Ar leibhéal domhanda, tá na rioscaí a bhaineann le cibirionsaithe fós ag méadú rud a chiallaíonn nach raibh an dara rogha ag an eagraíocht ach pleananna a dhéanamh chun athléimneacht cibearshlándála a fheabhsú. Is próiseas leanúnach atá ann, atá a threorú ag an bPríomhoifigeach Faisnéise agus ag Bainisteoir Tionscadail Cibearshlándála ar leith, agus tá maoirseacht á déanamh ag an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta ar an obair.

Tá Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an gClár Rioscaí agus as socruithe teagmhasachta gnó. Tá tacar rioscaí bunúsacha aitheanta a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta agus an Bord monatóireacht orthu go rialta. I láthair na huaire, déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an gclár rioscaí. Tá rochtain iomlán ag an mBord ar an gClár Rioscaí ar bhonn fíor-ama.

Cinntítear leis an monatóireacht sin gur rioscaí agus rialuithe reatha atá sna rioscaí a shainaithnítear agus go ndéantar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

## Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin réasúnacha a dhéanamh, bíonn na Comhaltaí Boird ag súil, go réasúnach, go bhfuil dóthain acmhainní ag SFÉ chun leanúint i mbonn oibriúcháin sa neastodhchaí. Chuige sin, leanann siad ar aghaidh le húsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú. I bhfianaise an easnaimh phinsin agus na féidearthachta a bhaineann le tuilleadh athruithe, i ndiaidh an dáta tuairiscithe, ar luach shócmhainní agus dhliteanais na scéime pinsin, fad is a bhí meastóireacht á déanamh ag an mBord ar oiriúnacht choincheap an ghnóthais leantaigh i gcomhthéacs an tacair reatha de Ráitis Airgeadais, bhreithnigh sé luachálacha uile an chiste pinsin agus an tsreabhaidh airgid don tréimhse 12 mhí ó dháta faofa na ráiteas airgeadais agus tá sé den tuairim gur féidir leis an mBord a dhliteanais ar fad a chomhlíonadh lena n-áirítear scéim pinsin SFÉ a mhaoiniú nuair a bhíonn a leithéid dlite. Sna cúinsí sin measann an Bord go bhfuil coincheap an ghnóthais leantaigh oiriúnach chun na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialuithe inmheánacha in SFÉ agus as a éifeachtacht a athbhreithniú. San áireamh i gcóras de rialú inmheánach airgeadais an Bhoird tá na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a chur ar fáil maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- Taifid chuntasaíochta chuí a bheith á gcoinneáil agus faisnéis airgeadais iontaofa a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Cuireann sealbhóirí buiséid a síniú le buiséid aonair
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha údaraithe soiléir faofa ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Tá príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceálacha fíorúcháin agus rialuithe pasfhocail sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Orduithe ceannaigh arna síniú ag Bainisteoir Caidrimh Soláthair agus Soláthraithe nó ionadaí údaraithe
- Déantar foréileamh ar mhíreanna stoic trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Déantar gach sonrasc stoic a mheaitseáil go neamhspleách le Nótaí Earraí Isteach (NEI) agus orduithe ceannaigh stórais
- Déanann comhaltaí foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann cuntais iníoctha na seiceálacha fíoraithe ar shonraisc sholáthraithe.

Is eol don Bhord gur dearadh an córas de rialú inmheánach chun an riosca nach mbainfear na cuspóirí gnó amach a bhainistiú, seachas an riosca sin a dhíothú. Tá beartas frith-chalaoise forbartha ag an mBord. Ní féidir leis an rialú inmheánach ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a thabhairt i ndáil le míráiteas nó caillteanas ábhartha.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi FRS102.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Ceanglaítear ar an mBord faoi Ordú Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (Bunú), 1965, ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, de réir dhlí na hÉireann agus caighdeán cuntasaíochta is infheidhme, ina dtugtar léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Soláthar

Tá nósanna imeachta in úsáid ag SFÉ chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh.

I rith 2025, tabhaíodh caiteachas luach €508,788 i ndáil le seirbhísí ceannaigh meáin agus ní raibh na treoirlínte soláthair á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta ar baineadh tairbhe astu. Is amhlaidh a bhí mar gheall ar shíneadh breise lasmuigh de thréimhse chomhlíonta bhunaidh an chonartha soláthair, i gcomhair tréimhse shonraithe de réir na dtéarmaí agus coinníollacha céanna, chun cead a thabhairt straitéis earcaíochta deontóra nua a fhorbairt. Beidh aschur na straitéise seo mar bhonn le próiseas tairisceana nua a bhfuiltear ag obair air i láthair na huaire. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le seirbhísí meáin chun tacú le gníomhaíocht earcaíochta agus choinneála deontóirí agus an ról atá ag a leithéid de sheirbhísí i gcothabháil an tsoláthair fola náisiúnta, bhí an fhoireann bainistíochta den tuairim gur príomhbhreithniúchán oibriúcháin a bhí sa leanúnachas seirbhíse seo.

I rith 2025, tabhaíodh caiteachas luach €58,969 i ndáil le seirbhísí leictreacha agus ní raibh na treoirlínte soláthair á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta ar baineadh tairbhe astu. Is amhlaidh a bhí mar gheall ar thairiscint nár éirigh léi a d'éiligh síneadh a chur leis an gconradh a bhí ann cheana féin leis na téarmaí agus coinníollacha céanna ar feitheamh próiseas tairisceana nua a reáchtáil. Cuireadh an comórtas tairisceana nua i gcrích in 2025.

I rith 2025, thug an fhoireann bainistíochta deis faoi deara chun luach níos fearr ar airgead a fháil i ndáil le soláthar seirbhíse ar conradh fad is a bhí ceanglais oibriúcháin á gcomhlíonadh. I ndiaidh measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar na roghanna a bhí ar fáil roghnaíodh soláthraí eile, ar chostas €91,415, rud a chiallaigh go raibh costais shuntasacha á sábháil.

Ainneoin nach raibh an cur chuige soláthair ar baineadh tairbhe as ailínithe le ceanglais soláthair na heagraíochta, bhí an fhoireann bainistíochta sásta go raibh luach ar airgead curtha ar fáil aici, mar aon le costais oibriúcháin laghdaithe agus éifeachtúlachtaí seirbhíse feabhsaithe amach anseo.

## Diúscairt Sócmhainní

Níor diúscraíodh aon sócmhainn shuntasach in 2025.

## Nochtuithe Cosanta

Tá ceanglais á gcomhlíonadh ag SFÉ faoi Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, mar a nuashonraíodh in Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, agus dearbhaíonn sí go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) d'Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2025.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla (arna leasú)

Tá na ceanglais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, á gcomhlíonadh ag SFÉ. Chloígh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) go hiomlán lena hoibleagáidí comhlíonta faoi Alt 10(1A) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, ina sonraítear nach mór go mbeadh 20% den fhógraíocht ar fad a dhéanann comhlacht poiblí trí Ghaeilge agus nach mór 5% de bhuiséad fógraíochta iomlán comhlachta poiblí a chaitheamh ar mheáin Ghaeilge.

Chomh fada is a bhain leis an gceanglas 20% maidir le hábhair fógraíochta, shroich SFÉ 28.1% agus chomh fada is a bhain leis an gceanglas 5% i ndáil le caiteachas buiséid fógraíochta SFÉ, shroich SFÉ 5.97%

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

Coinníonn SFÉ samplaí fola cartlannaithe i gcomhair 10 mbliana. I ndiaidh próisis soláthair a eagrú, beidh an chartlann seo, a bhí á stóráil sa Ríocht Aontaithe, á tabhairt ar ais go hÉirinn chun í a stóráil.



**Deirdre-Ann Barr**
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



**Is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) 2025 a chur in bhur láthair, ina bhfuil léargas le fáil ar bhliain fhiúntach eile a bhuíochas dár ndeontóirí flaithiúla, foirne ardoilte agus comhpháirtithe a bhfuil meas againn orthu.**

Is fianaise í ár bhfeidhmíocht in 2025, an bhliain deiridh dár straitéis dar teideal ***Ceangail Fhóinteacha: SFÉ a Fhorbairt 2021 – 2025***, ar ghealltanas buan seirbhísí fola agus fíocháin den chéad scoth a chur ar fáil a fheabhsaíonn saol othar. Gach lá, braitheann othair agus a dteaghlaigh ar shábháilteacht, cáilíocht agus infhaighteacht ár dtáirgí agus is í flaithiúlacht ár ndeontóirí a chuireann ar ár gcumas an obair seo a athraíonn saol daoine a dhéanamh. Is iad ár ndeontóirí atá mar bhonn leis an tseirbhís a chuirimid ar fáil, agus táimid fíorbhuíoch díobh as tacú linn go leanúnach.

Cinntíonn saineolas, comhoibriú agus maoirseacht ár mball foirne, oibrithe deonacha, comhpháirtithe cúraim sláinte agus rialtóirí díograiseacha gur féidir linn na caighdeáin is airde cúraim agus rialachais a chinntiú. Mar is iondúil, bhí muid ag díriú ar rud ar leith: soláthar fola slán agus athléimneach a chinntiú, ár gcibear-athléimneacht a threisiú i dtimpeallacht riosca atá ag forbairt, agus príomhthionscnaimh straitéiseacha a chur i gcrích a chuireann ar chumas ár n-eagraíochta tionchar fadtéarmach a bheith aici agus barr feabhais seirbhíse a chinntiú.

Ar aon dul lenár príomhchuspóir, d'éirigh linn an soláthar fola náisiúnta a bhainistiú tráth a raibh níos mó éilimh ar Fhuilchealla Dearga (129,662 aonad eisithe in 2025) agus níos mó éilimh ar Phláitíní (24,027 aonad eisithe in 2025, 2.4% níos airde ná 2024). Ainneoin go raibh an soláthar fola Rh+ láidir agus cobhsaí, bhí uaireanta ann i rith na bliana nuair a bhíonn an t-éileamh ar Rh- níos airde ná an soláthar. D'eagraíomar trí fheachtas náisiúnta chun soláthar fola a chinntiú agus d'fhreagair ár ndeontóirí agus an pobal do na feachtais ar bhealach dearfach. Sa chás go mbíonn aon dúshlán ag baint le soláthar fola, tugaimid tús áite i gcónaí d'aon tionchar díobhálach ar chúram othair a chosc. Seachas srian a chur ar sholáthar in ospidéil, chuireamar obair i gcrích i gcomhpháirt le heagraíochtaí fola eile chun na hacmhainní luachmhara seo a roinnt agus chun bainistiú stoic a bharrfheabhsú de réir dea-chleachtais ar fud na hEorpa.

Sábhálann agus feabhsaíonn ár ndeontóirí saol daoine trí gach deonachán flaithiúil a úsáid.

Braithimid ar ár ndeontóirí deonacha chun dóthain deonachán a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais othar agus chun tacú le seirbhísí cúraim sláinte riachtanacha. Bímid i gcónaí buíoch den 77,627 deontóir fola agus do na deontóirí pláitíní ar fad a d'fhreastail ar ár gclinicí uair nó dhó in 2025 agus cuirimid fáilte chroíúil roimh an 12,151 deontóir fola nua agus roimh an 388 deontóir pláitín nua a tháinig chomh fada le ceann dár gclinicí den chéad uair in 2025.

Is buaicphointe na bliana iad ár searmanais ghradaim do dheontóirí i gcónaí. I rith na searmanas seo, tugtar deis d'fhaighteoirí buíocha a gcuid scéalta a roinnt linn, agus tugaimid aitheantas dár ndeontóirí dílse a shroicheann garspriocanna deonacháin suntasacha. In 2025, d'eagraíomar seacht shearmanas Gradaim do Dheontóirí ar fud na tíre, searmanas amháin i mBaile Átha Cliath ar Lá Domhanda na nDeontóirí Fola. Rinneamar ceiliúradh ar 931 deontóir iontach a shroich garsprioc speisialta - 50 deonachán, agus shroich 214 deontóir garsprioc speisialta eile freisin - 100 deonachán – sin fianaise ar éacht iontach, 12+ agus 25+ bliain faoi seach caite i mbun deonachán fola a thabhairt! Is bealach iad na searmanais seo chun smaoineamh ar ár bpríomhchuspóir agus deis iontach freisin chun buíochas pearsanta a ghabháil lenár ndeontóirí nach ndéanann dearmad ar dheonachán fola riamh. Chomh maith leis sin, thugamar aitheantas do 5 dheontóir a shroich garsprioc speisialta - 500 deonachán pláitín, deontóir amháin a thug 600 deonachán agus deontóir amháin a thug 700 deonachán. Tá ardmheas againn ar a ndílseacht agus tiomantas.

Tá SFÉ ag leanúint ar aghaidh ag dul in oiriúint do agus ag freagairt d'athruithe inár dtimpeallacht rialála agus reachtach. In 2025, tugadh tosaíocht straitéiseach do chibearshlándáil agus do SGF agus Treoir SGF-2 atá le teacht i bhfeidhm a chomhlíonadh. Bhí Bainisteoir Tionscadail ainmnithe freagrach as clár oibre struchtúrtha lena raibh torthaí sainithe soiléire luaite a raibh sé mar aidhm leo seasamh cibir-riosca SFÉ a fheabhsú agus athléimneacht chibearslándála trí chéile a threisiú.

Cinntímid go gcomhlíonann ár dtáirgí agus seirbhísí na caighdeáin rialála agus eiticiúla is airde i gcónaí trí chórais cháilíochta láidre agus feabhsú leanúnach meoin a chur san áireamh inár gcuid oibríochtaí ar fad. Bhí ár bhfoirne cáilíochta gnóthach in 2025 tráth ar tugadh méadú faoi deara ar líon na ngnáthchigireachtaí ÚRTS a bhí dlite mar gheall ar éilimh rialála mhéadaithe ar fud na heagraíochta. Bhí na leibhéil chomhlíonta a bhí luaite le gach cigireacht a rinne ÚRTS ar Eagraíochtaí Fola agus Fíocháin sásúil i gcomhair 2025.

Rinneadh dul chun cinn seasta i ndáil lenár dtionscadal caipitil ilbhliantúil a raibh sé mar aidhm leis Ionad SFÉ a athfhorbairt ar thailte Ospidéal Fhionnbharra i gCorcaigh. In 2025, cheapamar foireann dearaidh aonphointe agus bainisteoir tionscadail agus rinneamar breithmheas ar roghanna láithreáin. Táimid ag súil le bheith ag díriú ar an tionscadal suntasach seo le tacaíocht ón Roinn Sláinte agus ónár bpáirtithe leasmhara sna blianta amach romhainn.

In 2025, fad is a bhíomar ag díriú ar phunann mhór de thionscnaimh chasta, sháraigh ár n-uaillmhianta straitéiseacha ár gcumas obair ar leith a chur i gcrích. Chun déileáil leis sin, thacaigh ár bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin le plean feabhsaithe tionscadail a fhorbairt, a chuirfear chun feidhme in 2026, chun ár gcumas athraithe agus soláthair a threisiú.

Tá eolas faoi na héachtaí eile a bhaineann lenár Straitéis Chorparáideach, Straitéis Phearsanra agus Chultúir, Straitéis Taighde agus Forbartha, agus Straitéis TF, le fáil sa tuarascáil bhliantúil seo.

Ní féidir linn ár gcuid oibre a chur i gcrích gan saineolas agus díograis ár mball foirne. Cuireann ár 660 ball foirne ardoilte agus díograiseach obair i gcrích gach lá chun a chinntiú go mbeidh fuil ar fáil ar fud na tíre. Tá ár mbaill foirne an-bhródúil as an obair a dhéanaimid ar mhaithe lenár ndeontóirí agus othair.

I mbliana, tugadh aitheantas dár bhfoireann ar an ardán náisiúnta, agus bronnadh an duais d'Eagraíocht Cúraim Sláinte na Bliana 2025 ar ár bhfoireann ag Gradaim Cheannaireachta Athraithe Aeráide na hÉireann, agus chomh maith leis tugadh aitheantas dár bhfoireann ag Gradaim Barr Feabhais san Ionad Oibre, bronnadh Gradaim do Bharr Feabhais sa Mheabhairshláinte agus san Ionad Oibre agus Gradam Fhoireann na Bliana (Táirgeadh) uirthi.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord, dár gCathaoirleach, Deirdre-Ann Barr, as an treoir, léargas agus tacaíocht ar fad i rith na bliana. Soláthraíonn a gceannaireacht siúd soiléire chomh fada is a bhaineann le cuspóir agus rialachas láidir tráth a bhfuil níos mó castachta ná riamh le tabhairt faoi deara ar fud ár n-earnála. Táim fíorbhuíoch den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus dár mbaill foirne ar fad as an díograis, gairmiúlacht agus teacht aniar atá léirithe acu. Tá a saineolas agus díograis siúd mar bhonn le láidreacht ár n-eagraíochta agus caighdeán na seirbhíse atá á cur ar fáil againn. Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin don 15 chomhghleacaí a chuaigh ar scor agus iad siúd a chur críoch lena dtéarmaí seirbhíse i rith na bliana. Is mian liom buíochas a ghabháil leo as an obair dhílis agus luachmhar a rinne siad, agus as an tionchar marthanach a bhí acu ar ár n-eagraíocht. In 2025, cailleadh beirt chomhghleacaí dár gcuid i ndiaidh dóibh a bheith tinn, agus is mian linn ár gcomhbhrón a chur in iúl dá dteaghlaigh, cairde agus do bhaill uile fhoirne Cheatharlach agus Luimnigh.

Tá ról lárnach ag caidreamh láidir, comhoibríoch lenár bpríomhpháirtithe leasmhara sa rath a bhíonn ar ár gcuid oibre. Is mian liom buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe cliniciúla agus ospidéil as leanúint ar aghaidh ag comhoibriú linn chun barr feabhais a chinntiú chomh fada is a bhaineann le cúram othair agus torthaí sláinte feabhsaithe. Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach atá á tabhairt ag an Aire don obair mar aon leis an rannpháirtíocht chuiditheach leis an Aire agus le hoifigigh sa Roinn Sláinte, agus lenár gcomhghleacaithe san Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS). Tá ról lárnach ag ár gcontrapháirteanna agus comhpháirtithe Eorpacha sa Chomhghuaillíocht Eorpach Fola chomh fada is a bhaineann le dea-chleachtas, eolas agus saineolas a mhalartú, agus cur lenár gcumas agus tionchar comhchoiteann.

I rith 2025, bhain an Bord agus an Feidhmeannas tairbhe as cur chuige comhoibríoch agus ionchuimsitheach maidir le forbairt ár gcéad ráiteas Straitéise nua. Tá an straitéis nua bunaithe ar ghuthanna raon leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus táimid buíoch as an léargas agus as an saineolas a roinn gach duine a bhí páirteach sa phróiseas linn. In **Todhchaí Níos Sláintiúla – Straitéis SFÉ 2026 – 2030** leagtar amach treo nua i gcomhair na mblianta amach romhainn. Cuireann ár straitéis leis an méid atá bainte amach go dtí seo agus leagtar amach inti an bóthar atá romhainn i dtimpeallacht atá bunaithe ar éagobhsaíocht dhomhanda mhéadaithe, níos mó ionchas ónár bpobail, costais níos airde agus níos mó éilimh ar sheirbhísí sláinte, riachtanais othair atá ag athrú, claochlú digiteach atá ag tarlú go tapa agus cumhacht sonraí chun cabhrú linn roghanna níos fearr a dhéanamh. In Todhchaí Níos Sláintiúla tugtar léargas ar an rogha straitéiseach a rinneadh chun ár mbunsraith a neartú chun a chinntiú go mbeimid in ann freagairt ar bhealach athléimneach do na fórsaí múnlaitheacha seo, agus ag an am céanna, díriú ar ár bpríomhchuspóir mar ghníomhaireacht iontaofa na hÉireann a bhfuil freagracht faoi shainordú uirthi as an soláthar fola. As seo go ceann bliana, tá mé ag súil le bheith ag obair lenár ndeontóirí flaithiúla, foirne díograiseacha agus comhpháirtithe cúraim sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta chun todhchaí níos sláintiúla a chinntiú d'othair ar fud na hÉireann, á cumhachtú ag gach deonachán saol-athraitheach.



**Orla O'Brien**
Príomhfheidhmeannach

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíochta



Bhí bliain ghnóthach eile ag an Stiúrthóireacht Leighis agus Eolaíochta in SFÉ in 2025, agus bhí iarracht leanúnach á déanamh na seirbhísí atá á dtairiscint againn a fheabhsú agus an tacaíocht atá á cur ar fáil againn dár n-úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú.

## Soláthar Fola

I mbliana leanadh ar aghaidh leis an treocht ar tarraingíodh aird uirthi roimhe seo - níos mó éilimh ar fhuillchealla dearga in Éirinn. D'oibríomar lenár gcuid ospidéal i mbliana chun na cúiseanna a bhí leis seo a oibriú amach, agus chun díriú ar an méid is dócha a bheidh ag tarlú amach anseo.

Tá mé fíorshásta leis an tacaíocht atá á cur ar fáil againn don tseirbhís sláinte agus is léir ó na tuairiscí ó na réigiúin ar fad go bhfuil ospidéil ag cur anois lena gcumas in obrádlanna, go bhfuil teicnící máinliachta feabhsaithe in úsáid acu, go bhfuil cóireáil ailse nua-aimseartha á cur ar fáil acu agus go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ngnáthamh haemaiteolaíocha. Ainneoin go gcuireann sé sin leis an éileamh atá ar tháirgí fola, ciallaíonn sé go bhfuil an chóireáil atá ag teastáil ó níos mó othar in Éirinn á fáil acu. Tá níos lú othar ag fanacht, agus tá rochtain ar theiripe sábhála beatha ag feabhsú.

Táimid ag súil go mbeidh an t-éileamh seo ag leanúint ar aghaidh ag méadú as seo go ceann cúig bliana bunaithe ar ár samhaltú, agus tá pleananna á ndéanamh againn don soláthar fola amach anseo chun freastal ar riachtanais othar in Éirinn.

## An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriú (NTAG)

Bhí cruinnithe rialta ag GCNF i mbliana, i ndiaidh sos a ghlacadh i ndiaidh COVID-19. Ainneoin nach eagraíocht de chuid SFÉ é GCNF, is muide na príomhbhaill den Ghrúpa seo agus is bealach riachtanach atá ann chun dlús a chur leis an úsáid, agus leis an rochtain, is fearr agus is féidir ar tháirgí fola in Éirinn. I rith 2025, tharraingíomar aird ar roinnt réimsí ina bhféadfaimis úsáid fuilcheall dearg a fheabhsú, lena n-áirítear: úsáid a bhaint as an bhfuilghrúpa O RhD diúltach (aitheanta in 2024), cinneadh a dhéanamh maidir le haois daoine atá in aois páiste a bheith acu atá oiriúnach le haghaidh fuilaistriú, síneadh a chur le seilfré comhábhar nuabheirthe d'úsáid éigeandála agus athródú comhábhar ceall dearg chun cur amú mar thoradh ar dhul in éag a chosc.

Leanfaimid ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhghleacaithe in GCNF chun dlús a chur le Bainistíocht Fola Othair sna blianta amach romhainn.

## An Bonn Deontóirí a Éagsúlú agus Deontóirí Neamhchoitianta a Aithint

I rith 2025, leanamar ar aghaidh lenár gcuid iarrachtaí chun tacú le héagsúlú ár mboinn deontóirí. Is léir dúinn, mar gheall ar na táirgí atá á n-eisiúint againn, go bhfuil níos mó éilimh ar fhuil atá meaitseáilte go cruinn, agus go minic bíonn orainn meaitseáil a dhéanamh le haghaidh cineálacha fola nach mbíonn le fáil go coitianta i measc an phobail go ginearálta.

Chun tacú leis an gclár seo, tá tús curtha againn leis an bpróiseas a bhaineann le deontóirí a bhfuil cineálacha antaigine neamhchoitianta acu a aithint, agus iad seo a thiomsú agus é beartaithe againn Clár Foirmiúil do Dheontóirí Neamhchoitianta a sheoladh in 2026. In 2025, rinneamar teagmháil lenár ndeontóirí ar fad a bhfuil cineál Rh neamhchoitianta acu (R0), a bhíonn ag teastáil chun neamhoird fola áirithe a chóireáil, chun iad a spreagadh chun fuil a dheonú chomh minic agus is féidir. Tá maoiniú don Chlár Deontóirí Neamhchoitianta bunaithe againn freisin, agus tá críoch curtha againn le beartú tosaíochta spriocanna an chláir.

## Seirbhísí Saotharlainne

Laistigh dár seirbhísí saotharlainne, tá críoch curtha le clár bailíochtaithe 3 bliana a bhí dírithe ar chomh-mheasúnacht nua do scagthástáil víreasach. Tá Ultrioplex-E in úsáid seachas an córas a bhí in úsáid againn roimhe seo chun samplaí deontóra a phróiseáil laistigh de SFÉ trí thástáil aigéid núicléasaigh. Déanann an teicneolaíocht seo scagthástáil chomhuaineach ar fhuil ónár ndeontóirí chun fianaise ar VEID, Heipitíteas B, Heipitíteas C agus Heipitíteas E a fháil. Bhí an t-athrú seo mar bhonn leis an méid ama a thóg sé orainn an obair seo a dhéanamh a laghdú 30%, an méid ama a thógann sé deonacháin a chur ar fáil d'othair a bhfuil a leithéid ag teastáil uathu a laghdú, úsáid imoibrí a laghdú 50% agus ár n-éifeachtúlacht laistigh dár bhfoireann saotharlainne a fheabhsú.  cháilíocht na tástála a rinneadh.

Tá tús curtha againn leis an bpróiseas a bhaineann lenár dtreochlár tástála as seo go ceann cúig bliana a phleanáil, a bheidh bunaithe ar an ngá atá ann an bonn deontóirí a éagsúlú agus dul i ngleic le dúshláin a chuireann cosc ar dheontóirí ó dheonachán fola a dhéanamh. Is é an aidhm atá againn úsáid a bhaint as an teicneolaíocht atá ar fáil chun scagthástáil a dhéanamh ar shamplaí deontóirí.

## Taighde agus Forbairt

Tá an roinn T&F ag fás fad is atáimid i mbun oibre le heolaithe ar fud na hÉireann agus na hEorpa. Táimid ag obair ar 24 tionscadal anois nó tá pleananna déanta agus tá 19 fhoilseachán curtha isteach nó foilsithe againn. Tá breis is €4 mhilliún faighte againn i bhfoirm deontas seachtrach chun tacú le taighde atá á dhéanamh ag SFÉ agus chuir sé sin ar ár gcumas cur lenár mbonn foirne buan agus pleananna a dhéanamh chun ár spás Taighde, Oideachais agus Nuálaíochta (TON) a athchóiriú.

Táimid ag leanúint ar aghaidh le tús áite a thabhairt do thaighde a rachaidh chun tairbhe deontóirí agus faighteoirí, trí staidéar a dhéanamh atá bunaithe ar shláinte agus spreagadh deontóirí agus comhoibriú le heagraíochtaí fola eile chun cáilíocht ár dtáirgí fola a bharrfheabhsú.

I mbliana, rinneamar athbhreithniú ar ár bpróiseas toilithe chun ár gcomhlíonadh rialála a fheabhsú agus chun pleananna a dhéanamh do na riachtanais a bheidh ag eolaithe in Éirinn amach anseo. Mar thoradh ar an bpróiseas seo d'athraíomar ó úsáid a bhaint as cisil bhánbhuí ó fhuil deonaithe go dtí cóin aifiréise i ndiaidh deonacháin pláitíní nuair a bhíonn taighdeoirí sa tóir ar fhuilchealla bána d'úsáid taighde. Cuireann sé sin ar ár gcumas an soláthar táirgí do thaighde a chaomhnú de bhrí go mbíonn níos mó ciseal bánbhuí in úsáid againn chun linnte pláitíní a chruthú d'othair agus chun úsáid níos fearr a bhaint as an mbronntanas a thugann ár ndeontóirí dúinn.

## Tuairimí deiridh

I mbliana tugadh roinnt tionscadal fadtéarmach chun críche laistigh de SFÉ, agus tá sé beartaithe roinnt tionscadal eile a chur i gcrích in 2026 agus ina dhiaidh sin. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hiarracht a dhéanamh a bheith ag feidhmiú mar an tseirbhís fola is sábháilte agus is éifeachtaí ar mhaithe lenár ndeontóirí agus othair, agus tá súil agam in 2026 go mbeidh mé in ann a chur in iúl go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leis an obair seo a chur i gcrích go rathúil.



**An Dr. Andrew Godfrey**
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta
UCL 527106

# Seirbhísí agus Bailiúcháin Deontóra

## Gradaim na nDeontóirí

| | 50 | 100 | Líon na Searmanas |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 104 | 13 | 1 |
| Luimneach | 182 | 9 | 1 |
| Baile Átha Fhirdhia | 102 | 17 | 1 |
| Corcaigh | 161 | 40 | 1 |
| Tuaim | 128 | 23 | 1 |
| Baile Átha Cliath | 254 | 112 | 2 |
| Iomlán | 931 | 214 | 7 |

## Go-Ahead Éireann


I mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2025, thacaigh Go-ahead Éireann lenár bhfeachtas “Kill Time” ar a ghréasán bus i mBaile Átha Cliath. Tarraingíodh aird aon mhilliún paisinéirí ar an bhfeachtas gach mí agus baintear úsáid as suíomh uathúil an taistil ar bhus chun daoine a spreagadh chun a n-incháilitheacht a sheiceáil ar líne trína bhfóin a úsáid. Chomh maith leis sin, thacaigh siad linn trí fhógraíocht sheachtrach bhreise ar chuid dá mbusbhealaí. Bhí imreoirí CLG Bhaile Átha Cliath i gcomhluadar Go-Ahead Éireann ar lá an tseolta.



## Tá Gach Braon Tábhachtach - Feachtas Oisín

Seoladh feachtas Oisín go náisiúnta i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna 2025 agus i láthair ar an lá bhí baill dá theaghlach, cairde agus imreoirí CLG Cheatharlach. I láthair ar an lá freisin bhí imreoirí CLG cáiliúla, John McGrath (Foireann Iománaíochta Thiobraid Árann), Dervla Higgins (Foireann Camógaíochta na Gaillimhe), Sam Mulroy (Foireann Peile Lú) agus Carla Rowe (CPB Bhaile Átha Cliath).









## Lá Deontóra Fola an Domhain

Bhí foirgnimh cháiliúla lasta dearg arís in 2025 ag roinnt mhaith comhpháirtithe agus eagraíochtaí. Ghlac breis is 34 láithreán suntasach ar fud na tíre páirt san imeacht, lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath, Caisleán Chill Chainnigh, Áras Contae Chorcaí agus Carraig Phádraig. Thacaigh CSTGT linn freisin trí bhratach a chrochadh i Halla na Saoirse a raibh an méid seo a leanas scríofa air, "Tá Deonacháin Fola Fíorthábhachtach". Léirítear san íomhá an tábhacht a bhíonn le deonacháin fola i saol daoine áirithe. Dhírigh na teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta ar ghrianghraif dár bhfoirne clinic agus ar an gceiliúradh a rinne foireann an Ionaid Náisiúnta Fola ar Lá Domhanda na nDeontóirí Fola. Bhí an ráta rannpháirtíochta is airde ar Instagram i rith na bliana luaite leis na híomhánna seo. Bhaineamar tuilleadh tairbhe fós as an rannpháirtíocht seo trí chomhordú le deontóirí agus faighteoirí roimh ré, agus trí iad a spreagadh chun a dtaithí phearsanta féin ar dheonachán fola ar an lá a roinnt.



**Stáisiún an Cheanntaigh, Corcaigh**




**Stáisiún Cholbaird, Luimneach**




**Gaillimh**



## Bainc Chumhachta

D'oibrigh SFÉ le ChargePod a sholáthraíonn stáisiúin chíosa banc cumhachta fóin chliste atá éasca le húsáid, a chuireann ar chumas daoine tairbhe a bhaint as cumhacht nuair a bhíonn siad ag dul ó áit go háit. Suite go straitéiseach in ospidéil agus i limistéir eile ar fud na tíre ina mbíonn go leor tráchta, is féidir le daoine bainc chumhachta a fháil ar cíos a bhaineann leis an bhfeachtas “lifeline”.




## Coláistí


Rinneadh forbairt ar fhor-rochtain mac léinn trí fhógraíocht dhigiteach agus trí thacaíocht mharsantachta i gcampais mhóra, lena n-áirítear COBÁC, OCBÁC agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. San áireamh anseo bhí ábhair fógraíochta a dháileadh in 24,850 Pacáiste do Mhic Léinn Chéad Bhliana in institiúidí cosúil le Coláiste na Tríonóide, OTS agus Ollscoil na Gaillimhe.

## Clár Fógraí na Samhna i Halla na Saoirse

D'oibrigh SFÉ i gcomhpháirt le CSTGT arís a chuir spás fógraíochta feiceálach ar fáil i Halla na Saoirse i mí Dheireadh Fómhair, áit ar raibh teachtaireacht na Samhna ar taispeáint go soiléir i gcomhair breis is coicís.

## Cor Poist O Diúltach

Tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le 'go raibh maith agat' a rá trínár gcor poist díreach a seoladh chuig 18,500 deontóir O diúltach i mí na Samhna. Bhí muid ag iarraidh aitheantas a thabhairt d'fhlaithiúlacht leanúnach na ndeontóirí seo. Tá an chuma ar an scéal gur gnáthchlúdach litreach atá ann ach tarlaíonn rud éigin dochreidte nuair a osclaítear é, tarraingítear aird an deontóra ar an tionchar dáiríre a bhíonn ag a d(h)eonachán. Taobh istigh tá teachtaireacht bhuíochais ina bhfuil béim á leagan ar an litir “O” chun aird a tharraingt ar an tábhacht uilíoch a bhaineann le fuil O diúltach.





## Nollaig

I rith shéasúr na Nollag dhírigh SFÉ ar scéalta maidir le beatha daoine a sábháladh a insint, chun a chinntiú gur mhothaigh ár ndeontóirí cosúil le laochra ag am Nollag. Dearadh an straitéis 'buíochais' seo chun aitheantas a thabhairt dá fhlaithiúlacht agus chun deontóirí a spreagadh chun a gcéad choinne eile a chur in áirithe.




## Feachtas na bPláitíní ar na Meáin Shóisialta

Ba é an aidhm a bhí le feachtas meán sóisialta a eagraíodh i dtrí chuid in 2025 ná feasacht ar dheonachán pláitíní mar chuid de chóireáil ailse a mhúscailt. Bhí an feachtas seo dírithe ar fhir a bhí idir 25-55 bliain d'aois i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh (raon +40km). Chuireamar físeán gearr i dtoll a chéile freisin maidir le deontóir pláitíní inár gclinic i mBaile Átha Cliath.


## Rannpháirtíocht leis an bPobal

Leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí rannpháirtíochta leis an bpobal i rith na bliana trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí ar tugadh cuireadh do dhaoine freastal orthu, i ndiaidh aiseolas dearfach a fháil ó dheontóirí agus ón bpobal. Is é an aidhm atá leis na himeachtaí seo feasacht maidir le deonachán fola a mhúscailt. Bhí seastáin againn ag an Aonach Toirchis agus Babaithe, An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Bród Bhaile Átha Cliath agus Lá na hAfraice, a chabhróidh linn chun ár bpainéal deontóirí a éagsúlú agus chun a chinntiú go mbeidh sé meaitseáilte níos fearr le bonn othar athraitheach na hÉireann. Chomh maith leis sin, ghlac ár bhfoirne réigiúnacha páirt in go leor gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear cruinnithe clubanna spóirt áitiúla, promóisin in ionaid siopadóireachta agus imeachtaí líonraithe gnó agus cur i láthair corparáideacha.








## Eolas maidir le Deontóirí bunaithe ar Fhuilghrúpa





## Eolas maidir le Deontóirí bunaithe ar Aois agus Inscne




## Deontóirí bunaithe ar Inscne




## Líon Iomlán Deonachán



# Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Slabhra Soláthair, Iompar, Tacaíocht Eolaíochta agus Forbairt Comhábhar

Príomhéachtaí:

- Aistríodh go héifeachtach chun plasma ó dheontóirí Éireannacha d'fhuilghrúpaí O, A agus B a chur ar fáil d'ospidéil.
- Cuireadh barr feabhais ar an bpróiseas a bhain le plasma a chur ar fáil chun táirgí míochaine a tháirgeadh agus baineadh amach ráta diúltaithe de <3% le haghaidh plasma nach raibh oiriúnach do chodánúchán.
- Cuireadh ionadú busanna na foirne clinic i gcrích agus leanadh ar aghaidh leis an aistriú go dtí feithiclí a bhféadfaí breosla POH a úsáid iontu. Tá thart ar 65% de bhreosla POH in úsáid i bhflít iomlán SFÉ anois.
- Leanadh ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar chóras ordaithe fola ar líne nua, atá le húsáid ag SFÉ agus ag ospidéil atá comhtháite sa chóras bainistíochta fola atá in úsáid i láthair na huaire.
- Caomhnaíodh stoic fola ar fud an tslabhra soláthair, a d'fhág go raibh fuil agus táirgí fola ar fáil chun freastal ar riachtanais othar.
- Rinneadh obair le comhpháirtithe cúraim sláinte inmheánacha agus seachtracha le húsáid na gcomhábhar fola a uasmhéadú agus a bharrfheabhsú le haghaidh na ngrúpaí othar ar fad.
- Leanadh ar aghaidh le trealamh próiseála fola ríthábhachtach a ionadú chun tacú le hacmhainn phróiseála den chéad scoth agus le dea-chleachtas oibriúcháin san INF agus in Ionad Chorcaí.
- Cuireadh obair i gcrích le comhpháirtithe taighde inmheánacha agus seachtracha chun dlús a chur le forbairt comhábhar fola feabhsaithe.

Tá an fheidhm Táirgthe Comhábhar freagrach as gach deonachán lánfhola, linn pláitíní agus deonachán aifiréise pláitíní a fhaightear go náisiúnta a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce.

Tá an fheidhm Seirbhísí Ospidéil freagrach as fardal a bhainistiú agus ordaithe fola agus orduithe táirgí fola a fháil ó ospidéil agus a eisiúint chucu.

Tá freagracht ar na feidhmeanna Slabhra Soláthair & Lóistíochta as tacú le riachtanais inmheánacha agus seachtracha gnó.

Tá an Fhoireann don Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar freagrach as gach táirge pláitíní, táirge fola iomláine neamhghnáthaimh agus táirge fuilchille deirge a eisítear ó NBC a bhainistiú. Cuireann an fhoireann sin tacaíocht eolaíoch ar fáil go laethúil freisin le haghaidh ranna éagsúla agus tá an fheidhm forbartha táirgí mar chuid dá ról.


## Gníomhaíocht Comhábhar Fola

Tugadh ardú ar líon na bhfuilcheall dearg (+0.9%) agus pláitíní (+2.4%) eisithe chuig ospidéil in 2025 faoi deara i gcomparáid le 2024.


## Gníomhaíocht i dtaca le Táirgí Míochaineacha

Tugadh méadú faoi deara ar LG-Octaplas eisithe in 2025 (+24.4%) mar aon le méadú ar chomhdhlúthúchán fibrinigine eisithe in 2025 (+13.4%), i gcomparáid le 2024.


### Fuilchealla Dearga Eisithe 2021 - 2025




### Pláitíní Eisithe 2021 - 2025




### Saincheisteanna LG-Octaplas agus Fibrinigine 2021 - 2025



# Tástáil

## An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (SNSD)

Cuimsíonn an SNSD na trí shaotharlann tástála deontóirí: Grúpáil Deontóirí Uathoibrithe (GDI), Víreolaíocht agus Tástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN). Ciallaíonn an fiontar comhoibrithe suntasach seo idir na trí shaotharlann tástála deontóirí gur féidir anailís sreafa oibre éifeachtach a dhéanamh, úsáid straitéiseach a bhaint as príomhphearsanra eolaíochta, pearsanra eolaíochta a uasoiliúint i ndisciplíní eolaíochta éagsúla, níos mó taighde agus forbairt a dhéanamh i ngach réimse agus cur leis na seirbhísí tástála atá ar fáil do SFÉ.

I measc na bpríomhéachtaí a bhain an SNSD amach in 2025, áirítear:

> Chuir saotharlann TAN córas tástála nua chun feidhme ina gcuimsítear measúnacht scagtha deonacháin nua, Procleix © UltrioPlex E (UPxE), mar aon le cúig anailíseoir nua, Panthers ina bhfuil ART (Grifols Diagnostics). Cuireadh tús le húsáid a bhaint as meánearraí bainistíochta New Results i saothar TAN freisin;

> Bhailíochtaigh na saotharlanna Víreolaíochta agus TAN a gcuid ardán tástála chun críche samplaí fola corpáin a thástáil. Príomhchéim a bhí ansin chomh fada is a bhain le banc súl SFÉ a athbhunú;

> Lean an tSaotharlann Víreolaíochta lena comhpháirtíocht leis an Aonad Séireipidéimeolaíochta (AS) sa Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (LFCS) i dtaca le Clár Náisiúnta Séireafhaireachais COVID19 a bhfuiltear fós ag leanúint ar aghaidh leis;

> Chuir an tsaotharlann GDI tús le Feinitíopáil Stairiúil Deontóirí. Cabhróidh an tionscnamh seo chun fardal feinitíopáilte leathnaithe iomlán a chur ar fáil. Laghdóidh sé seo na costais a bhaineann le feinitíopáil a bhíonn le híoc ag an eagraíocht agus úsáideoir deiridh agus laghdóidh sé na moilleanna fuilaistrithe a mbíonn ar othair a bhfuil riachtanais fola chasta feinitíopáilte acu déileáil leo;

> Lean GDI ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar an mbonn deontóirí neamhchoitianta trí fheinitíopáil spriocdhírithe. Aithníodh na deontóirí neamhchoitianta seo a leanas in 2025:
>
> - rinneadh scagthástáil ar 20,846 deontóir don antaigin Kpb, agus aithníodh deontóir amháin
> - rinneadh scagthástáil ar 19,905 deontóir don antaigin Lub, agus aithníodh 20 deontóir Lub
> - rinneadh scagthástáil ar 117 deontóir den chine gorm don fheinitíopa Fya-b, agus aithníodh 96 deontóir
> - rinneadh scagthástáil ar 126 deontóir den chine gorm don antaigin U, agus aithníodh deontóir U amháin.

> Oiliúint agus rannpháirtíocht i bhfoireann iniúchta inmheánach bunaithe ar cheanglais EIC (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán);

> Sholáthair cothabháil agus cur chun cinn an chláir thrasoiliúna, le tacaíocht ón Oifigeach Oiliúna agus Oideachais, tacaíocht ilréimsiúil idir na foirne sna trí roinn rud a chabhraigh go mór le foireann aontaithe agus chomhoibríoch a chruthú sa SNSD;

> D'éirigh le SNSD an Deimhniúchán Glas is airde le My Green Lab a choinneáil, eagraíocht neamhbhrabúis atá ina ceannródaí chomh fada is a bhaineann le hinbhuanaitheacht saotharlainne dhomhanda a fheabhsú.

**Foilseacháin agus Cuir i Láthair SNSD:**

> Scagthástáil do víreas Heipitíteas E i ndeontóirí fola Éireannacha: Tá fianaise ar ionfhabhtú go minic i measc deontóirí fola le fáil i ndiaidh seacht mbliana a chaitheamh i mbun tástála aigéid núicléasaigh ar dheonachán aonair—ach cén riosca a bhaineann lena leithéid? O'Flaherty et.al. Transfusion Medicine. 2025; 1-11

> Tús a chur le Tástáil Mhaláire in SFÉ: Céim i dtreo soláthair fola níos éagsúla agus níos inbhuanaithe. Curtha i láthair ag comhdháil CESBD in Wijk aan Zee, An Ísiltír

> Séirealeitheadúlacht Cítimeigilivíris i nDeontóirí Fola Éireannacha. Cur i láthair póstaeir ag comhdháil BlooDHIT

> Dáileadh Eitneachtaí Deontóra Neamhgheala i nDaonra Deontóirí na hÉireann. Curtha i láthair ag comhdháil CESBD in Wijk aan Zee, An Ísiltír

> Aistear i dTreo na hInbhuanaitheachta Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Cur i láthair póstaeir ag Comhdháil Biomedica Aibreán 2025

> Aistear i dTreo na hInbhuanaitheachta Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Curtha i Láthair ag CIFA Milano Meitheamh 2025.

**Gníomhaíocht Saotharlainne SNSD:**

In 2025, rinne SNSD tástáil ar 142,311 deonachán, agus bhain 133,742 le deontóirí athfhillteacha (94%) agus bhain 8569 (6%) de na deonacháin seo le deontóirí céaduaire. Lena chois sin, rinneadh tástáil ar 2147 deontóir nua nár thug ach sampla.

Rinneadh gach deonachán a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- GDI: ABO/Rh, feinitíopa Rh leathnaithe (CcEe), scagthástáil antasubstainte deontóra agus títear ard A/B;
- Víreolaíocht: Láithreacht antasubstainte i ndáil le Víris Easpa Imdhíonachta Dhaonna (frith-VEID 1 / 2), antasubstaint i ndáil le víreas Heipitíteas C (frith-VHC), antasubstaint i ndáil le víreas T-Limfeatrófach Daonna chineál I agus II (frith-VTLD-I / II), antasubstaint i ndáil le croíleacán Heipitíteas B (frith-CHB), Antaigin dromchla Heipitíteas B (ADHB), antasubstaint i ndáil le Treponema Pallidum (Sifilis);
- TAN: Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna chineál 1 agus 2 (VEID-1/2), víreas Heipitíteas C (VHC) agus víreas Heipitíteas B (VHB), víreas Heipitíteas E (VHE).

Rinneadh tástálacha le haghaidh na rudaí seo a leanas ar dheonacháin roghnaithe:

- GDI: Cineálacha breisithe antaigine, haemaglóibin S, scagthástáil nuabheirthe le haghaidh antasubstaintí. Déantar deontóirí a thíopáil le haghaidh cineálacha breisithe antaigine (Fya/b, Jka/b, M, S/s) le haghaidh orduithe mar is gnáth ón ospidéal agus, chomh maith, chun feinitíopaí níos neamhchoitianta nó meascáin de chineálacha diúltacha antaigine a shainaithint. De ghnáth, baineann siad sin le hothair a bhfuil riachtanais fuilaistrithe chasta acu cosúil le galar corráncheallach nó antasubstaintí iolracha fuilcheall dearg agus le fuil atá meaitseáilte go próifíolacsach ó thaobh antaigine de d'fhuilaistrithe ionútaracha, agus othair áirithe ar eol go dtáirgeann siad antasubstaintí fuilcheall dearg;
- Víreolaíocht: Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh cítimeigilivíreas (VCM) (timpeall ar 80% de dheonacháin) ionas go mbeidh soláthar deonachán VCM-diúltach ann do na hothair atá i mbaol aimhréidheanna ionfhabhtú VCM e.g. othair imdhíon-lagaithe. Tástáladh deonacháin roghnaithe le haghaidh Antasubstaintí Maláire freisin. Cuireadh tús le tástáil roghnaithe le haghaidh VTLD in 2024 díreach do gach deontóir céaduaire agus do dheontóirí a bhí éirithe as deonacháin fola a thabhairt;
- TAN: Rinneadh scagthástáil ar dheontóirí roghnaithe do Víreas na Níle Thiar (VNT) ó Bhealtaine go mí na Nollag 2025. Rinneadh an tástáil seo ar dheontóirí a thaistil chuig ceantar a raibh baol VNT ag baint leis le 28 lá anuas.

Tá dhá uirlis in úsáid ag GDI: Úsáidtear PK7400 sa tsaotharlann mar anailíseoir príomha ar ghrúpaí fola agus Ortho Vision mar anailíseoir tánaisteach ar ghrúpaí fola. Is córais haemaiteolaíochta imdhíonachta iad an dá uirlis agus baineann siad úsáid as teicnící haemaighleanúna agus íograithe araon. Is córas micreaphláta ar thréchur ard é an PK7400 agus úsáideann Ortho Vision teicneolaíocht gleanúna colúin chun tabhairt faoi thástálacha. Baintear úsáid as teicnící láimhe d'fhonn antasubstaint a aithint agus tréithe corráncheall a thástáil.

Déanann an tsaotharlann Víreolaíochta scagthástáil trí úsáid a bhaint as Córas Abbott Alinity s, arb ionann é agus anailíseoir imdhíonmheasúnachta lán-uathoibrithe, tréchuir ard, atá deartha chun eolas a bhailiú faoi láithreacht antaigine agus antasubstaintí sonracha trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht imdhíonmheasúnachta cheimealonrach (TIC). Déantar scagthástáil antasubstaintí maláire leis an uirlis Dynex DS2.

| An Cineál Antaigine | Líon tíopáilte in 2024 | Líon tíopáilte in 2025 | % difríocht |
|---|---|---|---|
| Fya | 6822 | 8038 | +17.83% |
| Fyb | 1368 | 1399 | +2.27% |
| Jka | 7149 | 8186 | +14.51% |
| Jkb | 6955 | 8297 | +19.30% |
| M | 1558 | 1656 | +6.29% |
| S | 5332 | 5167 | -3.09% |
| s | 5769 | 5527 | -4.20% |
| k | 1037 | 216 | -79.17% |

Déanann saotharlann TAN tástáil ar Dheonacháin Aonair (DA-TAN), agus úsáidtear uirlisí tástála Panther ART chun sin a dhéanamh in éineacht le measúnachtaí UPxE agus WNV. Is córas dúnta lán-uathoibrithe é uirlis Panther ART a úsáidtear le haghaidh scagthástáil TAN. Is measúnacht Aimplithe trí Mheán Tras-scríofa (AMT) í measúnacht Procleix UPxE a úsáidtear chun VEID-1/2 ARN, VHC ARN, VHB ADN agus VHE ARN a aithint i bplasma daonna. Braitheann an mheasúnacht VNT, VNT ARN (ginealach 1 agus 2) ag leibhéal íseal i ndeonacháin fola.

Déanann an tsaotharlann tástálacha scagthástála freisin ar mharcóirí víreasacha do ranna éagsúla laistigh de IBTS, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochan comhlaí croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

**Rannpháirtíocht i Scéimeanna Measúnaithe Cáilíochta Seachtracha (SMCS):**

Glacann SNSD páirt i roinnt SMCS. Bíonn GUD páirteach i dtrí scéim SMCS agus i scéim ECMCS amháin gach bliain. Is é atá i gceist leis sin ná 19 mbeart séireolaíochta ar leithligh agus 6 bheart maidir le haemaglóibin neamhghnách.

Glacann an tsaotharlann Víreolaíochta páirt i dtrí chlár oilteachta: clár eagraithe ag Seirbhís Sheachtrach Náisiúnta Measúnaithe Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SSNMC RA) don Mhicribhitheolaíocht, clár eagraithe ag NRL, an Astráil agus clár eagraithe ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (SECLCS). Cuireadh 25 beart oilteachta i gcrích in 2025 a bhain le Víreolaíocht, agus rinneadh measúnú ar na marcóirí Víreolaíochta ar fad a tástáladh sa tsaotharlann.

Ghlac saotharlann NAT páirt i seacht gclár oilteachta: dhá chlár curtha ar fáil ag NRL, an Astráil, clár amháin curtha ar fáil ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (SECLCS), dhá chlár curtha ar fáil ag Rialú Cáilíochta do Dhiagnóisic Mhóilíneach (RCDM), RA agus dhá chlár curtha ar fáil ag an Lárionad Náisiúnta um Rialú agus Meastóireacht Leigheasra (LNRML), an Iodáil. Ar an iomlán, cuireadh 16 bheart oilteachta i gcrích in 2025 i saotharlann TAN.

Glacann saotharlann Víreolaíochta/TAN páirt sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte Fola agus Trasphlandaithe (SNSFT), an tAonad Eipidéimeolaíochta/Gníomhaireacht Cosanta Sláinte RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe leantacha agus ar na rátaí dearfacha deimhnithe le haghaidh trealaimh tástála trí úsáid a bhaint sa uimhreacha oird éagsúla imoibrithe le SNSFT. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

**Tástáil Teagmhais SNSD:**

Os rud é gur áis tástála náisiúnta é SNSD, tá plean tástála seachtrach ag SFÉ le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban sa chás is go mbeadh cliseadh criticiúil ar uirlisí ar an láthair. Déanann SNSD cleachtaí teagmhasachta tástála gach bliain trí shamplaí ó 24 deontóir a sheoladh ar aghaidh chuig SNSFT chun críche tástála. Níorbh éigean an plean sin a ghníomhachtú i gcás 'beo' ó rinneadh an tástáil a chomhdhlúthú san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

**Iniúchtaí SNSD:**

Glacann an tSaotharlann páirt freisin i roinnt clár Iniúchta Inmheánach agus Seachtrach lena chinntiú go bhfuil comhlíonadh le tabhairt faoi deara sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC). Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS), rannóg Dearbhaithe Cáilíochta (DC) SFÉ agus Saotharlann SNSD iniúchadh ar phróisis agus ar nósanna oibre SNSD.

**Inbhuanaitheacht Shaotharlann SNSD:**

Bhí SNSD in úsáid mar ghrúpa trialach do mheasúnú cliniciúil MSG 2.0 i mí na Bealtaine 2025 agus cuireadh aiseolas ar fáil chun an measúnú nua a fhorbairt. I mí na Nollag 2025, rinne SNSD athdheimhniú agus d'éirigh léi a Deimhniú Leibhéil Ghlais a choinneáil faoi chlár nua MSG 2.0. I measc cuid de na gníomhaíochtaí ar baineadh úsáid astu chun é seo a dhéanamh bhí: iniúchadh ar dhramhaíl, úsáid uisce agus fuinnimh, iniúchadh ar riachtanais aerála agus teochta d'uirlisí; cuireadh cúrsaí oiliúna bliantúla nua athnuachana maidir le hinbhuanaitheacht ar fáil; cuireadh tús le boscaí bruscair do mhúirín a chur ar fáil ag stáisiúin nite lámh; cuireadh níos mó boscaí bruscair athchúrsála agus dramhaíola ginearálta ar fáil chun a chinntiú go raibh an dramhaíl á scaradh i gceart.

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)

Soláthraíonn an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla chun tacú leis na cláir trasphlandaithe gascheall haematapóéiseach (TGH) allaigineacha in Ospidéal San Séamas agus in SLÉ i gCromghlinn. Is féidir TGH a úsáid chun leoicéime, siondróim theipe smeara agus neamhoird mheitibileacha dúchais a chóireáil.


Déantar cinneadh sa tsaotharlann maidir leis an gcineál antaigine leocaicíte daonna (ALD) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) sula ndéantar trasphlandú chun cabhrú le deontóir a roghnú. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha amháin atá bunaithe ar imoibriú slabhrúil polaiméaráise (ISP) chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainiú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD. Ón 15 Meitheamh 2020, tá SNTHI i mbun tíopáil ALD ardleibhéil i gcomhair 11 lócas ALD (ALD-A, B, C, DRB1/3/4/5, DQA1, DQB1, DPA1, DPB1) trí Sheicheamhú den Chéad Ghlúin Eile (SCGE) trí úsáid a bhaint as ardáin Illumina MiSeq.

Tá clár leathan dearbhaithe cáilíochta forbartha ag an tsaotharlann ina gcuimsítear rannpháirtíocht i gcláir thástála inniúlachta inmheánacha agus sheachtracha araon do thíopáil ALD, géinitíopáil antaiginí pláitín daonna (APD) agus fiosrúcháin ar antasubstaintí ALD. Tá creidiúnú faighte ag SNTHI ón gCónaidhm Eorpach um Imdhíonghéineolaíochta (CEI) ó 2001 ar aghaidh.

Rinne SNTHI tíopáil ALD ar shamplaí ó 378 othar Éireannach le haghaidh trasphlandaithe gascheall haematapóéiseach féideartha in 2025 agus rinneadh tíopáil HLA ar 270 ball teaghlaigh chomh maith. I gcás na n-othar sin nach mbíonn deontóir oiriúnach acu atá muinteartha leo, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ó chlár na ndeontóirí deonacha neamhghaolmhara.

Rinne tíopáil ALD ar 505 sampla ó dheontóirí féideartha neamhghaolmhara d'othair Éireannacha in 2025. Cuireann SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíonghéineolaíochta ar fáil do Chlárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ). Ó Dheireadh Fómhair 2019 ar aghaidh, tá ceist curtha san áireamh i gCeistneoir Sláinte agus Stíl Mhaireachtála (CSSM) na ndeontóirí fola do dheontóirí atá idir 18-25 bliain d'aois ag fiafraí díobh ar mhaith leo a bheith ainmnithe ar an gclárlann smeara. Bhí sé sin mar bhonn le méadú an-suntasach ar líon na ndeontóirí a bhí ag clárú, agus chláraigh 2,296 deontóir nua in 2025.

**Líon na nOthar Éireannach a fuair TGH ó Dheontóir Neamhghaolmhar 2016 - 2025**



Rinneadh 90 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair ar fad in 2025. Le 10 mbliana anuas, tá CSNÉ i ndiaidh tacú le 631 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair d'othair Éireannacha.


Ina theannta sin, bhí 365 deontóir pláitíní de chineál ALD-A agus -B ann san iomlán, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrfheabhsaithe pláitíní do na hospidéil.

Ghlac SNTHI le 2,244 sampla mar chuid d'imscrúduithe cliniciúla in 2025.

Chomh maith le tacú leis na cláir thrasphlandaithe gascheall, soláthraíonn SNTHI seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní d'fhiosrúchán séireolaíoch ar thrombaicítipéine allai-imdhíonach (NAIN), galar corcra iar-fhuilaistrithe (GCIF), frithleigheasacht pláitíní, trombaicítipéiní allai-imdhíonacha agus frithghníomhartha trasphlandaithe díobhálacha. Líon na n-imscrúduithe a rinneadh le haghaidh NAIN in 2025 (líon=35).

Soláthraíonn SNTHI gnáthsheirbhís tíopála ALD chun galar a nascadh. Bhí an tseirbhís seo freagrach as 4,082 (45.9%) den 8,885 sampla a fuair SNTHI chun críche tástála in 2025. Cuirtear formhór na samplaí nasctha galair (83%) ar aghaidh chun a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil ALD-B27 iontu, a luaitear le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an tseirbhís tíopáil ALD do Ghalar Céiliach (DQ2/DQ8, 3%), Galar Behcet (B*51, 5%), frithghníomhú hipiríogaireachta mar gheall ar Abacavir (B*57:01, 5%) Narcailéipse (DQB1*06:02, .78%), Reiteachoróideapaite millíní (A*29, 1.8%), Géarheipitíteas Tromchúiseach i leanaí (DRB1*04, 0.3%) agus Meileanóma Úibhé Meiteastáiseach (A*02:01, 0.6%).

**Imscrúduithe Cliniciúla SNTHI**



## Saotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Chill Dhearg (RCI)

Soláthraíonn Saotharlann IFD seirbhísí cuimsitheacha réamh-fhuilaistrithe agus atreoraithe réamhbhreithe d'ospidéil ar fud na tíre.

## Príomhéachtaí – 2025

### Éachtaí Taighde agus Oideachais

Chuir foireann IFD ar bhealach gníomhach leis an bpobal eolaíochta trí chur i láthair ag comhdhálacha agus trí thionscnaimh thaighde, lena n-áirítear:

- "Forléargas ar Antasubstaintí Córas-sonracha" ag cruinniú Ghrúpa Úsáideoirí OrthoVision;
- "Bainistíocht Frith-M in IFD" do shaotharlanna ospidéil atreoraithe.

### Dul Chun Cinn i ndáil le Tástáil Saotharlainne

- Forbraíodh modh tástála nua chun idirdhealú a dhéanamh idir Frith-M IgM agus frith-M IgG +/- IgM.

### Éachtaí na Saotharlainne

D'éirigh le Saotharlann IFD cloí le hardchaighdeáin seirbhíse agus barr feabhais oibriúcháin.
I measc na bpríomhéachtaí bhí:

- Rinneadh athbhreithniú ar fhoireann na roinne i gcomhar le Medlab Partners Tta.
- Eagraíodh Deiseanna Feabhais ar bhonn foirmiúil mar a cheanglaíonn caighdeáin EIC 15189
- Cuireadh próiseas aiseolais dhearfaigh chun feidhme do chustaiméirí
- Cuireadh feabhas ar an méid ama a bhí ag teastáil le haghaidh toirtmheascadh antasubstainte i dtoircheas agus le haghaidh imscrúdú antasubstainte i ndáil le hiarratais neamh-chrosmheaits, rud a chinntigh go raibh cinnteoireacht chliniciúil thráthúil á déanamh
- Rinneadh forbairt ar chumas tuairiscithe leictreonaigh ospidéal ar fud na tíre trí dhíriú ar an bhféidearthacht a bhain le ShareFile/ ríomhphost a úsáid chun tuarascálacha deiridh a sheoladh chuig othair
- Leanadh ar aghaidh le plean aistrithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go raibh EIC 15189:2022 á chomhlíonadh.

### Gníomhaíocht Saotharlainne

Soláthraíonn Saotharlann IFD raon cuimsitheach seirbhísí haemaiteolaíochta imdhíonachta speisialta, lena n-áirítear:

- Fuil chrosmheaitseáilte a chur ar fáil d'othair a bhfuil antasubstaintí casta acu
- Imscrúdú ar antasubtaintí fuilcheall dearg, lena n-áirítear cásanna atá casta ó thaobh na séireolaíochta de
- Imscrúdú a dhéanamh ar fhrithghníomhuithe fuilaistrithe haemalaíocha chun sábháilteacht othar a chinntiú
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear aimhrialtachtaí a bhaineann le fuilghrúpaí a réiteach
- Measúnú ar othair a bhfuil a dtástálacha antaglóbailine díreacha dearfach chun bunchúiseanna a aithint
- Imscrúdú ar ainéime haemalaíoch uath-imdhíonachta, a thacaíonn le diagnóis agus cóireáil chruinn
- Cur isteach antasubstainte monaclónach a bhrath, chun tástáil comhoiriúnachta fuilaistrithe chruinn a chinntiú
- Diagnóisiú agus bainistiú Galair Haemalaíoch an Fhéatais agus an Naíonáin Nuabheirthe (GHFNN)
- Scagthástáil réamhbhreithe le haghaidh antasubstaintí fuilcheall dearg chun toircheas i mbaol a aithint, lena n-áirítear cainníochtú agus toirtmheascadh antasubstaintí
- Fuil oiriúnach a chur ar fáil do thoircheas i mbaol nuair a bhíonn naíonáin á saolú chun torthaí nuabheirthe a bharrfheabhsú
- Feinitíopáil níos leithne le haghaidh othair atá ag brath ar fhuilaistriú agus othair a bhfuil antasubstaintí fuilcheall dearg coimpléascacha acu
- Feinitíopáil fuilcheall dearg ó dheontóirí nuair a iarrtar a leithéid chun tacú le comhoiriúnacht fuilaistrithe
- Comhairle chliniciúil agus eolaíochta a chur ar chomhghleacaithe ospidéil
- Fuil neamhchoitianta a iompórtáil d'othair áirithe a dteastaíonn tacaíocht fuilaistrithe speisialta uathu
- Seirbhís éigeandála lasmuigh de ghnáthuaireanta a chur ar fáil chun a chinntiú gur féidir freastal ar riachtanais fuilaistrithe phráinneacha
- Seirbhísí bainc fola ospidéil a chur ar fáil d'Ospís na Carraige Duibhe, Ospís Mhuire agus Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga.

**Méadracht Ghníomhaíochta**

In 2025, rinne Saotharlann FCD tástáil ar 2590 sampla ar fad, sin fianaise ar mhéadú de 1.42% i gcomparáid le 2024.

| | Líon iomlán na samplaí a tástáladh | Antasubstaint ID | Líon Frith-D | Líon Frith-C | Trasnaíocht Mhona-clónach | Tástáil Chom-hoiriúnachta Iomlán | Samplaí ar glaoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2023 | 2598 | 2453 | 384 | 153 | 384 | 1184 | 267 |
| 2024 | 2553 | 2343 | 275 | 154 | 341 | 1102 | 294 |
| 2025 | 2590 | 2500 | 355 | 151 | 447 | 1177 | 347 |
| (%) | +1.42% | +6.48% | +25.4% | -1.97% | +26.9% | +6.58% | +16.54% |

Príomhbharúlacha

> Mhéadaigh atreoruithe do chainníochtú fhrith-D 25.4%, fianaise seans ar an tslí a bhfuil ciall agus úsáid á baint as treoir nua ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine maidir le monatóireacht fhrith-D agus an chláir Ghnáthphróifiolacsais Frith-D Réamhbhreithe (GPFDR).

> Ó mhí na Samhna 2023, cheangail FCD tásc cliniciúil do gach atreorú crosmheaitseáilte, rud a chabhraigh chun iarratais mhíchuí a scagadh amach. Chabhraigh sé sin le laghdú 6.9% ar thástáil chomhoiriúnachta in 2024. Próiseáladh 1,177 iarratas crosmheaitseáilte in 2025, sin méadú 6.58% ainneoin an cheanglais. Níor próiseáladh thart ar 150 iarratas breise mar raibh nach tásc cliniciúil ann.

> Mhéadaigh atreoruithe le haghaidh tástáil Frith-CD38 go suntasach, 26.9%. Ainneoin gur tugadh laghdú faoi deara in 2024 de bhrí gur thosaigh níos mó ospidéal ag déanamh an tástáil go háitiúil, tá an treocht seo aisiompaithe, mar gheall, seans, ar níos mó úsáid a bheith á baint as daratumumab i níos mó láithreán in Éirinn.

> Lean an t-éileamh a bhí ar sheirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta ag méadú, agus in 2025 mhéadaigh líon na n-atreoruithe 16.54%.

**Castacht Samplaí**

Lean IFD ar aghaidh ag déileáil le cásanna séireolaíocha an-chasta, agus tugadh méadú 8% faoi deara ar líon na samplaí lenar bhain castacht shéireolaíoch nó a bhí neamhchoitianta a atreoraíodh in 2025. Cásanna réamhbhreithe a bhí i gceist i líon suntasach cásanna, áit a raibh sé fíorthábhachtach go mbeadh antasubstaintí fuilcheall dearg á n-aithint nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar an riosca a bhain le galar haemalaíoch an fhéatais agus an naíonáin nuabheirthe (GHFNN) agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le riachtanais fola na máthar agus an naíonáin. Bhí torthaí dearfacha le tuairisciú i ndáil leis na cásanna ar fad a bainistíodh go dtí seo.

**Treochtaí Antasubstaintí (2023 i gcomparáid le 2024 i gcomparáid le 2025)**

| Antasubstaint | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|
| Frith-G | 49 | 60 | 40 |
| Frith-Ch/Rg | 25 | 37 | 31 |
| Oiriúnaithe do Chóras Áirithe | 23 | 18 | 27 |
| Antasubstaint de chineál HTLA | 22 | 12 | 5 |
| Frith-Wra | 18 | 39 | 56 |
| Frith-Lua | 11 | 17 | 26 |
| Frith-Kpb | 8 | 11 | 11 |
| Frith-Lea | 8 | 21 | 14 |
| Frith-P1 | 6 | 10 | 8 |
| Frith-Leb | 5 | 21 | 8 |
| Frith-Yta | 4 | 1 | 0 |
| Frith-IH | 4 | 4 | 0 |
| Imdhíonach Frith-B | 2 | 0 | 0 |
| Frith-k | 2 | 2 | 1 |
| Frith-H | 1 | 0 | 2 |
| Frith-Kna | 1 | 0 | 0 |
| Frith-Vw | 1 | 3 | 3 |
| Frith-Ce | 1 | 0 | 0 |
| Frith-f | 1 | 1 | 0 |
| Frith-Coa | 1 | 0 | 0 |
| Frith-PP1Pk | 1 | 6 | 0 |
| Antasubstaint a bhain le CR1 | 0 | 7 | 5 |
| JMH | 0 | 3 | 2 |
| Yka | 0 | 2 | 8 |
| Lub | 0 | 2 | 1 |
| JK3 | 0 | 2 | 0 |
| Fy3 | 0 | 1 | 0 |
| Mia | 0 | 1 | 0 |
| AnWj | 0 | 0 | 11 |
| Inb | 0 | 0 | 2 |
| Bga | 0 | 0 | 2 |
| Doa | 0 | 0 | 1 |
| **Iomlán:** | **194** | **281** | **264** |

### SCSN (Líonra um Malartú Séirim, Ceall agus Sreabháin Neamhchoitianta)

Lean Saotharlann IFD ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar a fardal de Chill agus Antaiséiream Tagartha Neamhchoitianta trí pháirt a ghlacadh i Líonra Malartaithe SCSN agus Malartú Ceall RA. Cuireadh tuilleadh feabhas fós ar mhodheolaíochtaí tástála chun freastal ar dhéimeagrafaic daonra athraitheach na hÉireann.

### Fuil agus Táirgí Neamhchoitianta a Iompórtáil

Iompórtáladh 22 aonad fuilcheall dearg le haghaidh othair ainmnithe, sin méadú 37.84% i gcomparáid le 2024 (15 aonad). Tháinig na hiompórtálacha seo as 4 thír: Ceanada, An Ríocht Aontaithe (An Bhreatain Bheag agus Sasana) agus An Spáinn.

### Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtracha

Glacann Saotharlann FCD páirt ghníomhach i roinnt scéimeanna dearbhaithe cáilíochta seachtracha (DCS), lena n-áirítear SDCSÉ, SDCCM, SDCSN agus PEUnna. Lena chois sin, glacann FCD páirt i Scéimeanna Comparáide Idirshaotharlainne chun úsáid a bhaint as teicnící speisialta éagsúla, lena n-áirítear:

- Teicnící eisionnalta
- Toirtmheascadh antasubstaintí
- Teicnící asúcháin
- Cóireáil DTT
- Teicnící neodrúcháin.

Bhí na torthaí ar fad a fuarthas sásúil; sainaithníodh trí earráid a bhain le hiontráil sonraí, áfach, agus tarraingíodh aird orthu ina dhiaidh sin i dtuarascálacha ar theagmhas. Rinneadh iad seo a bhainistiú de réir bheartais agus nósanna imeachta SFÉ chun a chinntiú go raibh cáilíocht á feabhsú go leanúnach.

## An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (BGGL)

Déanann SGGF de chuid na Roinne Bitheolaíochta Móilíní agus Géineolaíochta san INF tíopáil fuilghrúpa mhóilínigh, agus é mar aidhm aici seirbhís dhiagnóiseach mhóilíneach a sholáthar chun cinneadh a dhéanamh maidir le fuilghrúpaí.

Cuireann SGGF seirbhís ar fáil le haghaidh:

> Scagthástáil RhD Féatais
> Imscrúdú ar Ghéinitíopa D Lag
> Imscrúdú ar Athraitheach RhD
> Imscrúdú iomlán ar Ghéinitíopa RBC
> Imscrúdú ar Athraitheach RHCE.

Úsáidtear tástáil bunaithe ar DNA níos minice anois chun feinitíopa fuilghrúpa a thuar agus chun cleachtais a fheabhsú sa mhíochaine fuilaistriúcháin. Má chuirtear fuilchealla dearga a bhfuil antaigin faoi leith iontu isteach in imshruthú duine nach bhfuil an antaigin sin iontu (trí fhuilaistriú nó toircheas), féadfar freagairt imdhíonachta a mhúscailt. Féadfaidh táirgeadh iarmhartach antasubstaintí tionchar suntasach a imirt ar ghalracht agus fiú ar bhásmhaireacht an othair.


Le modhanna íogaire, amhail imoibriú slabhrúil polaiméaráise cainníochtúil (qPCR), cuirtear ar fáil an cumas leibhéil an-íseal DNA a bhrath agus tá siad an-infheidhme chun géinte fuilghrúpaí féatais a bhrath in DNA atá saor ó chealla a bhaintear as fuil na máthar.

In 2025, ghlac an tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola le 5,660 sampla chun scagthástáil RHD Féatais a dhéanamh in 14 ospidéal dhifriúla ar fud na tíre. Tá na torthaí ón scagthástáil le haghaidh RHD Féatais ar fáil go leictreonach trí Medibridge d'ospidéil atreoraithe.

Ó forbraíodh SGGF agus ó cuireadh i bhfeidhm scagthástáil RHD Féatais in 2018/19, sheachain breis is 9,400 bean frith-D próifiolacsach neamhriachtanach.

Foilsíodh an obair a chuir an tsaotharlann i gcrích fad is a caitheadh sé bliana i mbun meastóireachta ar scagthástáil RhD féatais in Éirinn san iris phiarmheasúnaithe, Vox Sanguinis. Ryan, H. et al. (2025) Evaluation of 6 years of fetal RhD screening in Ireland: From implementation to practice. Vox Sanguinis, 120(12), lch 1259–1262.

### Scagthástáil RhD Féatais




Trí chinneadh móilíneach a dhéanamh maidir le fuilghrúpaí tairgtear modh cumhachtach a sháraíonn go leor de na srianta, agus tairgeann sé tíopáil fuilghrúpa ardtaifigh níos airde ná modhanna séireolaíocha (e.g. athraithigh RHD agus RHCE, sóchán FYGATA).

Faoi láthair, aithnítear 44 Córas Fuilghrúpa Daonna, rinneadh a ngéinte a chlónáil agus cinneadh an bonn móilíneach a bhaineann le hantaiginí ar leith; tá 354 antaigin fuilcheall dearg le fáil sa 44 Córas Fuilghrúpa.

Tá SGGF i gcónaí ag cur seirbhís géinitíopála fuilcheall dearg bhreisithe ar fáil chun débhríochtaí séireolaíocha a shoiléiriú (D lag, fiosrú RHD, géinitíopáil bhreisithe le haghaidh teiripí antasubstainte monaclónaí frith-CD38) agus chun tacú le scrúduithe diagnóisithe haemaglóibineapaite ar othair chun ailléilí athraitheach RHCE coimpléascacha a imscrúdú.

**Géinitíopáil Fuilcheall Dearg**



## Saotharlann Diagnóisice Chorcaí

Soláthraíonn an tSaotharlann Diagnóisice in Ionad Chorcaí SFÉ gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha haemaiteolaíochta imdhíonachta agus saotharlainne. Cuirtear gnáthsheirbhísí ar fáil don Otharlann Theas - Ospidéal Ollscoile Victoria (OTOO), Ospidéal Naomh Fionnbarra agus Ospidéal agus Ospís na hOllscoile, Marymount, chomh maith le seirbhísí tagartha haemaiteolaíochta imdhíonachta agus seirbhísí saotharlainne do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus oifigigh seachadta ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.

Mar bhanc fola ospidéil do roinnt ospidéal cathrach, tugann an tSaotharlann Diagnóisice faoi ghrúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, soláthraíonn sí fuilchealla dearga crosmheaitseáilte agus comhábhair eile d'othair aonair, agus cuireann sí comhairle saotharlainne agus chliniciúil ar fáil do na hothair seo. Déanann foireann na Saotharlainne imscrúdú ar fhrithghníomhartha féideartha fuilaistrithe, glacann sí páirt i mBainistíocht Fola Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais fuilaistrithe trí choistí agus iniúchadh fuilaistrithe, agus bainistíonn sí inrianaitheacht comhábhair.

Déanann foireann na saotharlainne imscrúdú ar thíopáil chasta nó aimhrialta fuilcheall dearg, tíopáil shínte d'othair atá ag brath ar fhuilaistriú, tástálacha antaglóbailine dearfacha díreacha, ainéime haemalaíoch uath-imdhíonachta, galar haemalaíoch an fhéatais/an naíonáin nuabheirthe agus antasubstaintí casta chun fuilchealla meaitseáilte sínte (feinitíopáilte) agus crosmheaitseáilte a chur ar fáil do na hothair seo. Uaireanta d'fhéadfadh go mbeadh roinnt uaireanta an chloig ag teastáil chun imscrúdú iomlán a dhéanamh ar na cásanna seo agus d'fhéadfadh scagthástáil deonacháin a bheith riachtanach sa chás nach bhfuil fuilchealla dearga meaitseála ar fáil ar an tseilf. B'éigean samplaí ó cheathrar othar a chur ar aghaidh chuig speisialtóirí sa tsaotharlann idirnáisiúnta tagartha um ghrúpaí fola (SITGF) i mBriostó, agus cuireadh 135 sampla eile ar aghaidh chuig INF chun géinitíopáil a dhéanamh. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.

Déanann foireann na saotharlainne seo imscrúdú ar othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí fuilcheall dearg ina gcuid fola, agus rianaítear a gcúram le linn an toirchis chun pleananna a dhéanamh chun fuil mheaitseáilte a chur ar fáil don mháthair agus don naíonán nuair a shaolaítear é/í.

Bainistíonn foireann na saotharlainne an stoc comhábhair speisialta don réigiún. San áireamh tá na comhábhair phláitíní ar fad agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonach (COL) le haghaidh pláitíní, fuilchealla dearga antaigin-tíopáilte, comhábhair fola ionradaithe agus comhábhair fola do naíonáin.

Ag obair mar na heolaithe atá ar dualgas taobh amuigh de na gnáthuaireanta, cuireann an tSaotharlann Diagnóisice leis an tseirbhís trí chomhábhair fola agus phláitíní thánaisteacha a phróiseáil agus is í an tSaotharlann an chéad phointe teagmhála d'fhiosrúcháin chliniciúla a chuirtear ar aghaidh chuig an bhfoireann leighis.

Baineadh amach leibhéal sásúil i Scéimeanna Seachtracha Measúnaithe Cáilíochta le linn na bliana.

### Líon iomlán samplaí a fuarthas in 2025: 2318 (2024: 3940)[1]

| | Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig | Iomlán 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán na Samplaí a Fuarthas** | 184 | 164 | 205 | 180 | 197 | 213 | 227 | 181 | 206 | 195 | 193 | 173 | 2318 |
| **Líon na Samplaí Tagartha** | 73 | 56 | 61 | 57 | 58 | 61 | 68 | 62 | 65 | 65 | 76 | 71 | 773 |
| **Aonaid Chrosmheaitseáilte** | 120 | 94 | 114 | 95 | 95 | 122 | 127 | 90 | 132 | 94 | 133 | 129 | 1345 |
| **Antasubstaintí Imscrúdaithe** | 43 | 45 | 64 | 61 | 69 | 57 | 51 | 66 | 69 | 58 | 58 | 64 | 705 |
| **Éigeandáil A** | 20 | 17 | 11 | 13 | 15 | 7 | 11 | 9 | 12 | 8 | 16 | 13 | 152 |
| **Éigeandáil B** | 6 | 12 | 13 | 15 | 13 | 12 | 18 | 20 | 16 | 10 | 12 | 15 | 162 |
| **Iomlán na gCineálacha Antaigine** | 189 | 169 | 193 | 172 | 188 | 210 | 223 | 179 | 192 | 184 | 178 | 157 | 2234 |
| **Tástálacha Díreacha Coombes** | 66 | 58 | 60 | 65 | 62 | 75 | 72 | 71 | 74 | 67 | 84 | 82 | 836 |
| **TDCanna Monashonracha** | 37 | 30 | 28 | 31 | 39 | 42 | 49 | 40 | 47 | 37 | 49 | 47 | 476 |

1. Tugadh laghdú ar líon na samplaí faoi deara de bhrí gur stopadh ag cur seirbhísí bainc fola ospidéil ar fáil d'Ospidéal Príobháideach an Mater i mí Mheán Fómhair 2024.

# Seirbhísí Eile

## An Banc Fíocháin

Tá Banc Fíocháin SFÉ, atá lonnaithe san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath, ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ionad fíocháin ceadúnaithe agus tá ceadúnas Dea-chleachtais Déantúsaíochta (DCD) aige chun braonta súl séirim a tháirgeadh, táirge míochaine díolmhaithe a bhfuil ról ríthábhachtach aige i gcúram speisialta oftalmach.

Tá roinnt seomraí ionghlain le fáil sa tsaoráid freisin a thacaíonn le próiseáil agus tástáil shábháilte fíocháin dhaonna d'úsáid chliniciúil, agus le déanamh braonta súl séirim freisin. Tríd an obair seo, cuireann an Banc Fíocháin raon fíocháin dhaonna ar fáil d'ospidéil ar fud na hÉireann lena n-áirítear fíocháin shúilí, chardashoithíocha, mhatánchnámharlaigh agus chraicinn. Ainneoin gur ó dheontóirí Éireannacha a thagann cuid de na deonacháin, aimsítear fíocháin bhreise trí chomhpháirtíochtaí seanbhunaithe le bainc fíocháin ar fud na hEorpa agus na Stát Aontaithe, rud a chinntíonn go mbíonn soláthar leanúnach ar fáil d'othair ar fud na tíre.

In 2025, lean an t-éileamh a bhí ar bhraonta súl séirim ag méadú, agus mhéadaigh an táirgeadh 20% i gcomparáid le 2024. Coimeádtar na braonta seo d'othair a bhfuil triail bainte acu as gach rogha chóireála eile agus tá siad ar fáil díreach ar oideas ó chomhairleach oftalmach. D'fhan an t-éileamh a bhí ar chineálacha eile fíochán seasmhach agus bhí sé ailínithe leis an éileamh a tugadh faoi deara i mblianta roimhe sin.

In 2025 leagadh béim shuntasach ar iarracht athnuaite chun bailiúchán coirní ó dheontóirí Éireannacha a athbhunú. Tá sé seo riachtanach chun neamhthuilleamaíocht náisiúnta chomh fada is a bhaineann le fíochán súilí a fheabhsú. I rith na bliana, cuireadh dlús leis an tionscadal. Mapáladh príomhchonairí oibriúcháin, tosaíodh ag obair arís le comhpháirtithe cliniciúla agus beachtaíodh na creataí cáilíochta agus rialachais riachtanacha chun na hionchais rialála atá ann i láthair na huaire a chomhlíonadh.

Nuair a bhí an obair seo curtha i gcrích cuireadh iarratas foirmiúil faoi bhráid ÚRTS ag deireadh 2025. Cuirfidh faomhadh ar chumas SFÉ tús a chur le coirní a bhailiú arís den chéad uair le breis is deich mbliana anuas, agus táthar ag súil go mbeidh tús curtha leis an ngníomhaíocht faoi Ráithe 2 2026. Tá dhá shuíomh bailithe phíolótacha aitheanta, Ospís Chrois Araild agus Ospidéal Beaumont, mar gheall ar ghníomhaíocht chliniciúil, bonneagar agus nasc láidir leis an tionscadal. Tá ag éirí go maith leis an bplé leis an dá shuíomh, agus tá cúrsaí oiliúna foirne á bpleanáil, táthar ag díriú ar lóistíocht agus ar chomhtháthú le conairí deontóra atá bunaithe cheana féin.

Is ionann athbhunú na seirbhíse seo agus céim shuntasach i ndáil le cumas na hÉireann chun freastal ar a riachtanais chliniciúla féin a threisiú, an méid a bhfuiltear ag brath ar iompórtálacha idirnáisiúnta a laghdú agus rochtain thráthúil ar fhíochán coirneach a chinntiú d'othair atá ag fanacht ar thrasphlandú.

## An tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach

Soláthraíonn an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach (SAT) in Ionad SFÉ Chorcaí aifiréis theiripeach d'othair i réigiún na Mumhan in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (OOC) agus in Ospidéal Ollscoile na Trócaire (OOT).

Comhairligh SFÉ atá i mbun SAT a threorú, le tacaíocht ó altraí aifiréise teiripeacha, Oifigigh Leighis Speisialtóra (OLSanna) agus Cláraitheoirí Speisialtóra (CS) ar bhonn sealaíochta. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid; Terumo Spectra Optia.

Cuirtear prótacail aifiréise ar fáil do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas, agus tá a gcuid oibre á treorú ag ‘Treoirlínte agus Tásca Cóireála’ Chumann Aifiréise Mheiriceá (CAM, 2023) agus tugtar aird ar threoirlínte eile lena n-áirítear iad siúd atá sonraithe ag Cumann Haemaiteolaíochta na Breataine (CHB, Aibreán 2025).

In 2025, fuair 28 othar aifiréis ó 38 atreorú, agus bhí níos mó ná atreorú amháin ag teastáil i gcomhair 3 othar. Atreoraíodh othar amháin 7 n-uaire in imeacht 197 lá, othar amháin 3 huaire in imeacht 79 lá, agus atreoraíodh othar amháin eile 3 huaire in imeacht 52 lá.

Cuireadh 218 gnáthamh i gcrích. San áireamh anseo bhí Malartú Plasma Teiripeach (MPT) (207 gnáthamh), Malartú Fuilcheall Dearg (MFCD) (11ghnáthamh). Rinneadh gach gnáthamh in OOC i mbliana. Bhí SAT i láthair ag OOC ar 3 ócáid eile nuair a cuireadh gnáthaimh ar ceal i ndiaidh measúnú othair réamhghnáthaimh, mar gheall ar chúiseanna cosúil le hathrú ar stádas cliniciúil.


Mar a thaispeántar sna táblaí agus sna figiúirí a leanas, bíonn an t-éileamh ar SAT éagsúil agus is deacair é a thuar. Tá an treocht a bhaineann le hatreoruithe néareolaíochta a bheith ag dul i méid cothromaithe ag laghdú ar atreoruithe haemaiteolaíochta agus go pointe áirithe, atreoruithe duánacha le blianta beaga anuas.

| | Othair | Gnáthaimh |
|---|---|---|
| Néareolaíocht | 19 | 107 |
| Duánach | 3 | 56 |
| Oinceolaíocht | 2 | 10 |
| Haemaiteolaíocht | 2 | 13 |
| Riospráide | 1 | 29 |
| Inchríneolaíocht | 1 | 3 |
| **IOMLÁN** | **28** | **218** |


### Treocht an Éilimh Sheirbhíse

Éileamh ar sheirbhísí SAT ó 2017, idir 97 agus 218 gnáthamh sa bhliain, agus 142 gnáthamh ar an meán sa bhliain. Cuireadh 218 gnáthamh i gcrích in 2025, agus níl nósanna imeachta cealaithe san áireamh.

### Gnáthaimh Bhliantúla Iomlána 2017 - 2025



## Éileamh ar Sheirbhís 2021 - 2025 de réir na Míosa





### Seirbhís a sholáthar d'ospidéil

Ba é Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh (OOC), a rinne an méid is mó éilimh ar SAT, agus d'atreoraigh OOC 28 othar in 2025.

### Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

Ar aon dul le treochtaí a tugadh faoi deara le déanaí bhain formhór na n-atreoruithe le hothair a raibh riochtaí Néareolaíocha ag cur isteach orthu 19 (68%), riochtaí Duánacha 3 (11%), riochtaí Haemaiteolaíochta 2 (7%), riochtaí Oinceolaíochta 2 (7%), riochtaí Inchríneolaíochta 1 (3.5%) agus riochtaí Riospráide 1 (3.5 %). Tá gnáthaimh MPT agus MFCD san áireamh anseo.

## Othair de réir Speisialtachta i 2025



**Leibhéal práinne na Seirbhíse um Aifiréis Theiripeach riachtanach**
Ag brath ar chás cliniciúil an othair, na hacmhainní atá ar fáil (e.g. pearsanra agus trealamh), agus deiseanna cóireála eile atá ar fáil, tá Cás Éigeandála, Práinneach agus Gnáthchás rangaithe i dtreoir CAM mar seo a leanas:


**Cás Éigeandála:** Ba cheart tús a chur leis an ngnáthamh laistigh de 4 uair an chloig. Teastaíonn ón aonad Aifiréise go mbeidh an t-othar réidh chun cóireáil a fháil laistigh de 3 uair an chloig i ndiaidh an iarratais ar chóireáil éigeandála a dhéanamh.

**Cás Práinneach:** Ba cheart tús a chur leis an ngnáthamh laistigh de 4-8 uair an chloig.

**Gnáthchás:** Is féidir tús a chur leis an gcéad ghnáthamh laistigh de 24 uair an chloig (nó bunaithe ar shocrú a rinne an lia).
(Wu, Y., et al, 2019)

Tá othair a bhfuil níos mó ná atreorú amháin acu (3) san áireamh thíos anois bunaithe ar a n-atreorú is práinní

As 28 othar in 2025, cás éigeandála a bhí i gceist le 2 othar, cás práinneach a bhí i gceist le 5 hothar agus gnáthchás a bhí i gceist le 21 othar.




**Seirbhís ag an Deireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta**
Bíonn seirbhís ar fáil ag an deireadh seachtaine idir 8am agus 8pm don bhliain ar fad. Mar thoradh ar phrótacail laethúla/gach ré lá, is féidir go mbeidh seirbhís ag an deireadh seachtaine de dhíth. As measc na ngnáthamh a cuireadh i gcrích in 2025, rinneadh 19 (9%) ngnáthamh ag an deireadh seachtaine, 6 ghnáthamh (3%) i lár na seachtaine i ndiaidh 18:00. Tá eolas maidir le treocht éilimh (bunaithe ar ráithe na bliana) na seirbhíse ag an deireadh seachtaine/ar laethanta saoire bainc le fáil thíos.

**Rochtain shoithíoch d'othair agus gnáthaimh**
Éilíonn Aifiréis Theiripeach sruth fola den scoth, go háirithe do chlár dianchúraim nach maireann ach roinnt laethanta. Go ginearálta, bíonn tacaíocht ag teastáil ó Chataitéir Fhéitheacha Lárnacha (CFL) arna gcur isteach ag na seirbhísí ainéistéiseolaíochta nó raideolaíochta san ospidéal atreoraithe.

Cheadaigh CFLanna infhaighteacht chomhsheasmhach ar rochtain shoithíoch gan gá a bheith le féithpholladh rialta an othair. In 2025, bhí lárlíne ag teastáil ó gach othar MPT.

**Deireadh Seachtaine agus Laethanta Saoire Bainc 2023-2025**



## An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil haemafhaireachas riachtanach chun cleachtas fuilaistrithe cliniciúil sábháilte a fhorbairt. Bailíonn agus déanann foireann na hOifige measúnú ar fhaisnéis maidir le héifeachtaí gan choinne nó neamh-inmhianaithe a eascraíonn as fuilaistriú, agus forbraíonn sí straitéisí agus córais chun stop a chur le tarlú nó le hatarlú éifeachtaí. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH), atá lonnaithe i Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ). Ó cuireadh tús leis an gclár in 1999, tuairiscíodh 10,068 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach mar thoradh ar fhuilaistriú. Tá na figiúirí ar fad atá le fáil sa tuarascáil seo ceart ar an lá ar cuireadh isteach í. Téann ONH i mbun idirchaidrimh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (OFanna) atá bunaithe in ospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí Haemafhaireachais orthu. Lena chois sin, cothaíonn ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (LIH), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann (RA agus LFÉ).

### Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) – éigeantach agus neamhéigeantach

Déanann OHN athbhreithniú ar TTDanna ag féachaint do cháilíocht agus do shábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/CE an AE maidir le Fuil, agus ar TTDanna neamhéigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an fhuilaistriúcháin. Is iad forais fola, bainc agus saoráidí fola ospidéil a chuireann na tuarascálacha seo ar fáil. I rith 2025, tuairiscíodh 347 TTD do OHN. Measadh go raibh 147 de gach TTD éigeantach (42% de gach TTD). Lena chois sin, tuairiscíodh 200 TTD neamhéigeantach, (58% de gach TTD) a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla. Cuimsítear san fhigiúr sin teagmhais a bhain leis an bhFuil Chontráilte san Fheadán (líon=99) a bhailigh ONH.

### Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) – éigeantach agus neamhéigeantach

Nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh, tá na critéir a tuairiscíodh in 2025 á gcomhlíonadh ag 121 FTD. Tá laghdú tagtha ar líon na FTDanna Éigeantacha (83) a tuairiscíodh go dtí seo i gcomparáid le 2024 (103).

### Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

I gcomhréir le hAguisín II D agus III C de Threoir 2005/61/CE ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn i mbun fuilaistrithe mar aon leis na forais fola ar fad, foirm FBFTDT a líonadh agus a sheoladh ar ais chuig ONH. Thuairiscigh ONH 261 tuarascáil éigeantach in 2025 (do bhliain thuairiscithe 2024), agus bhí tiomsú thuarascáil FBFTDT 2025 ar siúl nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh.

### An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS)

Is é ÚRTS an tÚdarás Inniúil i ndáil le gach gné de threoir Fola an AE a chur chun feidhme agus, mar a tharla sna blianta roimhe seo, tionóladh cruinnithe rialta le ONH chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna chun teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

### Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach cláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair go dlúth le OHanna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh ar aghaidh le cúrsaí oideachais a chur ar fáil d'eolaithe leighis fochéime agus iarchéime agus do chláraitheoirí speisialtóra i rith na bliana. Tá ONH ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt le iLearn chun Modúil Ríomhfhoghlama a chur ar fáil. Tá dhá mhodúl bhreise curtha ag ONH le iLearn, agus tá 9 mhodúl ar fad ar fáil i láthair na huaire. Tá ONH páirteach i Líonra Fuilaistriúcháin na RA agus na hÉireann (RA agus LFÉ). Tá formhór na n-ospidéal in Éirinn agus cuid de na hinstitiúidí tríú leibhéal cláraithe ar an gclár. San áireamh anseo tá baill fhoirne ospidéil agus fochéimithe cúraim sláinte i roinnt ollscoileanna atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas cúrsa éigeantach.

**Comhdháil an ONH in 2025**

Reáchtáladh Comhdháil ONH in Óstán an Gibson, Baile Átha Cliath, ar an 25 Márta 2025 tráth a ndearnadh ceiliúradh ar 25 bliain de Haemafhaireachas in Éirinn. Bhí thart ar 180 toscaire ó earnálacha leighis, altranais agus eolaíochta i láthair ag an imeacht. Leis an gcomhdháil, cuireadh deis iontach ar fáil chun bualadh le comhghleacaithe agus teagmhálaithe nua líonra a fhorbairt le daoine eile atá ag obair i réimse an Haemafhaireachais in Éirinn agus thar lear.

Chuir an Dr. Andrew Godfrey, Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta SFÉ tús leis an gcomhdháil. Chuir foireann ONH achoimre ar fáil de na moltaí agus torthaí ó thuarascálacha a cuireadh faoi bhráid ONH le linn bliain tuairiscithe 2023. Bhí raon maith ábhar faoi chaibidil sa mhórchomhdháil, rud a spreag an-chuid spéise agus díospóireacht bhríomhar le linn an tseisiúin ceisteanna agus freagraí. Mar chuid den bhéim a bhí á leagan i rith an chruinnithe ar chúrsaí cliniciúla díríodh ar roinnt catagóirí fuilaistrithe lena n-áirítear ionfhabhtuithe nua, an t-athrú aeráide, cásanna GGSBF, oideachas maidir le Haemafhaireachas, todhchaí an Haemafhaireachais agus scéal pearsanta ó dhuine a bhain tairbhe as fuilaistriú.

Reáchtáladh comórtas póstaer freisin, i gcomhar leis an gComhdháil, rud a thug deis dóibh siúd a bhí i láthair a gcuid oibre agus tionscnamh maidir le fuilaistriú a chur i láthair. Fuair an comórtas 10 n-iontráil ó ospidéil agus ó IBTS, agus cúlra in altranas, eolaíocht agus leighras ag na breithiúna.

Ba é seo a leanas an teideal a bhí ar an bpóstaer buacach, 'Altraí Ardchleachtóra Cláraithe a bhfuil Táirgí Fola á nOideasú Acu: Athbhreithniú Cúig Bliana in SLÉ i gCromghlinn'.

Bhí seastáin ag roinnt taispeántóirí tionscail i rith an lae. Tríd is tríd, rinne na toscairí meastóireacht mhaith ar an gcomhdháil agus cabhróidh cuid de na moltaí a fuarthas chun an clár do chomhdhálacha a bheidh á n-eagrú amach anseo a dhearadh. Tá gach cur i láthair ar fáil ar shuíomh gréasáin SFÉ (sa chás go bhfuil cead tugtha ag an láithreoir) Foilseacháin agus Tuarascálacha Haemafhaireachais - Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann.

## Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ)

Príomhéachtaí:

- **2,296** deontóir curtha leis an gclár in 2025
- Claochlú ar earcaíocht deontóirí, agus deontóirí óga ag cur leis an gclárlann
- Tá CSNÉ creidiúnaithe le Cumann Domhanda na nDeontóirí Smeara (CDDS) agus d'éirigh leis athchreidiúnú a fháil i mí Eanáir 2026.

Is teiripe tharrthála beatha é trasphlandú ceall sinsir haematapóéiseach d'othair áirithe a bhfuil leoicéime orthu, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha dhúchais. I gcás go leor de na hothair nach bhfuil an rogha acu siblín atá meaitseáilte go hiomlán a úsáid, is féidir le deontóir neamhghaolmhar amháin as measc an 42 milliún deontóirí atá ar fáil ar fud an domhain rogha oiriúnach eile a chur ar fáil.

Chun freastal ar an ngá atá le deontóirí chun cealla sinsir haematapóéiseacha a dheonú d'othair Éireannacha agus d'othair ar fud an domhain, bunaíodh Chlárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) sa bhliain 1989.

Cuardaíonn Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann agus roghnaíonn sí deontóirí d'othair a bhfuil trasphlandú ag teastáil uathu in Éirinn. Tá bunachar sonraí ag an gClárlann freisin de dheontóirí in Éirinn atá toilteanach gaschealla fola a dheonú.

Déanann an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (SNTHI) tíopáil fíocháin ar dheontóirí atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar. Tá an chlárlann ceadúnaithe ag ÚRTS de réir Threoir Fíocháin an Aontais Eorpaigh 2004/23/CE.

### Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn CSNÉ deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ó bhunachar sonraí Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (DSD) ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn.

In 2025, atreoraíodh 140 othar go dtí CSNÉ do chuardaigh neamhghaolmhara.
Fuair **97** othar náisiúnta trasphlandú gascheall/insiltí limfícíte deontóra ó dheontóir neamhghaolmhar in 2025.

Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór. Is éard a bhí i gceist leis an **97** trasphlandú: **13** thrasphlandú smeara, **77** trasphlandú gascheall fola imeallach (TGFI), cuireadh táirgí ILD (insiltí limfícíte deontóra ó dheontóirí idirnáisiúnta) ar fáil do **7** n-othar.

### Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Tá ceangal idir CSNÉ agus Córas Eolais na hEorpa um Dheontóirí Smeara (CEEDS), ar córas cumarsáide é a chuireann ar chumas clárlann idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair tástáil leathnaithe.

Cuireadh **218** deontóir CSNÉ ar fáil le haghaidh othair náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rinne **49** de na deontóirí seo tástáil bhreise.

Roghnaíodh **10** gcinn de na deontóirí seo d'iarratais bhreise agus bhí **7** gcinn de na hiarratais ó chlárlanna idirnáisiúnta rud a bhí mar bhonn le 10 ndeonachán trasphlandaithe – **9 TGFI agus 1 ILD**.

### Earcú Deontóirí Éireannacha

I rith na bliana, chuir **2,296** deontóir nua samplaí fola ar fáil ionas go bhféadfaidís a bheith páirteach in CSNÉ, a chuirfear leis an gclár atá ann faoi láthair a bhfuil breis is **33,000** deontóir féideartha ainmnithe air.

# Cáilíocht agus Cloí

Lean an fheidhm Cháilíochta agus Chomhlíonta le cultúr cáilíochta a threisiú agus a leabú ar fud na heagraíochta, agus ag tacú le táirgí agus le seirbhísí sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dheontóirí agus d'othair. Bhí ról lárnach ag Córas Bainistíochta Cáilíochta (CBC) láidir sa chur chuige seo, córas a chumasaigh comhlíonadh rialála, éifeachtúlacht oibriúcháin agus éiteas a bhí dírithe go mór ar an gcustaiméir. D'oibrigh an fheidhm, ina bhfuil seacht réimse speisialaithe—Dearbhú Cáilíochta, Comhlíonadh Rialála, Bailíochtú, Rialú Cáilíochta, Forbairt Córas Cáilíochta, Cáilíocht TF agus Riosca agus Athléimneacht—i gcomhar lena chéile chun díriú ar phríomhchuspóirí straitéiseacha, lena n-áirítear tacú le saotharlanna chun caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh, éifeachtúlacht a fheabhsú ar fud gníomhaíochtaí cáilíochta, agus dlús a chur le cur chuige rioscabhunaithe, solúbtha.

I rith na bliana, leanadh ar aghaidh ag díriú ar chomhlíonadh faoi mhaoirseacht an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte, lena n-áirítear obair ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh agus rannpháirtíocht in 10 gcigireacht rialála agus dlús a cur le príomhthionscnaimh cosúil le athbhunú an Bhainc Fíocháin Súl agus aistriú EIC 15189:2022. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin i ndáil le claochlú digiteach agus córais, lena n-áirítear Córas Bainistíochta Cáilíochta Leictreonach nua agus córas Tuairiscithe Náisiúnta Haemafhaireachais. Ar aon dul leis sin, bhí baint ghníomhach ag an eagraíocht leis an aistriú go dtí Rialachán SBD an AE (Rialachán (AE) 2024/1938), agus in 2025 bhíothas dírithe ar fhorbairt rialachais, treoir theicniúil agus pleanáil feidhmithe luathchéime. Laistigh den chomhthéacs seo, tá tús curtha le gníomhaíochtaí ullmhachta, lena n-áirítear córais nua a chur chun feidhme agus athbhreithnithe cuimsitheacha próisis chun tacú le comhlíonadh amach anseo.

Ó thaobh cúrsaí oibriúcháin de, leanadh ar aghaidh le hardfheidhmíocht a thabhairt faoi deara i saotharlanna tástála cáilíochta agus cuireadh dlús ag an am céanna le tionscnaimh inbhuanaitheachta i ndiaidh chreidiúnú Ghradam Glas Mo Shaotharlann Ghlas a fháil. Thacaigh an fheidhm Bhailíochtaithe le 33 gníomhaíocht bhailíochtaithe i bpríomhréimsí lena n-áirítear bailiúcháin, tástáil, próiseáil, TF agus leigheas. In éineacht lena chéile, is fianaise iad na héachtaí seo ar thiomantas leanúnach do cháilíocht, comhlíonadh agus nuálaíocht, agus cinntítear go mbíonn ar chumas na heagraíochta freastal ar cheanglais rialála athraitheacha agus barr feabhais a chinntiú chomh fada is a bhaineann le cúram othar agus deontóirí.

## Comhlíonadh Rialála

**An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS)**

Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) cigireacht ar agus údaraíonn sé forais in Éirinn chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht Náisiúnta agus AE á comhlíonadh. Cuirtear gníomhaíochtaí SFÉ i gcrích ar bhealach a chinntíonn go bhfuil reachtaíocht infheidhme an Aontais Eorpaigh á comhlíonadh mar aon le hionstraimí reachtúla Éireannacha comhfhreagracha, lena n-áirítear go sonrach:

- Forais Fola: Treoir 2002/98/CE agus Treoracha Cur chun Feidhme 2004/33/CE, 2005/61/CE agus 2005/62/CE, arna dtrasuí in Éirinn ag I.R. Uimh. 360 de 2005 agus leasuithe gaolmhara;
- Fíocháin agus Cealla: Treoir 2004/23/CE agus Treoracha Cur chun Feidhme 2006/17/CE agus 2006/86/CE, arna dtrasuí ag I.R. Uimh. 158 de 2006 agus rialacháin ghaolmhara;
- Dea-chleachtas Déantúsaíochta (DCD) AE: EudraLex Imleabhar 4 (lena n-áirítear Cuid IV le haghaidh TIATanna agus Treoir 2003/94/CE ón gCoimisiún, arna Cur chun Feidhme i reachtaíocht Éireannach a bhaineann le táirgí íocshláinte;
- Dea-chleachtas Dáileacháin (CD) AE: Treoirlínte 2013/C 343/01 ón gCoimisiún, mar atá infheidhme faoi Rialacháin Táirgí Íocshláinte na hÉireann.

Cuirtear na gníomhaíochtaí ar fad i gcrích faoi Chóras Bainistíochta Cáilíochta seanbhunaithe agus tá siad faoi réir maoirseachta a bheidh á déanamh ag ÚRTS.

**Cigireachtaí ÚRTS 2025**

| Cineál údaraithe | Láthair na cigireachta | Dáta na Cigireachta | Laethanta an Imscrúdaithe | Gníomhartha Comhlíonta | Stádas |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dea-chleachtas Déantóra (GMP)** Uimh. Deimhnithe M11514/00001 | An tIonad Náisiúnta Fola (INF) | 18-20/02/25 | 3 | 50[2] | Dúnta |
| **Údarú Forais Fola** Údarú Uimh. BE-002 | Ionad agus Clinic Cheatharlach | 27/03/25 | 1 | 6 | Dúnta |
| | Ionad agus Clinic Bhaile Átha Fhirdhia | 14/05/25 | 1 | 5 | Dúnta |
| | Ionad Fuilaistrithe Réigiún na Mumhan (IFRM) | 26-28/08/25 | 3 | 10 | Dúnta |
| | An tIonad Náisiúnta Fola (INF) | 22-26/09/25 | 5 | 18 | Dúnta |
| | Ionad Thuama | 12/11/2025 | 1 | 10 | Dúnta |
| | Ionad Luimnigh | 02/12/2025 | 1 | 8 | Dúnta |
| **Dea-chleachtas Dáileacháin (CD)** Uimh. ÚDM: W00011/00001; W00011/00002; I4/2024 | An tIonad Náisiúnta Fola (INF) | 09/09/2025 | 1 | 42[3] | Dúnta |
| | Ionad Fuilaistrithe Réigiún na Mumhan (IFRM) | 10/09/2025 | 1 | | |
| **Údarú Forais Fíocháin** Údarú Uimh. TE012 | An tIonad Náisiúnta Fola (INF) | 22-23/10/2025 | 2 | 2 | Dúnta |
| **Iomlán** | | | **19** | **151** | |

2. Easnamh Mór Amháin: Córas Cáilíochta Cógaisíochta; Treoir DCD an AE Cuid I Caibidil 1 ailt 1.4 (ix) agus (xiv), 1.8 (xi); Caibidil 8 míreanna 8.2 agus 8.26.
3. Dhá Easnamh Mhóra: Treoirlínte CD an AE, Caibidil 1, Alt 1.2 agus Acht um Mí-úsáid Drugaí, 1977; Rialacháin um Mí-úsáid Drugaí, 2017.

**Athruithe agus Maoluithe ÚRTS 2025**

| Uimhir an Athraithe | Cur Síos | Dáta na hAighneachta | Dáta an Údaraithe |
|---|---|---|---|
| **Le Fógairt**<br>Uimh. ÚDM: W00011/00001 | Athrú formáidithe iarrtha ag ÚRTS, 'Táirgí slabhra fuar' go dtí 'Táirgí nach mór iad a láimhseáil i dteocht íseal - idir 2 agus 8°C agus faoi 0°C' | 28/11/2025 | Críochnaithe.<br>ÚDM nuashonraithe sínithe 05/01/26.<br>Curtha ar fáil ag ÚRTS ar an 12/06/26 |
| **Le Fógairt**<br>Uimh. ÚDM: W00011/00002 | | 28/11/2025 | Críochnaithe.<br>ÚDM nuashonraithe sínithe 05/01/26.<br>Curtha ar fáil ag ÚRTS ar an 12/06/26 |
| **Le Fógairt**<br>Údarú Forais Fíocháin Uimh. TE012 | Cuir soláthar coirní ó dheontóirí in Éirinn san áireamh | 05/11/2025 | Ar siúl.<br>Cruinniú agus cigireacht eagraithe don 17 agus 18 Feabhra 2026 |

**Rialachán AE nua**

**Substaintí de Bhunús Daonna (SBD) (Rialachán (AE) 2024/1938)**

I rith 2025, leanadh ar aghaidh le Cur chun Feidhme Rialachán an AE maidir le Substaintí de Bhunús Daonna (SBD) (Rialachán (EU) 2024/1938) ó ghlacadh beartais go dtí aistriú gníomhach. Bhí na príomhghníomhaíochtaí dírithe ar struchtúir rialachais ar leibhéal AE a bhunú, lena n-áirítear Bord Comhordúcháin SBD, agus dlús a chur le treoir theicniúil agus le gníomhartha Cur chun Feidhme. Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin i ndáil le hardán digiteach SBD an AE, agus tá obair ar siúl chun tacú le malartú sonraí comhchuibhithe, inrianaitheacht agus tuairisciú faireachais ar fud na mBallstát. Comhthreomhar leis sin, thacaigh maoiniú agus comhoibriú spriocdhírithe AE le comhlachtaí saineolaithe le forbairt acmhainne agus le hailíniú ag leibhéal náisiúnta.

Ar fud na mBallstát agus na n-eagraíochtaí, ba in 2025 a cuireadh tús le gníomhaíochtaí ullmhachta praiticiúla. San áireamh anseo bhí athbhreithnithe tosaigh ar chórais bhainistíochta cháilíochta, obair ullmhúcháin a bhain le ceanglais údaraithe agus chigireachta nuashonraithe, agus rannpháirtíocht luath le treoir a bhí á forbairt. Chomh maith leis sin, leagadh béim shuntasach ar chreataí sábháilteachta, faireachais agus leanúnachais soláthair ar aon dul le scóip mhéadaithe an Rialacháin. Laistigh de SFÉ, tá tús curtha le gníomhaíochtaí ullmhachta freisin, lena n-áirítear córais nua a chur chun feidhme agus athbhreithnithe cuimsitheacha próisis chun tacú le comhlíonadh amach anseo. Tríd is tríd, bliain thábhachtach ba ea í 2025 chomh fada is a bhain le Cur chun Feidhme comhordaithe, agus rinneadh an obair ullmhúcháin chun tacú le hullmhacht oibriúcháin iomlán roimh 2027.

**Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC)**

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú saotharlann in Éirinn chomh fada is a bhaineann le ÉIC 15189:2022. Cuireadh creidiúnú 405MT ar fionraí go deonach ar an 24/02/2025 chomh fada is a bhain le Saotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta na bhFuilcheall Dearg SFÉ.

**Forbairt Córas Cáilíochta**

In 2025 agus ag tús 2026, rinneadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail straitéiseacha, claochlú digiteach agus feabhsuithe ar an gcóras cáilíochta. Rinneadh dul chun cinn ar an gclár r-CBC trí gharspriocanna rialachais, riosca agus airgeadais i gcomhar leis an soláthraí, agus táthar ag leanúint ar aghaidh le bunachar sonraí na hOifige Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) a fhorbairt, i gcomhpháirt leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte. Tá sé beartaithe an bailíochtú a chur i gcrích agus an córas a chur ar fáil beo i Ráithe 2 2026. Chomh maith leis sin, chabhraigh an fhoireann le straitéis na heagraíochta agus le tionscnaimh athraithe, thacaigh sí le roinnt tionscadal ilréimsiúil agus rinneadh forbairt ar chleachtais bhainistíochta doiciméid.

Chuir feabhsuithe leanúnacha ar an gcóras bainistíochta cáilíochta SmartSolve feabhas ar éifeachtúlacht oibriúcháin, caighdeáin doiciméid agus rannpháirtíocht le húsáideoirí ar fud na heagraíochta. De bhrí gur leagadh béim mhór ar fhorbairt acmhainne cuireadh neart clár oiliúna ar fáil, nuashonraíodh acmhainní foghlama agus treisíodh ceanglais chomhlíonta do bhaill foirne agus do chonraitheoirí. Leanadh ar aghaidh le tús áite a thabhairt do rialachas agus maoirseacht láidir, trí thuairisciú cuimsitheach PTF, monatóireacht ar dheimhniú a bheith á chomhlíonadh agus forbairt leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeachta cáilíochta.

Go seachtrach, lean baill foirne Fhorbairt na gCóras Cáilíochta le láithreacht ghníomhach a bheith acu laistigh den phobal cáilíochta agus fuilaistrithe domhanda, ag cur le tionscnaimh de chuid an Chumainn Idirnáisiúnta Fuilaistrithe agus an Chumainn Drugaí Paireintreacha (CDP), agus tugadh aitheantas idirnáisiúnta don obair trí ghradam seirbhíse mór le rá ó CDP. Tríd is tríd, is fianaise iad na hiarrachtaí seo ar thiomantas do cháilíocht, nuálaíocht agus barr feabhais oibriúcháin.

## Príomh-mhéadracht 2025

**Dearbhú Cáilíochta agus Forbairt Córas Cáilíochta**

| Réimse | Méadracht | Toradh |
|---|---|---|
| Bainistíocht Doiciméid | Ordú athraithe próiseáilte | 572 |
| | Ordú athraithe tionscanta ag FCC | 75 |
| | Orduithe athraithe dúnta/scortha | 38 |
| | Athrú córais Curtha chun Feidhme | 83 |
| | Úsáideoir Nua ionsuite | 175 |
| | Saincheist SmartComm réitithe | 25 |
| | Scáilról réitithe | 3001 |
| Tuairisciú Teagmhais | Teagmhas ardaithe | 776 |
| Gearán | Tástáil Táirge Fola, Lochta, Seirbhíse nó Othair | 739 |
| | Aisghairmeacha | 329 |
| Bainistíocht ar Athrú | Rialú Athraithe ardaithe | 438 |
| Bithfhaireachas | Teagmhais Throma Dhíobhálacha | 100 |
| | Frithghníomhartha Troma Díobhálacha | 22 |
| | Faireachas Fíocháin (CSNÉ san áireamh) | 2 |
| Oiliúint agus Forbairt | Seisiúin oiliúna curtha ar fáil | 196 |
| | Taifead oiliúna (TOnna) próiseáilte | 339 |
| Rialachas agus Tuairisciú | Tuairiscí míosúla PTF/méadrachta curtha i gcrích | 100% |
| | Tuairiscí PTF ráithiúla curtha i gcrích | 100% |
| Tionscadail agus Córais | r-CBC, ONH | Ar siúl |

**Bailíochtú**

| 2025 | Pleananna Rialaithe Athraithe Ardaithe | Cothabháil Choisctheach / Calabrú | Cothabháil Cheartaitheach | Athcháiliú | Comhaontuithe ar Leibhéal Soláthraí |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Iomlán** | **229** | **2,459** | **213** | **555** | **39** |

### Tástáil Cáilíochta

Le linn 2025, chuir na foirne Tástála Cáilíochta tacaíocht leanúnach ar fáil. Baineanna na saotharlanna seo a leanas leis an réimse seo:

> An tSaotharlann Bainistithe Ábhair;
> An tSaotharlann Tástála Baictéaraí;
> An tSaotharlann Rialaithe Cáilíochta (Baile Átha Cliath agus Corcaigh).

I ndiaidh creidiúnú an Ghradaim Ghlais a fháil faoi Mo Shaotharlann Ghlas, lean na saotharlanna tástála Cáilíochta ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh inbhuanaitheachta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun páipéar a shábháil trí phriontáil nach raibh riachtanach a laghdú agus trí úsáid a bhaint as sínithe leictreonacha nuair ab fhéidir.

### An tSaotharlann Bainistithe Ábhair

Cuireann an tSaotharlann Bainistithe Ábhair raon feidhmeanna riachtanacha i gcrích i gcomhair SFÉ, trí bheith ag obair i ndlúthchomhar le Saotharlann IFD, Saotharlann TEFC, an Banc Fíocháin, Rialú Fardail, Forbairt Cleachtais agus Rialú Cáilíochta. Ba iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí agus príomhghníomhaíochtaí na saotharlainne in 2025:

> Bainistíocht agus baiscghlacadh tomhaltán fíorthábhachtach, amhail pacaí fola, tacair pláitíní, lipéid chriticiúla, imoibrithe agus tuaslagáin;
> Imscrúdú, tuairisciú agus treochtáil lochtanna ábhair agus bailíochtú athruithe a bhain le hábhar;
> Cigireacht agus scaoileadh rialaithe táirgí íocshláinte SFÉ agus bainistiú athghairmeacha táirgí íocshláinte gaolmhara;
> Rannpháirtíocht i gcláir Dhearbhaithe Cáilíochta Sheachtracha;
> Athbhreithniú agus barrfheabhsú an nóis imeachta ábhair chriticiúil agus treochtaí agus rianú lochtanna gaolmhar;
> Bainistiú na bpacaí nua d'Fhuilchealla Dearga Scoilte Nuabheirthe;
> Rannpháirtíocht i Saothair Chomhoibrithe Phaca Fola Idirnáisiúnta 1 agus 2;
> Bogearraí EasyFMD a chur chun feidhme in INF, chun a chinntiú go mbeidh Treoir an AE maidir le Cógais Leighis Falsaithe á comhlíonadh.

#### Gníomhaíocht Bainistithe Ábhair

| Bliain | Baisc Ábhar Criticiúil Glactha[4] | Imscrúdú Déantar ar Lochtanna Féideartha | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Pacaí Fola | Tacair Pláitíní | Míreanna DCD | Táirgí Míochaine |
| **2025** | 1,172 | 438 | 37 | 99 | 2 |
| **2024** | 1,017 | 224 | 20 | 26 | 18 |
| **2023** | >900 | 178 | 23 | 15 | 3 |

### An tSaotharlann Tástála Baictéaraí

Cuireann an tSaotharlann Tástála Baictéaraí raon feidhmeanna riachtanacha i gcrích do SFÉ. Oibríonn sí i ndlúthpháirt leis an mBanc Fíocháin in SFÉ agus leis an tSaotharlann Chrióibhitheolaíochta (OSS). Ba iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí agus príomhghníomhaíochtaí na saotharlainne in 2025:

> Gach táirge Pláitíní de chuid SFÉ a scagthástáil ag féachaint do láithreacht baictéir, chun an baol a bhaineann le hionfhabhtú baictéarach fuilaistrithe a laghdú;
> Monatóireacht Timpeallachta ar Chlinicí, Táirgeadh agus Iimistéir Sheachadta Seirbhísí Ospidéil SFÉ;
> Monatóireacht Timpeallachta ar Sheomraí Íonghlain SFÉ ar bhealach a chomhlíonann ceanglais Iarscríbhinn I DCD;
> Imscrúdú ar Fhrithghníomhartha Fuilaistrithe Amhrasta (FFAnna) arna n-atreorú ag ospidéil chustaiméara;
> Rannpháirtíocht i gcláir Dhearbhaithe Cáilíochta Sheachtracha; agus
> Bailíochtú an díghalráin ghinearálta Chemgene.

4. Lena n-áirítear Táirgí Íocshláinte.

### Gníomhaíocht tástála pláitíní

| Bliain | Pláitíní Taiscthe | Pláitíní aifiréise | Iomlán[5] | Pláitíní Taiscthe imithe caite | Pláitíní Aifiréise imithe caite | Iomlán caite |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2025** | 11,371 | 7,810 | 19,181 | 1,032 | 1,951 | 2,983 |
| **2024** | 10,116 | 7,854 | 17,970 | 688 | 2,008 | 2,696 |
| **2023** | 8,854 | 8,165 | 17,019 | 694 | 2,250 | 2,944 |

### Gníomhaíocht monatóireachta timpeallachta

| Bliain | Clinic[6] | Trealamh[6] | Limistéar GNA[6,7] | Grád D Seomraí Íonglain | Seomra Glan, Grád A/B/C | Caibinéid Bhithshábháilteachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2025** | 2,520 | 2,134 | 6,364 | 1,944 | 12,116[8] | 1,189 | 22,424 |
| **2024** | 1,957 | 1,702 | 3,418 | 2,090 | 11,976[9] | 1,163 | 22,306 |
| **2023** | 992 | 994 | 968 | 1265 | 12,144 | 690 | 17,053 |

### An tSaotharlann Dearbhaithe Cáilíochta

Déanann na Saotharlanna Dearbhaithe Cáilíochta raon d'fheidhmeanna riachtanacha do IBTS. Oibríonn siad go dlúth leis na Clinicí Aifiréise, an tSaotharlann Comhábhar, Lucht Leighis agus Dearbhú Cáilíochta. Ba iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí agus príomhghníomhaíochtaí na saotharlainne in 2025:

> Tástáil monatóireachta cáilíochta ar phláitíní, fuilchealla dearga agus táirgí plasma ar aon dul le ceanglais arna leagan amach ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra (SECL), áireamh pláitíní (ÁP) a dheimhniú mar aon le haemaglóibin (HB), haemataicrit (HCT) agus léici-ídiú (áireamh fuilcheall bán iarmharach (AFBI)) i dtáirgí ábhartha

> Aisghairmeacha ar chúiseanna a bhaineann le deontóirí nó táirgí a bhainistiú

> Uirlisí tástála fola HemoCue 301 a bhainistiú do chlinicí deonacháin fola SFÉ

> Tacaíocht tástála a chur ar fáil do thionscadail TEFC agus bhailíochtaithe Bainistíochta Ábhair (Pláitíní Fuarstóráilte, uirlisí nua TACSI, fuilchealla dearga nite saolré bhreise)

> Cnuasghlacadh breis is 150 seachadadh imoibrithe le húsáid ag an tSaotharlann Diagnóisice i gCorcaigh.

### Gníomhaíochtaí Tástála Dearbhaithe Cáilíochta

| Tástáil | ÁP / AFBI | | HB / HCT / AFBI | |
|---|---|---|---|---|
| **Táirge** | **Aifiréis Pláitíní** | **Linnte pláitíní** | **Cealla Dearga** | **Fuilchealla Dearga[10]** |
| **2025** | 7,862 | 2,038 | 2,813 | 416 |
| **2024** | 7,947 | 2,021 | 2,712 | 350 |
| **2023** | 8,165 | 1,978 | 2,681 | 243 |

5. Braitheadh 14 phláitín le baictéir; 25 imscrúdú maidir le frithghníomh fuilaistrithe amhrasta déanta.
6. Tá monatóireacht in IFRM san áireamh in 2025; ní raibh in 2023 agus 2024.
7. Rialaithe, Neamh-aicmithe.
8. In 2025, tugadh méadú faoi deara ar mhaipíneacht gléasanna i Seomraí íonghlan.
9. In 2024, tugadh laghdú faoi deara i ndáil le ceanglais mhonatóireachta uasteorann.
10. San áireamh sna táirgí speisialta Fuilcheall Dearg (FD) a tástáladh le haghaidh Hb agus HCT bhí FDanna Plasma-Laghdaithe, FDanna Athfhionraithe, FDanna Nite agus FDanna le haghaidh Fuilaistrithe Ionútaraigh.

# Gníomhaíochtaí Acadúla, Taighde agus Nuálaíocht

Tá clár taighde SFÉ tiomanta d'fhianaise thaighde a chur ar fáil chun seirbhísí fola agus fíocháin a chuirtear ar fáil d'othair a fheabhsú agus a fhorbairt. Bhuail baill Fhochoiste an Bhoird Taighde agus Forbartha (CTF) le chéile trí huaire i rith 2025, agus rinneadh monatóireacht ar an bhfeidhmíocht trí fhoilseachán acadúil, cáilíochtaí iarchéime, maoiniú a fháil agus cur i láthair ag comhdhálacha.


Tionscnamh straitéiseach tábhachtach a cuireadh chun feidhme i mbliana ba ea toiliú taighde sonrach do dheontóirí, chun tacú lenár seirbhísí taighde sláinte a chuirtear ar fáil do thaighdeoirí a seoladh i mí Dheireadh Fómhair. Tá ról tábhachtach ag comhfhiontar taighde ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh fada is a bhaineann leis an taighde atá á dhéanamh againn, agus tacaíonn a leithéid le dul chun cinn éifeachtach tionscadail agus le barr feabhais acadúil. Chuir na comhpháirtíochtaí acadúla seo ar ár gcumas maoiniú i bhfoirm deontas taighde a fháil in 2025, a chuirfidh ar bhealach suntasach leis an maoiniú taighde a bheidh ar fáil sna blianta amach romhainn.

Déanann an roinn taighde maoirseacht ar thart ar 10-15 thionscadal i rith na bliana. Déantar taighde ar roinnt gnéithe den chonair féith-go-féith, agus tugtar tús áite do thaighde atá mar bhonn leis an méid seo a leanas:

- Cur leis an méid atá ar eolas againn faoin gcúis go gcinneann daoine a bheith ina ndeontóirí, faoi na paraiméadair a bhfuil tionchar acu ar cháiliú deonacháin agus ar shláinte galair ionfhabhtaíoch;
- Tacú le forbairt a dhéanamh ar ár soláthar comhábhair pláitíní;
- Cur leis an tuiscint a bheidh ag seirbhísí fola amach anseo chomh fada is a bhaineann le teiripe cheallach a chur ar fáil;
- Imscrúdú a dhéanamh ar ról fhuilghrúpa ABO chomh fada is a bhaineann le haemastáis agus fuiliú príomhúil a rialú;
- Tacú le tacair sonraí deontóra-faighteora 'féith-go-féith' a fhorbairt.

**2021-2025**

- Cuireadh ábhar ar fáil i gcomhair 50 foilseachán acadúil
- Bhí ról ceannaireachta aige i ndáil le 36% d'fhoilseacháin acadúla
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do 27 cáilíocht iarchéime



# Straitéis

## Ceangail Fhóinteacha 2021 - 2025

### Dul chun cinn i ndáil le Cuspóirí Straitéiseacha 2025

Ba í 2025 an bhliain deiridh dár straitéis, Ceangail Fhóinteacha – SFÉ a Fhorbairt 2021 – 2025. Ba é an aidhm a bhí leis an straitéis seo ná seirbhís fola agus fíocháin a bhí níos nasctha, níos nuálaí agus níos solúbtha a fhorbairt – seirbhís a sholáthraíonn tacaíocht cúraim sláinte den chéad scoth trí chomhpháirtíochtaí níos láidre, barr feabhais oibriúcháin agus eispéireas feabhsaithe do dheontóirí, othair agus baill foirne. Ba é an aidhm a bhí ann ná SFÉ a nua-aoisiú trí thairbhe a bhaint as teicneolaíocht, cáilíocht agus cultúr ina raibh ról lárnach ag daoine chun seirbhís náisiúnta shábháilte, inbhuanaithe agus fhreagrúil a chur ar fáil amach anseo.

Le linn thimthriall cúig bliana na straitéise deiridh, d'éirigh linn soláthar sábháilte, iontaofa agus ar ardchaighdeán táirgí fola agus fíocháin a chur ar fáil, sástacht ball foirne lena bpoist a mhéadú agus a chinntiú go raibh fostaithe mórtasach as an obair a bhí á déanamh acu, tacaíodh le hathrú suntasach a raibh sé mar aidhm leis díriú ar chultúr eagraíochta a bhí níos oscailte agus dírithe ar fhoghlaim agus ar chomhoibriú, agus cuireadh tionscnaimh straitéiseacha bhunúsacha i gcrích a mbeifear ag cur leo i rith an chéad timthriall straitéise eile. Cuireadh an obair mhór seo i gcrích fad is a bhí cuid de na dúshláin is suntasaí le blianta beaga anuas le sárú againn. Cuirfear an méid a foghlaimíodh i rith an timthrialla straitéise seo san áireamh nuair a bheidh muid ag díriú ar ár dtreo agus cur chuige sna blianta amach romhainn.

Príomhéachtaí in 2025:

**Colún 1: Ag Tacú le Cúram Sláinte Níos Fearr**

**Ullmhaithe chun Banc Súl na hÉireann a athoscailt**

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2025 chomh fada is a bhain le Banc Súl na hÉireann a athoscailt. Is céim ríthábhachtach í athoscailt Bhanc Súl na hÉireann chomh fada is a bhaineann le soláthar baile coirní a chinntiú d'othair a bhfuil trasphlandú ag teastáil uathu in Éirinn agus ar an tslí sin, spleáchas ar shlabhraí soláthair leochaileacha a laghdú. In 2026, beidh an Banc Súl ag díriú ar an gcéad aisghabháil choirne, dlús a chur le pleananna chun aisghabhálacha a mhéadú agus acmhainn intí a fhorbairt chun coirní atá réidh do mháinliacht a ullmhú.

**Feinitíopáil stairiúil Curtha chun Feidhme**

Mar chuid den tionscnamh seo bunófar feinitíopáil stairiúil ar an gcéad agus ar an dara deonachán a thug deontóirí, agus beidh feinitíopa le fáil ar na lipéid ar gach deonachán a thugtar ina dhiaidh sin. Cinnteoidh sé sin go mbeidh soláthar fola a bheidh go hiomlán feinitíopáilte ar fáil, cuirfear cosc ar mhoilleanna a bhaineann le fuil atá oiriúnach a chur ar fáil d'othair a bhfuil riachtanais fuilaistrithe chasta acu agus beidh sé mar bhonn le héifeachtúlachtaí costais do SFÉ agus d'ospidéil ar fud na tíre.

**Colún 2: Barr Feabhais Oibríochtúil a Bhaint Amach**

**Príomhghníomhartha na straitéise inbhuanaitheachta Curtha chun Feidhme**

Ba é an aidhm a bhí ann dhá uasghrádú ar phríomhshaoráidí atá ailínithe lenár Straitéis Inbhuanaitheachta agus Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i gcrích in 2025. Cuireadh coirí gáis nua ar fáil san Ionad Náisiúnta Fola ag deireadh 2025, agus tá coigiltí le tabhairt faoi deara cheana féin. Beidh an t-uasghrádú éifeachtúlachta seo mar bhonn leis an méid gáis nádúrtha atá in úsáid san fhoirgneamh a laghdú go suntasach, agus meastar go mbeidh thart ar 560,840 kWh (104.88 tona $CO_{2e}$) de bhreosla á shábháil gach bliain. Cinnteoidh sé sin go mbeidh ár n-eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú amach anseo agus beidh plean teagmhais ann d'úsáid fuinnimh fad is a bheimid ag díriú ar leictriú amach anseo. Cuireadh an próiseas tairisceana bhain le huasghrádú soilse LED in INF i gcrích agus tá beartaithe tabhairt faoi na hoibreacha i Ráithe 1 2026. Lena chois sin, rinne SFÉ forbairt ar a Córas Bainistíochta Dramhaíola, Clár Taistil Níos Cliste agus Plean Pailneora Uile-Éireann i ngach suíomh SFÉ.

**Cuireadh córas tástála aigéid núicléasaigh (TAN) uasghrádaithe chun feidhme**

In 2025, thosaigh SFÉ ag baint úsáid as measúnacht Grifols UltrioPlex E (UPxE) le córas Grifols Procleix Panther a raibh ART (Panther ART) san áireamh ann. Is ionann an córas uasghrádaithe seo agus forbairt shuntasach do shaotharlann TAN. Trí mheasúnacht UPxE a úsáid is féidir víris éagsúla a bhrath ag an am céanna – measúnachtaí a bhí ann roimhe sin a chomhdhlúthú agus a ionadú – agus tacaíonn meánearraí nua agus cóid tástála TAN eProgesa le bainistíocht torthaí tástála feabhsaithe. Beidh na hoibreacha uasghrádaithe seo mar bhonn le héifeachtúlacht mhéadaithe agus sreabhadh oibre feabhsaithe, gan caighdeáin sábháilteachta agus cháilíochta atá mar bhonn lenár gcuid oibre a chur i mbaol.

**Forbraíodh plean feidhmithe mionsonraithe chun déileáil leis na moltaí a rinneadh san athbhreithniú ar Sheirbhísí agus ar Bhailiúcháin Deontóra**

In 2025, rinne SFÉ obair chun tús a chur le Clár Athraithe Ilbhliantúil Eispéiris Deontóirí agus Bailiúchán. D'fhorbair agus d'fhaomh an Bord creat feidhmithe chun tacú le Cur chun Feidhme.

**Cumasóir 4: Pobal agus Cultúr**

**Córas Bainistíochta Foghlama a Chur Chun Feidhme**

Seoladh iLearn SFÉ i Ráithe 4 2025 a sholáthraíonn rochtain ar líne ar ardán nua áit a bhfuil na cúrsaí oiliúna éigeantacha ar fad le fáil in aon áit amháin, mar aon le rochtain ar chatalóg ábhair oscailte agus próiseas chun rianú agus deimhniú a bhainistiú. Ó seoladh iLearn, tá forbairt déantar ar chatalóg foghlama SFÉ agus tá ábhar nua curtha ar fáil lena n-áirítear: modúl Inbhuanaitheachta SFÉ, modúl feasachta maidir le Barainneacht, Dínit san Áit Oibre agus Cód Iompraíochta. Ag deireadh na bliana, bhí breis is 90% de na baill foirne cláraithe chun úsáid a bhaint as iLearn.

**Tús a Chur le Clár Athraithe maidir le Barainneacht**

In 2025, sheol SFÉ Barainneach agus Fonnmhar - Clár Athraithe maidir le Barainneacht agus Acmhainn Inmheánach ar fud SFÉ. I measc na bpríomhéachtaí in 2025 bhí an cás a bhain le hathrú a shainiú i gcomhpháirt lena chéile, príomhdhúshláin a aithint trí mhapáil próisis, cúrsaí oiliúna feasachta agus cumarsáide a chur ar fáil ar fud na heagraíochta mar aon le cúrsaí oiliúna saincheaptha Creasa Buí, cúrsaí oiliúna Creasa Ghlais a bhunú mar aon le Líonra Gníomhaithe Athraithe, agus seoladh tionscadal Creasa Duibh straitéiseach Fola agus ceithre thionscadal Creasa Ghlais.

**Ár Straitéis Nua a Fhorbairt**

Deis úsáideach ba ea forbairt na straitéise nua chun machnamh a dhéanamh ar ár bpríomhchuspóir, ar na seirbhísí ríthábhachtacha atá á gcur ar fáil againn, ar an mbealach a bhfuil na seirbhísí sin á gcur ar fáil againn agus ar na luachanna a threoraíonn ár gcuid oibre gach lá. I gcaitheamh na bliana, bhain an Bord agus an Feidhmeannas tairbhe as cur chuige comhoibríoch agus ionchuimsitheach maidir le forbairt ár gcéad ráiteas straitéise eile. Tá an straitéis nua bunaithe ar ghuthanna raon leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Choimisiúnaíomar taighde neamhspleách leis an bpobal i gcoitinne agus lenár ndeontóirí. Rinneadh an taighde seo trí shraith fócasghrúpaí ar líne, agallaimh theileafóin agus suirbhéanna chun teacht ar thuiscint ar na cúiseanna ar bhain daoine úsáid as ár gcuid seirbhísí agus faoin tslí is fearr is féidir linn a riachtanais agus ionchais a chomhlíonadh. Rinneamar suirbhé sna hospidéil ina mbímid ag obair agus chuamar i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha othair chun teacht ar thuiscint ar na rudaí atá tábhachtach dar leo.

Chuireamar ionadaithe rialtais, rialála agus foras fola eile faoi agallamh chun teacht ar thuiscint ar ionchais, chun an méid a bhí foghlamtha againn a roinnt agus chun bonn eolais a chur ar fáil dár smaointeoireacht straitéiseach. Ar deireadh, labhraíomar lenár mbaill foirne agus lenár mBord chun machnamh a dhéanamh ar ár gcumas inmheánach agus ar fhachtóirí macraithimpeallachta chun bonn eolais a chur ar fáil dár dtreo amach anseo.

D'fhaomh an Bord **Todhchaí Níos Sláintiúla – Straitéis SFÉ 2026 – 2030** i Ráithe 4 2025 agus d'fhaomh an Roinn Sláinte an Straitéis in 2026. Is ionann ár straitéis agus treochlár roinnte — a threoróidh ár gcuid oibre nuair a bheimid ag freagairt do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. Táimid ag súil le bheith ag obair lenár ndeontóirí flaithiúla, ár bhfoirne ardoilte agus díograiseacha, agus ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta chun díriú ar uaillmhianta an phlean straitéisigh seo. In éineacht lena chéile, táimid tiomanta don straitéis seo a chur chun feidhme chun todhchaí níos sláintiúla a chinntiú, a bheidh cumhachtaithe ag gach deonachán saol-athraitheach.

# Riosca

Tá an fheidhm Riosca agus Athléimneachta freagrach as tacú le húinéirí riosca le haithint, measúnú agus bainistiú rioscaí sna feidhmeanna éagsúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas SFÉ oibríochtaí agus seirbhísí criticiúla a chur i gcrích. San áireamh anseo tá cabhair a thabhairt le creataí bainistíochta riosca, pleanáil leanúnachais ghnó, bainistíocht géarchéime, comhlíonadh rialála agus athléimneacht oibriúcháin. Oibríonn an fheidhm i ngach réimse gnó de SFÉ chun cultúr riosca láidir a leabú, tacú le cinnteoireacht eolasach agus cabhrú le hullmhacht do bhagairtí atá ag teacht chun cinn.

Tá an tábhacht a bhaineann léi fréamhaithe i mbaill foirne, sócmhainní, cáil agus cobhsaíocht airgeadais SFÉ a chosaint. Trí iarracht réamhghníomhach a dhéanamh éiginnteacht a bhainistiú agus athléimneacht a threisiú, cabhraíonn an fheidhm le Cur chun Feidhme beart a threisíonn leanúnachas oibríochtaí criticiúla, i dtimpeallacht riosca atá ag éirí níos casta agus níos éagsúla.

**Príomhéachtaí:** Cuireadh gníomhartha maolaithe i gcrích chun scór riosca cuid de na príomhrioscaí dearga a laghdú. Bunaíodh próisis nua don riosca cibearshlándála agus bunaíodh Grúpa Rialachais Cibir-Riosca.

**Príomhdhúshláin - Rioscaí Leanúnachais Gnó:** Tá cur isteach mar gheall ar an aimsir ag tarlú níos minice. D'fhéadfadh srianta taistil, briseadh cumhachta agus ganntanas uisce a bheith i gceist mar gheall ar dhrochaimsir. D'éirigh le SFÉ déileáil go héifeachtach le teagmhas aimsire dearg a bhain le Stoirm Éowyn in 2025.

## Creat Bainistíochta Riosca

**Rialachas Riosca:** Rinneadh bainistíocht leanúnach ar rioscaí tríd an gclárlann rioscaí corparáideacha agus tuairisciú riosca ráithiúil don bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (FBF), don Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta (CIRC) agus don Bhord.

**Beartais agus Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca:** Tá creat cuimsitheach beartas agus nósanna imeachta ag SFÉ a úsáidtear chun riosca corparáideach, riosca cibearshlándála agus leanúnachas gnó a bhainistiú. Tá na creataí seo deartha chun riosca a aithint, a mheas agus a mhaolú i sé réimse oibre SFÉ.

**Inghlacthacht agus Lamháltas Riosca:** Tríd is tríd, tá inghlacthacht agus lamháltas riosca íseal ag SFÉ agus déantar iarracht rioscaí nó gníomhartha a sheachaint chun an seans go dtarlóidh an riosca a laghdú nó chun deireadh a chur leis an riosca.

## Aithint agus Measúnú Riosca

**An Timpeallacht Riosca:** Laghdaíodh an scór riosca trí ghníomhartha maolaithe a chur i gcrích a bhain le rioscaí comhlíonta i ndáil le Rialachán Cosanta Sonraí Taighde Sláinte, cúrsaí oiliúna éigeantacha do bhaill foirne agus leibhéil foirne chriticiúla. Lean an Grúpa um Bainistíocht Fola Éigeandála (BFÉ), a bunaíodh in 2021, ar aghaidh ag baint úsáid as Plean Bainistíochta Fola Éigeandála (BFÉ) SFÉ chun ganntanas Comhábhar Fuilcheall Dearg a bhainistiú. Tagann an plean go maith leis an bPlean Náisiúnta Comhairleach Fuilaistriúcháin (NTAG) do SFÉ, FSS agus Ospidéil i bPoblacht na hÉireann chun dul i ngleic le Ganntanais Chill Dhearg. Bhain SFÉ tairbhe as feachtais náisiúnta agus d'iompórtáil sí stoc in 2025 chun cabhrú leis an stoc fola náisiúnta.

**An Próiseas Measúnaithe Riosca:** Déanann SFÉ measúnú ar rioscaí trí úsáid a bhaint as feidhmchlár bogearraí riosca, a éascaíonn lamháltas riosca a dhoiciméadú mar aon le scóir riosca bhunúsacha, rialuithe atá bunaithe, scóir riosca iarmharacha agus gníomhartha maolaithe chun scór riosca agus athbhreithnithe riosca úinéirí riosca a laghdú.

## Leanúnachas Gnó

Chuir SFÉ cleachtadh leanúnachais gnó i rith foláirimh aimsire dheirg i gcrích in 2025 a raibh saineolaí leanúnachais gnó seachtrach ag tacú leis. Ba é an aidhm a bhí leis an oiliúint / cleachtadh boird seo scileanna agus cumas SFÉ déileáil le géarchéim a threisiú.

D'fhreastail an Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ar fhóraim maidir le leanúnachas gnó a raibh an Chomhghuaillíocht Eorpach Fola, SNSFT agus Líonra Leanúnachais Gnó na hÉireann ag tacú leis chun a chinntiú go leanfaidh SFÉ de bheith ar an eolas faoi rioscaí nua, forbairtí rialála agus dea-chleachtas tionscail. Tacaíonn rannpháirtíocht sna líonraí gairmiúla leo le léargas a roinnt mar aon le ceachtanna foghlama agus cur chuige nuálach maidir le hathléimneacht agus bainistíocht géarchéime.

Díríodh ar dheais Leanúnachais Gnó (LG) SFÉ in 2025. Is é an aidhm atá leis an deais seo ná córas láidir a chur ar fáil chun torthaí tástála LG agus gníomhartha ina dhiaidh sin a thaifeadadh, a rianú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

# Acmhainní Daonna

Bliain ar leith ba ea 2025 do SFÉ chomh fada is bhain le haitheantas náisiúnta a fháil. Bhuaigh ár bhfoirne inbhuanaitheachta, sláinte agus folláine, agus na foirne táirgthe duaiseanna a tharraing aird ar chaighdeán iontach a gcuid oibre agus suntas a n-éachtaí i réimsí a bhí thar a bheith iomaíoch.

**Buaiteoirí**







**Gearrliostaithe**

- Gradaim Bairr Feabhais san Áit Oibre (Meitheamh) – An Áit Oibre is Airdeallaí ar an Timpeallacht
- Duaiseanna Éachtaí Fuinnimh Gnóthaí (Lúnasa) – Gradam do Nuálaíocht Dícharbónaithe agus Gradam d'Éacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí

## Pobal agus Cultúr

Ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha ONEHR a bhfuil cur síos déanta orthu in 'Ag Athrú le Chéile - Daoine: Cultúr: Naisc', Plean Straitéiseach Foirne Oibre SFÉ a cuireadh i láthair na Roinne Sláinte agus a ceadaíodh i mí na Nollag 2024. Leanadh ar aghaidh le pleananna a dhéanamh don fhoireann oibre oibriúcháin trí Ghrúpa Straitéiseach na Foirne Oibre agus na Pleanála Airgeadais in 2025 chun a chinntiú go raibh na daoine cumasacha riachtanacha ag SFÉ chun a seirbhís a chur ar fáil agus chun tacú leis na huaillmhianta straitéiseacha foriomlána a chomhlíonadh.

Tá an margadh ball foirne cumasach sna fearainn chúraim sláinte agus riaracháin fós iomaíoch. Bhí an ráta iomlán aistrithe ball foirne cothrom le 11.3% agus bhí an ráta aistrithe deonach cothrom le 6.4%. Reáchtáladh 162 feachtas earcaíochta ar fad in 2025.

**Earcaíocht / Athrú foirne**

635
fostaithe

77
fágálaithe

162
bhfeachtas earcaíochta eagraithe


7
ball foirne imithe ar scor in 2025 agus 8 mball foirne eile ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndiaidh a n-aois scoir íosta

167
ceapacháin nua

### Gradaim Seirbhíse Fada


In 2025,
**1** bhall foirne ag ceiliúradh 50 bliain seirbhíse;
**3** bhall foirne ag ceiliúradh 30 bliain seirbhíse;
**14** bhall foirne ag ceiliúradh 20 bliain seirbhíse;
agus **9** mball foirne ag ceiliúradh 10 mbliana seirbhíse

### Asláithreacht





Bhí an ráta asláithreachta iomlán mar thoradh ar shaoire bhreoiteachta cothrom le **5.50%** (v **7.32%** meánráta FSS).

### Próifíl Aoise




### Próifíl Inscne



### Bearna Phá idir Inscní

Is éard atá i gceist leis an mbearna phá idir na hinscní ná an difríocht sa mheánphá in aghaidh na huaire idir fir agus mná atá páirteach san fhoireann oibre, beag beann ar ról, grád nó sinsearacht. Ní beart atá bunaithe ar phá comhionann le haghaidh obair chomhionann atá ann, is ceanglas dlí ar leith é sin.

Maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a tugadh faoi deara in SFÉ in 2025, tá an bhearna airmheánach cothrom le 6.9% agus le 0.7%, dhá fhigiúr atá go maith faoi bhun an mheáin náisiúnta agus níos ísle ná go leor eagraíochtaí eile san earnáil sláinte trí chéile.

- Léiríonn torthaí IBTS um bearna phá idir inscní, go dtuilleann mná i mbuanfhostaíocht agus fostaíocht shealadach lánaimseartha níos lú sa mheán in aghaidh na huaire ná mar a thuilleann a gcomhghleacaithe fir. Tá an treocht seo aisiompaithe beagán i gcás fostaithe páirtaimseartha;
- Tugadh an bhearna phá airmheánach is airde faoi deara i gcomhthéacs na hoibre lánaimseartha agus is féidir glacadh leis sin mar an tacar sonraí is fiúntaí de bhrí gurb ionann róil lánaimseartha, de ghnáth, agus an phríomhfhoireann oibre agus na poist a thuilleann an pá is airde;
- Tá an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire níos lú i ngach catagóir a bhaineann le mná i gcomparáid le fir; ach tá an bhearna phá a bhaineann le róil lánaimseartha, 2.1%, agus le róil pháirtaimseartha, 2.3%, beag;
- Is ionann an figiúr airmheánach don fhoireann oibre shealadach agus bearna 13.9%, fianaise ar dhifríocht fhiúntach sna cineálacha ról atá ag fir i gcomparáid le mná;
- Tá níos mó ban le fáil i ngach ceathairíl i ngach catagóir, rud atá ionadaíoch ar dhéimeagrafaic na heagraíochta (75%B, 25%F);
- Is mná atá i gceist le 70% den cheathairíl uachtair lánaimseartha agus is mná atá i gceist le 95% den cheathairíl shealadach níos ísle, fianaise go bhfuil níos mó ban i mbun na ról a thuilleann pá níos ísle.

Tá SFÉ tiomanta d'fheabhas leanúnach agus tá raon tionscnamh Curtha chun Feidhme aici chun tacú le cothromaíocht inscne agus le dul chun cinn cothrom. Tá SFÉ tiomanta do chultúr ionchuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn. Tá a fhios againn go dtacaíonn éagsúlacht le cinnteoireacht, fadhbréiteach, nuálaíocht agus feidhmíocht níos fearr.

Leanadh ar aghaidh le ballraíocht SFÉ i gClub 30% FBÉ don dara bliain agus glacadh páirt i gclár meantóireachta FBÉ, fianaise ar ár dtiomantas chomh fada is a bhaineann le huaillmhianta éagsúlachta a chur san áireamh inár straitéis ONEHR.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 2025 a Chur Chun Feidhme




IBTS Public Sector Equality & Human Rights Duty 2025 Initiative

### Cláir Oiliúna:

I measc na modúl oiliúna a bhain le comhionannas agus ionchuimsiú a cuireadh ar fáil don fhoireann in 2025 bhí:

- Ceanglaítear ar gach ball foirne nua anois, i rith a gcéime ionduchtaithe, modúl Ríomhoiliúna maidir le Feasacht ar Mhíchumas a chur i gcrích (i gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Míchumais);
- De bhrí gur cuireadh tús le húsáid a bhaint as ár gcóras bainistíochta foghlama nua, seoladh modúl oiliúna éigeantach nuashonraithe maidir le Dínit san Áit Oibre ar fud na heagraíochta;
- Chun tacú le feasacht ar an meanapás, eagraíodh seimineár gréasáin a bhain le stíl bheatha, cothú agus leigheas don fhoireann ar fad.

### Rannpháirtíocht san Áit Oibre

Rinneadh ceiliúradh ar fud na heagraíochta chun aitheantas a thabhairt d'imeachtaí suntasacha, lena n-áirítear Lá Idirnáisiúnta na mBan, Seachtain Cheiliúrtha na Néara-éagsúlachta agus Bród 2025, rud a chabhraigh chun timpeallacht oibre ionchuimsitheach agus thacúil a chur ar fáil do gach duine. Lena chois sin, eagraíodh modúil maidir le Sláinte na mBan agus na bhFear; Néara-éagsúlacht; agus tacaíocht LADTA san áit oibre inár dTairseach Cúnaimh d'Fhostaithe chun acmhainní agus tacaíocht níos fearr a chur ar fáil d'fholláine ár bhfostaithe.

### Clár Ionchuimsithe:

Tá téarma eile le cur isteach ag comhaltaí coiste SFÉ ar Fhochoiste Monatóireachta Míchumais na Roinne Sláinte agus Foghrúpa Teicniúil Míchumais FSS, fianaise ar ár dtiomantas chomh fada is a bhaineann le beartas maidir le cearta míchumais agus ionchuimsiú san áit oibre, san earnáil sláinte poiblí, a fhorbairt.

Tá ionadaíocht 5% bainte amach againn chomh fada is a bhaineann le baill foirne atá faoi mhíchumas, pointe a bhfuil fianaise le fáil air inár ndaonáireamh foirne 2025 a bhaineann le ÚNM, agus tá an sprioc íosta, 4.5%, sáraithe.

Den tríú bliain as a chéile, chuireamar obair i gcrích i gcomhpháirt le FÉ agus le AHEAD, i ndáil le teicneolaíocht thacúil chun cur ar chumas daoine faoi mhíchumas a bheith ag obair in SFÉ. Táimid ag leanúint ar aghaidh lenár gcomhpháirtíocht 3 bliana leis an ngrúpa pobail Festina Lente, a eagraíonn socrúcháin oibre le fostóirí do dhaoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Táimid ag tacú anois le dhá chliant-úsáideoir Festina Lente atá i mbun róil íoctha lenár bhfoirne i gClinic Shráid D'Olier agus i gClinic Stigh Lorgan.

Ghlacamar páirt i gcomhpháirtíocht nua le Cumann Disléicse na hÉireann chun comhairle a chur ar bhainisteoirí maidir le tacú le baill foirne a bhfuil disléicse orthu.

Cuireadh clár oiliúna maidir le "Béarla Simplí" ar fáil do na baill foirne ar fad a bhí freagrach as doiciméid theicniúla a dhréachtú agus a eisiúint. Ba é an cuspóir a bhí ann rochtain agus tuiscint ar eolas agus ar dhoiciméid fhoirmiúla SFÉ a fheabhsú agus a fhorbairt, eolas agus doiciméid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó úsáideoirí difriúla, go hinmheánach agus go seachtrach.

In 2025, nuashonraíodh an teicneolaíocht rianaithe díchódaithe inscne agus éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a bhí á hóstáil ar IrishJobs.ie agus LinkedIn agus á Cur chun Feidhme inár bhfógraíocht agus cumarsáid maidir le folúntais poist.

### Foireann Oibre na Todhchaí a Mhúnlú - Foghlaim agus Forbairt (F&F)

Tá SFÉ fós tiomanta do thacú le forbairt agus fás ceannairí i ngach cuid den eagraíocht agus tacaíonn sí le cultúr atá oscailte agus a spreagann gach duine chun feidhmiú mar cheannaire.

Chuir 22 ceannaire agus daoine a bheidh ina gceannairí amach anseo an clár CCÉ Leibhéal 6 "Daoine a Threorú agus a Bhainistiú" i gcrích i gcomhar le hOiliúint SQT.

Leanadh ar aghaidh le comhpháirtíocht leanúnach le hOllscoil Luimnigh in 2025. Rinneamar infheistíocht in athdhearadh ár gcláir weLEAD a scrúdaíonn ceannaireacht ag leibhéal foirne agus a chuireann le forbairt ceannairí aonair trí iLEAD. Ghlac 11 rannpháirtí páirt in weLEAD.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh F&F i gcomhpháirt go hinmheánach leis an bhfoireann oibriúcháin AD do Shraith Chumasaithe Bhainisteoir SFÉ. Is é an aidhm atá leis an tsraith seo ár mbainisteoirí daoine a chumhachtú agus, ag an am céanna, ceannairí SFÉ a thabhairt le chéile chun aird a dhíriú ar ábhair a bhaineann go sonrach le bainistíocht AD.

I rith na sraithe díríodh ar ghearáin agus ar ábhair chasaoide fostaithe a bhainistiú, tearcfheidhmíocht agus iompar dúshlánach fostaithe a bhainistiú, agus tinreamh agus saoire a bhainistiú. Thaitin an fhormáid seo le daoine, freastalaíodh ar riachtanais foghlama agus leanfar ar aghaidh le tairbhe a bhaint aisti in 2026.

## Bainistiú Tallainne

### Pleanáil Chomhleantachta

Treisíodh próiseas pleanála comharbais soiléir i mbliana trí iniúchadh inmheánach a rinne measúnú ar chleachtais a bhí bunaithe cheana féin, a d'aithin bearnaí agus a mhol feabhsuithe spriocdhírithe, lena n-áirítear athbhreithniú agus foilsiú ár mbeartais inmheánaigh. Chuir an eagraíocht na torthaí ar fad chun feidhme, a bhí mar bhonn le rianú píblíne tallainne níos struchtúrtha, critéir ullmhachta róil níos soiléire agus doiciméadú níos fearr ar phleananna forbartha do phríomhphoist. Bhí ról gníomhach ag stiúrthóirí i rith an phróisis, ghlac siad páirt in dhá sheisiún athbhreithnithe fhoirmiúla nua tráth a ndearna siad meastóireacht ar dhul chun cinn, bailíochtú ar róil tosaíochta agus dheimhnigh siad go raibh dul chun cinn sásúil á dhéanamh i ndáil le gníomhartha maolaithe. Tacaíonn an cur chuige measctha seo atá bunaithe ar léargas iniúchta, obair leantach oibriúcháin agus maoirseacht ar leibhéal an Bhoird, le píblíne cheannaireachta níos athléimní agus soláthraíonn sé dearbhú níos láidre.

## Foghlaim Leanúnach a Leabú

### Cumasú Teicneolaíochta

Seoladh iLearn, Córas Bainistíochta Ríomhfhoghlama Sláinte (CBRS) SFÉ i mí Dheireadh Fómhair 2025 i gcomhpháirt le FSS agus a soláthraí seirbhíse. Faoi dheireadh 2025, bhí breis is 90% d'fhostaithe cláraithe ar an ardán nua agus bhí modúl ar líne amháin ar a laghad curtha i gcrích ag 54% d'fhostaithe ar ardán iLearn.

Ascnaíodh na 5 mhodúl ríomhfhoghlama a bhain le Sláinte agus Sábháilteacht chuig iLearn, mar aon le Feasacht ar Chrios Bán BARAINNEACH, Cód Iompair, agus ár modúil Forbartha Feidhmíochta agus Taighde agus Forbairt. Chomh maith leis sin, seoladh dhá mhodúl nua ar líne don eagraíocht: Dínit san Áit Oibre agus Inbhuanaitheacht. Leanadh ar aghaidh le haird a tharraingt ar Rannpháirtíocht agus ar Thús Áite do Chomhlíonadh chun cabhrú le leibhéil chomhlíonta ar fud na heagraíochta a fheabhsú.

Cuireadh tuilleadh oibre i gcrích in 2026 a mbeidh sé mar aidhm léi foghlaim chumaisc leanúnach a leabú agus na huirlisí agus an teicneolaíocht a chur ar fáil chun eispéireas fostaithe a fheabhsú agus chun tacú le tuilleadh comhlíonta.

### Comhlíonadh

Leanadh ar aghaidh le tús áite a thabhairt do chomhlíonadh mar chuid de chúrsaí oiliúna éigeantacha in 2025. Sa chéad leath den bhliain, ghlan an fhoireann F&F próifílí agus tascanna oiliúna chun ullmhú don ascnamh go dtí iLearn. Laistigh de iLearn, is féidir le fostaithe na modúil oiliúna atá fós le críochnú acu a fheiceáil go soiléir, nó na modúil nach mór dóibh iad a dhéanamh arís. Tá leathanach deaise do bhainisteoir líne á fhorbairt agus beidh sé ar fáil ag tús 2026.

D'oibrigh F&F i gcomhpháirt leis na foirne Córas Cáilíochta agus TF chun tairbhe a bhaint as cur chuige níos cuíchóirithe maidir le comhlíonadh a thuairisciú. Forbraíodh tuarascáil mhíosúil chomhtháite a cuireadh faoi bhráid FBF rud a thacaigh le sonraí comhlíonta éigeantacha a chur ar fáil i ndáil le F&F, Cáilíocht agus TF (cibearshlándáil agus cosaint sonraí). Bhí sé seo mar bhonn le níos mó feasachta ar bhearnaí, laghdú ar bhearnaí agus tuilleadh comhoibrithe le foirne chun ceanglais a athbhreithniú agus chun cúrsaí oiliúna a bhunú.

### Forbairt Feidhmíochta

Leanadh ar aghaidh le tús áite a thabhairt d'Fhorbairt Feidhmíochta in 2025, agus le tiomantas leanúnach maidir le tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar fud na heagraíochta. Lean F&F ar aghaidh le tairbhe a bhaint as cur chuige réamhghníomhach chun tacú le fostaithe agus bainisteoirí, go háirithe chun tacú le fostaithe chun spriocanna SICRU a shocrú. D'oibrigh F&F go díreach le fostaithe agus bainisteoirí, éascaíodh seimineáir ghréasáin a bhain le spriocanna a shonrú agus cuireadh ceardlanna ar fáil do dhaoine chun muinín a chothú mar aon le comhsheasmhacht i ndáil leis an gcur chuige maidir le Forbairt Feidhmíochta.

Bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó fhostaithe, roinneadh treoir féinmheastóireachta agus banc ceisteanna nua mar acmhainní, cuireadh uirlisí praiticiúla ar fáil d'fhostaithe agus do bhainisteoirí chun tacú le machnamh agus le comhráite forbartha. Baineadh tairbhe as gnéithe ardáin nua, lena n-áirítear feidhm uaslódála agus uathshábhála, chun neamhréir leis an ardán nó próiseas a laghdú.

Bhain dúshláin oibriúcháin le foinsí seachtracha agus le comhthéacs oibriúcháin ár seirbhíse i ndáil le soláthar agus éileamh agus teagmhais adhaimsire, chomh fada is a bhain le leibhéil rannpháirtíochta arda a chinntiú ar fud na heagraíochta.

## Ár gCultúr a Shaibhriú

**Seirbhísí BARAINNEACHA Six Sigma - Clár BARAINNEACH agus Fonnmhar**

Cuireadh tús le Bliain 1 de chlár 3 bliana Barainneach Six Sigma. Is é an aidhm atá leis an gclár forbartha acmhainní BARAINNEACH seo a chinntiú go bhforbróidh SFÉ mar eagraíocht inoiriúnaithe trí oibríochtaí a chuíchóiriú agus trí thairbhe a bhaint as athrú ó bhonn. Cinnteoimid go mbeidh táirgí fola sábháilte agus ar ardchaighdeán á gcur ar fáil i gcónaí in Éirinn.

Chun athrú BARAINNEACH a chinntiú, ní mór do gach duine a modhanna oibre a athrú. Cuireann an clár seo ar chumas fostaithe tacú le hathrú ón mbun aníos, trí úsáid a bhaint as uirlisí agus cúrsaí oiliúna, agus déileálann tionscadail straitéiseacha le ceisteanna sistéamacha ón mbarr aníos, chun a chinntiú go dtacaítear le feabhsuithe inbhuanaithe.

Bunaíodh bonnsraith láidir do chlár acmhainneachta trí bliana BARAINNEACH Six Sigma i mbliana nuair a cuireadh tús le cúrsaí oiliúna Creasa Bháin, Creasa Bhuí agus Creasa Ghlais. I rith na seisiún Creasa Bháin tarraingíodh aird na mball foirne ar fad ar phríomhphrionsabail an fheabhsaithe leanúnaigh, agus forbraítear teanga agus feasacht chomhroinnte i measc foirne. I rith na gcúrsaí oiliúna Creasa Bhuí tarraingíodh aird ball foirne roghnaithe ar uirlisí fadhbréitigh praiticiúla chun tacú le tionscnaimh feabhsaithe áitiúla, agus i rith na gcúrsaí oiliúna Creasa Ghlais forbraíodh grúpa speisialtóirí a bheidh in ann tionscadail ilréimsiúla a threorú a mbeidh tionchar intomhaiste acu. In éineacht lena chéile, cruthaíonn na cisil seo cosán foghlama struchtúrtha a chuireann tús le smaointeoireacht BHARAINNEACH a leabú in obair laethúil agus a bhunaíonn an chéad sraith de chumas inmheánach atá riachtanach chun dlús a chur le hathrú leanúnach sna blianta amach romhainn. De réir mar a bheidh an clár á fhorbairt, beidh an eagraíocht in ann cur le rannpháirtíocht agus le soláthar tionscadail, agus a cultúr d'fheabhsú leanúnach a threisiú.

Chun eispéireas deontóirí a fheabhsú tugadh faoi thionscadal creasa dhuibh, 'Eispéireas Deontóra Fola', chun léargas a thabhairt ar aistear an deontóra chun éifeachtúlacht agus eispéireas an deontóra a fheabhsú. Bhí samhaltú BARAINNEACH, anailís sonraí agus tástáil chun eispéireas agus sruth deontóirí a chuíchóiriú mar bhonn le 3 phríomh-mholadh. Laghdaigh an samhaltú meán-am aistir ó 80 nóiméad go dtí 48 nóiméad agus laghdaíodh an t-am aistir uasta ó bhreis is 120 nóiméad go dtí 70 nóiméad, fianaise ar chuíchóiriú suntasach ar shruth, deireadh a chur le baic agus feidhmíocht níos comhsheasmhaí i rith an phróisis ar fad. Tá tionscnaimh feabhsaithe leanúnaigh á gCur chun Feidhme chun cuspóirí sonraithe a chomhlíonadh.

**Aitheantas agus Meas bunaithe ar Luachanna**

Chuir SFÉ obair i gcrích ar chlár cuimsitheach a raibh sé mar aidhm leis creat d'Aitheantas agus Meas Fostaithe bunaithe ar Luachanna a dhearadh agus a chur chun feidhme. Cuireadh tús leis an obair le hanailís mhionsonraithe ar chultúr eagraíochta, déimeagrafaic fostaithe agus struchtúir oibriúcháin chun a chinntiú go raibh an clár oiriúnach don chomhthéacs agus ionchuimsitheach. Comhchruthaíodh samhail aitheantais ilghnéitheach, a chlúdaigh éachtaí aonair, obair curtha i gcrích ag foirne, fad saoil agus garspriocanna seirbhíse, tionscnaimh nuálaíochta agus feabhsaithe, agus obair ar mhaithe le sástacht othar agus deontóirí.

Ag tacú leis an méid sin bhí próisis shoiléire ainmniúcháin, roghnúcháin agus faofa a shainiú, mar aon le córas inscálaithe chun gníomhaíochtaí aitheantais a rianú agus a dhoiciméadú. Cuireadh cúrsaí oiliúna agus treoir spriocdhírithe ar fáil do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí a raibh úsáid á baint acu, ar bhonn píolótach, as an bhfréamhshamhail chun cleachtais aitheantais éifeachtacha a leabú, agus forbraíodh sásraí aiseolais, tuairisciú agus méadracht chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar thionchar ar rannpháirtíocht, coinneáil agus feidhmíocht eagraíochta trí chéile. Tá sé beartaithe an Clár a Sheoladh in 2026.

# Sláinte agus Sábháilteacht Timpeallachta

## Tús Áite do Shábháilteacht agus Folláine

### Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta

Trí Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Leictreonach néil a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta in 2024, bhí deis againn in 2025 chun ár ndoiciméid sláinte agus sábháilteachta a chur ar fáil in ionad lárnach, agus ag an am céanna, próisis sláinte agus sábháilteachta a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Trí mhodúl iniúchta agus cigireachta an chórais leictreonaigh a shaincheapadh bhí ar ár gcumas próisis bhainistíochta leictreonacha ceann go ceann a fhorbairt chun críche cigireachta agus a chinntiú go raibh dóthain trealaimh ar fáil cosúil le pacaí doirte cheimicigh/bhitheolaíoch agus aonaid diphoterine.

### Sábháilteacht Iompraíochta agus Rannpháirtíocht le Fostaithe

Tacaíonn clár na nGradam Cinnidh Mhaith/ Breathnóireachta Sábháilteachta agus Aitheantais Sábháilteachta SFÉ le cultúr sábháilteachta dearfach agus le sábháilteacht iompraíochta trí chur ar chumas oibrithe agus daoine eile inár n-áit oibre tuairisciú maidir le sláinte agus sábháilteacht a dhéanamh agus aiseolas a chur ar fáil freisin. In 2025, bronnadh cúig ghradam (piarmheasúnaithe agus roghnaithe) i ndáil le tacú le hiompraíocht dhearfach sláinte agus sábháilteachta agus i ndáil le hidirghabhálacha a chuir fostaithe/foirne i gcrích san áit oibre. Tá an t-aiseolas agus na héachtaí ar fad á n-aithint inár mbullaitíní sláinte agus sábháilteachta ráithiúla.


Irish Blood Transfusion Service
STOP THINK ACT
Good Catch Card
Observer's Name
Telephone/Extn.
Date/Time
Location?
What did you See?
Good Safety Behaviour
Unsafe Condition
Poor Safety Behaviour/Unsafe Act
Describe what you saw
What safety activity/area does it affect?
Access/Egress
Biological
Chemical
Contractors
Driving
Electrical
Environment
Equipment
Ergonomics
Fire Safety
Following Procedures
Housekeeping
Manual Handling
Personal Protective Equipment
Staff
Vehicle
Visitors
Waste
Other
Intervention (What did you or your team do?)
Prevention (What can you or your team do?)
MAKING SAFETY VISIBLE

### Sláinte agus Folláine

Ar aon dul le Ráiteas Straitéise Ball Foirne agus Cultúir SFÉ 2021 to 2025, bhunaigh SFÉ Coiste Sláinte agus Folláine in 2025. Páirteach sa choiste tá ionadaithe as ar fud na heagraíochta. Chun aitheantas a thabhairt don obair a cuireadh i gcrích sa réimse sláinte agus folláine, bronnadh duais ar SFÉ sa chatagóir dar teideal 'Barr Feabhais sa Mheabhairshláinte agus Folláine san Áit Oibre' ag Gradaim Bhairr Feabhais na hÁite Oibre i mí an Mheithimh 2025. Bhí an eagraíocht ainmnithe freisin don ghradam dar teideal 'Barr Feabhais i Sláinte agus Sábháilteacht na hÁite Oibre'.


Lean SFÉ ar aghaidh ag obair le Foras Croí na hÉireann ar an gclár Slí@obair. Seoladh an clár i mí Mheán Fómhair 2025 tráth ar eagraigh Foras Croí na hÉireann cur i láthair do SFÉ maidir le sláinte an chroí agus gníomhaíocht fhisiciúil.

# Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise

Lean an Fheidhm TF ar aghaidh ag díriú ar a chlár d'uasghrádú teicneolaíochta i rith 2025, agus leagadh béim ar leith ar thionscnaimh a raibh sé mar aidhm leo fiachas teicniúil a laghdú agus athléimneacht iomlán Chórais TF SFÉ a fheabhsú.

Cuireadh obair shuntasach i gcrích freisin a bhain le tionscnaimh ghnó agus córais nua éagsúla a bheidh á seoladh in 2026, lena n-áirítear córas nua a bhunú in áit an chórais ordaithe ospidéil atá in úsáid againn faoi láthair, a bheidh comhtháite níos fearr lenár bpríomhchórais, síneadh a chur lenár gcóras áirithinte ar líne, córais atá in úsáid i gclinicí a fheabhsú agus oibreacha uasghrádaithe eile.

Cuireadh tús freisin leis an obair ar Straitéis Dhigiteach chun tacú leis an gcéad straitéis SFÉ eile, agus ar Straitéis Sonraí a bheidh mar bhonn le claochlú SFÉ ionas gur eagraíocht a bheidh bunaithe ar shonraí a bheidh inti i ndáiríre.



# Inbhuanaitheacht

## Cur chun Feidhme Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Straitéis Inbhuanaitheachta SFÉ

Mar Eagraíocht Seirbhíse Poiblí, tá sé de chúram ar Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann astaíochtaí fuinnimh agus carbóin a laghdú, agus roinnt spriocanna cainníochtúla agus cáilíochtúla eile a chomhlíonadh faoin mbliain 2030. Mar lárionad nuálaíochta, oideachais agus forbartha sa réimse cúraim sláinte, tuigimid na cúiseanna go bhfuil sé seo riachtanach.

Inár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024/25 cuireadh creat ar fáil chun tús a chur le hiarfheistiú agus le trealamh nua a fháil agus forbraíodh roinnt tairiscintí chun tacú leis an obair seo. Forbraíodh máistirphlean saoráidí inmheánach freisin chun tacú leis an gclaochlú forásach seo ar fud na heagraíochta.

Tá dul chun cinn déanta againn chomh fada is a bhaineann le hastaíochtaí fuinnimh agus carbóin a bhainistiú trínár dtionscadail bhonneagair, coirí nua a chur in áit na gcoirí seanchaite in INF, Aonaid Aerchóiriúcháin nua a chur ar fáil inár Seomra TF, agus soláthraí a fhaomhadh chun díriú ar uasghrádú iomlán ár gcórais soilsithe in UNF agus córas LED cliste a chur ar fáil[11]. Tá tús á chur againn lenár bhflít a aistriú ionas go mbeidh Plandola Hidreachóireáilte[12] (POH) in úsáid seachas díosal inár bhfeithiclí i mBaile Átha Cliath, rud a bhí mar bhonn le hastaíochtaí iompair a laghdú. Thacaigh na tionscadail thuasluaite ar fad leis na hastaíochtaí agus úsáid fuinnimh laghdaithe a tugadh faoi deara in 2025.

I Ráithe 4 2025, shínigh Bord SFÉ Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025/26, agus foilsíodh é ar www.giveblood.ie, rud a tharraing aird ar thrédhearcacht ár gcuspóirí chun spriocanna agus cuspóirí an ghníomhaithe ar son na haeráide a chomhlíonadh.

I ndiaidh dúinn ár gcéad Straitéis Inbhuanaitheachta a fhorbairt, thosaíomar ag díriú ar na cuspóirí sainordaithe agus straitéiseacha i gcomhair 2025. Tá níos mó béime á leagan ar fheasacht ar fhuinneamh i measc ár bhfoirne, tá deiseanna foghlama agus forbartha inbhuanaitheachta curtha ar fáil do chomhghleacaithe, tá ár gcóras bainistíochta dramhaíola feabhsaithe, tá síneadh curtha lenár gClár Taistil Níos Cliste inár n-ionaid agus clinicí réigiúnacha, agus tá aird tarraingthe ar dheiseanna chun tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh.

## Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT) a bhaineann le Fuinneamh SFÉ

In 2025, d'éirigh go maith le haistear SFÉ i dtreo spriocanna laghdaithe astaíochtaí fuinnimh agus carbóin 2030. Mar a luadh roimhe seo, ba é an t-uasghrádú bonneagair agus an t-athrú ar úsáid breosla inár bhfeithiclí an phríomhchúis a bhí leis an athrú seo. Mar atá mínithe thíos, tugadh laghdú faoi deara ar astaíochtaí i measc na bpríomhfhoinsí astaíochtaí ar fad.

Bhí na tionscadail seo mar bhonn le laghdú bliain ar bhliain de 5.9% ar na hastaíochtaí ar fad a bhaineann le breosla iontaise, rud a chabhraigh le SFÉ chun spriocanna 2030 a chomhlíonadh, ach tá obair fós le déanamh againn chun an sprioc seo a chomhlíonadh. De bhrí gur cuireadh iad seo chun feidhme i lár na bliana, níor thugamar an tionchar iomlán faoi deara go dtí 2026. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar Bhearna go Sprioc, le tacaíocht ónár mBainisteoir Comhpháirtíochta Earnála Poiblí, chun a chinntiú go bhfuilimid ar an mbóthar ceart agus go n-éireoidh linn ár spriocanna astaíochtaí carbóin a chomhlíonadh.

| Grúpa astaíochtaí | Foinse Astaíochtaí | Bonnlíne GCT (tona $CO_{2e}$) | 2024 (tona $CO_{2e}$)[13] | 2025 (tona $CO_{2e}$)[14] | 2030 Sprioc (tona $CO_{2e}$) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Breosla Iontaise** | Gás-ola | 4 | 7 | 4 | 583 |
| | Gás Nádúrtha | 938 | 735 | 723 | |
| | Díosal Bóthair | 247 | 190 | 150 | |
| **Bithbhreoslaí** | POH (Úsáid Bóthair) | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Leictreachas** | Glan-Iompórtálacha Leictreachais | 2,015 | 941 | 815 | 431 |
| **Iomlán** | Iomlán | 3,204 | 1,872 | 1,691 | 1,013 |

*Tábla ar a bhfuil eolas maidir le hastaíochtaí CO2 a bhaineann le húsáid fuinnimh laistigh d'eastát SFÉ[15].*

11. Próiseas tairisceana curtha i gcrích, ach ní bheifear ag díriú ar an tionscadal seo go dtí 2026.
12. Tá ÚFIÉ ag glacadh le POH mar bhithbhreosla saor ó astaíochtaí.
13. Nuashonraíodh astaíochtaí SFÉ 2024 chun léargas a thabhairt ar shonraí cruinne atá ar fáil i Ráithe 3 2025, i ndiaidh TB SFÉ 2024 a fhoilsiú.
14. De bhrí nach bhfuil na sonraí iarbhír maidir le húsáid fuinnimh in eastát SFÉ foilsithe go hoifigiúil, tá meastachán i bpáirt déanta i ndáil le leictreachas agus astaíochtaí gáis nádúrtha i gcomhair 2025. Ní bheidh na sonraí seo á bhfíorú go hoifigiúil go dtí Ráithe 3 2025. In TBanna ina dhiaidh seo, beidh na sonraí á dtabhairt cothrom le dáta ar bhealach cúlghabhálach, mar a rinneadh le sonraí BA 2024 sa tuarascáil seo.
15. Tá luachanna $CO_{2e}$ sa tábla seo á léiriú sa tona iomlán is cóngaraí.

Tá gach rud i gceart chomh fada is a bhaineann lenár spriocanna astaíochtaí iomlána i láthair na huaire, mar gheall ar dhícharbónú suntasach na heangaí leictreachais in Éirinn i rith na tréimhse idir an bhonnlíne agus an t-am i láthair.


Mar gheall ar an timthriall atá luaite le próiseas fíoraithe shásra Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), tá na sonraí a bhaineann le SFÉ i gcomhair 2025 curtha ar fáil ach ní bheidh siad fíoraithe sula bhfoilseofar an Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2025. Tá na sonraí a bhaineann le díosal, POH agus gás-ola tuairiscithe agus ríomha go díreach ag an gcóras M&T, ach, bhí na luachanna a bhain le gás nádúrtha agus leictreachas bunaithe ar mheascán de chórais sonraí bhilleáilte, fomhéadair agus bhí eachtarshuíomh ag teastáil chun meastachán don bhliain iomlán a chur ar fáil. I mblianta ina dhiaidh seo, cuirfear é seo ina cheart agus déanfar é a nuashonrú chun léargas a thabhairt ar an luach fíoraithe atá ar fáil, obair atá curtha i gcrích i gcomhair shonraí 2024.

Mar a tharla i rith na mblianta roimhe seo, táimid ag leanúint ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar ár bpíblíne tionscadail in eastát SFÉ, chun ár spriocanna a chomhlíonadh, agus arís, beidh béim á leagan againn ar dtús ar INF, mar gheall ar scála an fhuinnimh a úsáideann ár gceanncheathrú laistigh den eastát.

Baineann astaíochtaí laistigh d'eastát SFÉ le teas (gás nádúrtha agus leictreachas) agus leis an soláthar cumhachta (leictreachas) inár bhfoirgnimh, agus leis an mbreosla a úsáidtear laistigh de fhlít SFÉ (díosal bóthair). Úsáidtear gás-ola in eastát SFÉ don soláthar cumhachta teagmhasach inár ngineadóirí san Ionad Náisiúnta Fola agus in Ionad SFÉ i gCorcaigh.

Chomh fada is a bhaineann le húsáid fuinnimh laistigh den eagraíocht, ceanglaítear ar SFÉ a feidhmíocht fuinnimh a mhéadú 50% i gcomparáid leis an mbonnlíne (2006-2008) idir seo agus 2030. Tá gach cuma ar an scéal faoi láthair go ndéanfar é seo mar gheall ar uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh agus bainistíocht fuinnimh réamhghníomhach laistigh den eagraíocht i rith na tréimhse sin.

**Úsáid Fuinnimh 2025 i bhFoirgnimh agus i bhFlít SFÉ (kWh)**



- INF - 6,811,768
- Flít Díosail - 632,511
- Flít POH - 103,187
- Corcaigh - 509,501
- Stigh Lorgan - 43,595
- Sráid D'Olier - 46,560
- Baile Átha Fhirdhia - 39,062
- Luimneach - 35,295
- Tuaim - 33,267
- Ceatharlach - 27,061

*Miondealú ar an bhfuinneamh iomlán úsáidte (Leictreachas, Gás Nádúrtha, Gás-Ola, Flít Díosail agus Flít POH in kWh) i bhfoirgnimh agus flít SFÉ.*[16]

16. I ndiaidh POH a úsáid le flít SFÉ, tá breosla flít roinnte anois de réir Flít Díosail agus Flít POH.

Tá athrú soiléir le tabhairt faoi deara i ndáil le cothromaíocht na húsáide fuinnimh, tá méid suntasach fuinnimh luaite leis an athrú ó fhlít díosail go dtí flít POH. Tugadh laghdú faoi deara ar an méid gáis nádúrtha agus gás-ola a bhí in úsáid, mar aon le méadú beag ar úsáid fuinnimh, agus baineann sé seo, tríd is tríd, le ceanglais táirgeachta mhéadaithe trí phróiseáil plasma.

| Foinse Fuinnimh SFÉ | 2025 Gás Nádúrtha (kWh) | 2025 Leictreachas (kWh) | 2025 Flít Díosail (kWh) | 2025 Flít POH (kWh) | 2025 Gás-ola (kWh) | 2025 Iomlán (kWh) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **INF** | 3,649,558 | 3,151,838 | - | - | 10,372 | 6,811,768 |
| **Flít Díosail** | - | - | 632,511 | - | - | 632,511 |
| **Flít POH** | - | - | - | 103,187 | - | 103,187 |
| **Corcaigh** | 204,018 | 302,423 | - | - | 3,060 | 509,501 |
| **Stigh Lorgan** | 29,440 | 14,155 | - | - | - | 43,595 |
| **Sráid D'Olier** | - | 46,560 | - | - | - | 46,560 |
| **Baile Átha Fhirdhia** | 13,406 | 25,656 | - | - | - | 39,062 |
| **Luimneach** | 16,737 | 18,558 | - | - | - | 35,295 |
| **Tuaim** | - | 33,267 | - | - | - | 33,267 |
| **Ceatharlach** | 15,474 | 11,587 | - | - | - | 27,061 |
| **Fuinneamh Iomlán (kWh)** | 3,928,633 | 3,604,044 | 632,511 | 103,187 | 13,432 | 8,281,807 |
| **Astaíochtaí Gaolmhara Iomlána (tona $CO_{2e}$)** | 723 | 815 | 150 | - | 4 | 1,691 |

*Miondealú ar úsáid fuinnimh laistigh d'fhoirgnimh agus flít SFÉ.*[17,18]

17. Mar a mionsonraíodh roimhe seo, tá eachtarshuíomh áirithe déanta ar na sonraí sa tábla seo (Leictreachas agus Gás Nádúrtha). Níl sé seo fíoraithe ag ÚFIÉ fós.
18. Tá luachanna sonraithe ag an kWh/tona $CO_{2e}$ ag an tslánuimhir is gaire.

## Cur chun Feidhme an tSainordaithe

Tá SFÉ tiomanta don Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a achtú laistigh dá gníomhaíochtaí agus tá dul chun cinn leanúnach déanta idir 2023 agus 2025 chun an leibhéal feidhmithe ar fud na heagraíochta a fheabhsú. Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir leis an bhfeabhas a tugadh faoi deara ó 52% in 2023 go dtí 75% in 2025.

| Leibhéal Feidhmithe | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|
| Curtha chun Feidhme | 9 | 20 | 24 |
| Curtha chun Feidhme i bPáirt/ Críochnaithe i bPáirt | 7 | 8 | 9 |
| Níl Curtha chun Feidhme | 8 | 4 | 5 |
| Níl Infheidhme | 6 | 9 | 9 |
| Ráta Cur chun Feidhme (%)[19,20] | 52% | 75% | 75% |

*Leibhéal Cur chun Feidhme an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide laistigh de SFÉ idir 2023 agus 2025.*

Ainneoin nár tháinig méadú ar an gcomhlíonadh iomlán in 2025, mhéadaigh líon iomlán na gcuspóirí sainordaithe agus na gcuspóirí a cuireadh i gcrích. Tá pleananna sonracha againn chun déileáil leis na cuspóirí nach bhfuil comhlíonta atá liostaithe mar Níl Curtha chun Feidhme i láthair na huaire agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh againn ar na deiseanna atá againn comhlíonadh a mhéadú i réimsí eile agus a chinntiú go mbeidh ár gcóras oiriúnach le haghaidh na mblianta amach anseo.

## Imlitir 01/2020

Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tá sé de chúram ar SFÉ déileáil leis na hastaíochtaí a eascraíonn as aerthaisteal oifigiúil agus tá Imlitir 01/2020 á comhlíonadh ó bunaíodh í.

| An Cineál Eitilte | Aicme Chábáin | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|
| Aontreo | Grád Barainne | 170 | 106 | 77 |
| Fillte[21] | Grád Barainne | 41 | 58 | 49 |
| Céim Eitilte Iomlán[22] | Grád Barainne | 252 | 222 | 175 |

*Eitiltí a rinne SFÉ ar ghnó oifigiúil, ag déileáil le bheith ag cloí le hImlitir 01/2020.*

Ar aon dul leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide (2025) is déanaí, chuir SFÉ íocaíocht ar fáil don Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide mar a bhí riachtanach. Rinneadh an íocaíocht i ndáil le 23.93 tona de $CO_{2e}$ a gineadh mar thoradh ar 327,691 km d'eitiltí a bhain le gnó oifigiúil in 2025, sin laghdú 19.6% bliain ar bhliain ar an achar eitilte iomlán (ciliméadair).


Tá SFÉ tiomanta do shrian a chur ar aerthaisteal agus gan a leithéid a úsáid ach amháin nuair is gá, agus déantar an t-aerthaisteal oifigiúil ar fad a athbhreithniú ag féachaint don leibhéal ceanglas is airde roimh a leithéid a fhaomhadh. Bhí breis forfheidhmithe beartais mar bhonn le laghdú leanúnach ar chéimeanna eitilte iomlána agus ar achar eitilte.

19. Arna ríomh trí scór 100% a lua le Cur chun Feidhme Iomlán, 50% le Cur chun Feidhme i bPáirt agus 0% Níl Curtha chun Feidhme, agus tairbhe á baint as meánfhigiúr an scóir iomláin. Tá eitiltí fillte Níl Infheidhme á lascainiú.
20. Slánaithe go dtí an céatadán iomlán is gaire.
21. Eitiltí a mheastar gur eitiltí fillte iad má bhí eitiltí fillte díreacha i gceist, i.e. Baile Átha Cliath go Manchain agus Manchain go Baile Átha Cliath gan aon stopadh. Aon eitilt eile ar measadh gur eitilt aontreo, céimeanna éagsúla, í.
22. Ríomhtar na céimeanna eitilte iomlána trí dhíriú ar gach eitilt aontreo ina raibh céim amháin, agus gach eitilt dhíreach fillte ina raibh dhá chéim.

## Gníomhaíochtaí agus Tionscnaimh Inbhuanaitheachta

Tá Straitéis Inbhuanaitheachta SFÉ 2025-2030 in úsáid mar chreat ag SFÉ chun cur lena tuiscint ar ábhair Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (CSR):

- I ndiaidh moladh a rinneadh i rith iniúchta, chinn SFÉ tairbhe a bhaint as Inbhuanaitheacht shaincheaptha i mbogearraí Ríomhfhoghlama SFÉ, a cuireadh le iLearn agus a cuireadh ar fáil mar chúrsa éigeantach atá le déanamh ag na baill foirne ar fad, chun ár gcomhghleacaithe a spreagadh chun teacht ar thuiscint ar na ceanglais agus ar na pleananna ata déanta le haghaidh SFÉ sa réimse seo. Ag cur leis an obair seo tá modúl leanúnach an Chláir Thionscnaimh Chorparáidigh do bhaill foirne nua;
- Tá an chéad chéim curtha i gcrích ag SFÉ freisin chomh fada is a bhaineann le Córas Bainistíochta Fuinnimh (CBF) láidir a fhorbairt. Rinne an Ceannaire Aeráide agus Inbhuanaitheachta cúrsa oiliúna 3 lá maidir le PGB Fuinnimh chun CBF a fhorbairt a thacóidh le ÉIC:50001 amach anseo;
- I Ráithe 3 2025, chinn SFÉ páirt a ghlacadh i gClár Comhpháirtíochta Dícharbónaithe Fuinnimh ÚFIÉ, agus tarraingíodh aird ar an tacaíocht atá á cur ar fáil againn agus ar an tslí a bhfuilimid ag feidhmiú mar cheannairí san earnáil phoiblí chun bainistíocht agus feasacht fuinnimh a leabú inár n-eagraíocht. Cinntíonn sé seo go bhfuil Bainisteoir Comhpháirtíochta na hEarnála Poiblí atá sannta do SFÉ ag tacú leis an obair seo;
- Ceann de chuspóirí ár Sainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide ná a chinntiú go raibh Cúrsaí Oiliúna Oiriúnacha maidir le Ceannaireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide á ndéanamh ag ár bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. I ndiaidh cúrsaí a phlé le Bainisteoir Comhpháirtíochta na hEarnála Poiblí, cinneadh go mbeadh ár gcúrsaí oiliúna inmheánacha féin á gcruthú againn, a bheidh dírithe ar thionchair agus ar spriocanna, agus cuireadh cúrsa oiliúna ar fáil do FBF i Ráithe 4 2025;
- Mionsonraithe inár Straitéis Inbhuanaitheachta, bhí 2 sprioc dramhaíola againn: 55% dár bpríomhshruthanna a athchúrsáil faoi dheireadh 2025, agus 60% de na sruthanna céanna a athchúrsáil faoi dheireadh 2030. D'éirigh linn ár sprioc i gcomhair 2025 a chomhlíonadh, bhí an ráta athchúrsála cothrom le 57.6%, sin méadú ó 52.9% in 2024;
- In 2025, bhailigh SFÉ breis is €3,600 trí earraí a bhailiú agus a bhronnadh ar 3 chomhpháirtí carthanais mar chuid den Scéim Éarlaise agus Aisíoca;
- I mí na Samhna 2025, d'eagraigh SFÉ Ceardlanna Smaointeoireachta Inbhuanaitheachta measctha mar a bhí sainordaithe sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus pléadh deiseanna chun feabhas a dhéanamh lenár mbaill foirne agus ar líne lenár gcomhghleacaithe réigiúnacha;
- I ndiaidh dúinn ár gcúrsa Ríomhfhoghlama maidir le hInbhuanaitheacht a reáchtáil in SFÉ, chinneamar páirt a ghlacadh i bhfeachtas ÚFIÉ, Laghdaigh d'Úsáid, i gcomhair 2025/26. Bhí an Ceannaire Aeráide agus Inbhuanaitheachta agus an Grúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta i gceannas ar an obair seo, agus bhí tacaíocht á cur ar fáil ag ÚFIÉ chun comhghleacaithe a spreagadh chun smaoineamh ar fhuinneamh a bheith á chur amú san oifig agus sa bhaile. I rith an fheachtais tarraingíodh aird ar iniúchtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta, athbhreithnithe fuinnimh deisce, cumarsáid agus comharthaíocht a chur ar fáil agus cúrsaí a phlé le baill foirne;
- Mar chuid den obair atá á déanamh againn le Clár Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair, ghlacamar páirt i roinnt gníomhaíochtaí in 2025, lena n-áirítear Réidh, Gabh, Léim ar an Rothar: Ullamh don Gheimhreadh, Cuir Solas ar Do Rothar agus Feachtas Siúil Mhí Dheireadh Fómhair. Ar liosta na n-eagraíochtaí náisiúnta ar fad, bhí muide sa 41ú áit i gcomórtas siúil mhí Dheireadh Fómhair, agus bhí gach comhghleacaí freagrach as 320,199 céim ar an meán, sin breis is 24 milliún céim ar fad;
- Dhíríomar ar ár gcéad suirbhé comaitéireachta ar an eagraíocht i Ráithe 4 2025, a thug léargas tábhachtach dúinn ar na riachtanais atá ag an eagraíocht anois agus a bheidh aici amach anseo, agus tá go leor deiseanna chun feabhas a dhéanamh tapaithe againn agus tá sé beartaithe againn gníomh a dhéanamh maidir leo seo amach anseo;
- Tá SFÉ ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar phriontáil nach bhfuil riachtanach a laghdú, agus tá feasacht níos fearr ar úsáid an phrintéara le tabhairt faoi deara in 2025 rud ba chúis le laghdú 6% bliain ar bhliain ar an méid páipéir priontáilte úsáidte;
- Reáchtáil an Grúpa Stiúrtha Inbhuanaitheachta, in éineacht le Coiste Sóisialta INF, seachtain Amnesty Dramhthrealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (DTLL) agus Babhtála Éadaí i Ráithe 4 2025. Rinneadh an DTLL a athchúrsáil go sábháilte lenár soláthraí dramhaíola agus tugadh na héadaí fágtha do Oxfam Éireann.


REDUCE YOUR USE
AT WORK
AT HOME
SWITCH IT OFF
CHECK THOSE TEMPS
AVOID TEMPERATURE TANGO
ENERGY MONITORING
REPORT FAULTS
SWAP IF NEEDED
MEET DIGITALLY
THINK ABOUT TRANSPORT


To affirm its commitment to
decarbonisation of the public sector
Irish Blood Transfusion Service
is a member of the SEAI Energy
Decarbonisation Partnership Programme
We commit to:


WALKTOBER
Congratulations to
Irish Blood Transfusion Service
and to your Walktober Coordinator
Kevin Barron
for taking part in Walktober 2025.


Step Up Day
Lá Uaschéimnithe
#reduceyourusе
REDUCE YOUR USE
Step up and take action to save energy
Uaschéimnigh agus cuir gníomh chun fuinneamh a shábháil
#reduceyouruse

## Gradaim agus Éachtaí

In 2025, thapaigh SFÉ an deis chun an dul chun cinn a bhí déanta go dtí seo i ndáil le gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) a roinnt.

I mí an Mheithimh 2025, bhí muid ainmnithe ar an ngearrliosta don Ghradam don Áit Oibre is Airdeallaí ar an Timpeallacht ag Gradaim Bhairr Feabhais na hÁite Oibre.

Ina dhiaidh sin, bhí muid ainmnithe ar an ngearrliosta do Ghradam dar teideal Nuálaíocht i bhFeidhmíocht Dícharbónaithe agus Fuinnimh san Earnáil Phoiblí ag na Gradaim Fuinnimh Ghnó.

I mí Dheireadh Fómhair, bronnadh Gradam Eagraíocht Cúraim Sláinte na hÉireann orainn ag Searmanas Gradam Cheannaireacht um Ghníomhú ar son na hÉireann. Bhí an gradam seo bunaithe ar ionchur as ar fud na heagraíochta agus dírithe ar sholáthar leanúnach seirbhísí cúraim sláinte i dtimpeallacht atá ag athrú agus oiriúnú leanúnach don athrú sin, fad is a bhí ár dtionchair féin á maolú againn.




### Mo Shaotharlanna Glasa

Aitheanta ag feachtas Race to Zero na Náisiún Aontaithe mar phríomhbhbeart de dhul chun cinn i ndáil le todhchaí saor ó charbón, glactar le deimhniú Mo Shaotharlann Ghlas mar an caighdeán is airde chomh fada is a bhaineann le dea-chleachtais inbhuanaitheachta ar fud an domhain.


Is fianaise ar bharr feabhais ina réimse féin é modh oibre SFÉ, eagraíocht eiseamláireach chomh fada is a bhaineann leis an ngealltanas atá tugtha aici maidir le heolaíocht inbhuanaithe, fad is atá seirbhísí riachtanacha á gcur ar fáil aici.

In 2025, bhí athmheasúnu le déanamh ar an tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí. Cúis áthais d'fhoireann Mo Shaotharlann Ghlas gur bronnadh Deimhniú Glas ar SNSD mar chuid de Dheimhniú MSG 2.0 nua agus níos cuimsithí.

### Deimhniú Glas SNSD MSG 2025

Is é an aidhm atá le bheith ag obair le MSG ná eolas a roinnt le baill foirne saotharlainne SFÉ agus labhairt leo maidir le dea-chleachtas inbhuanaitheachta saotharlainne chun cur ar bhealach gníomhach le tionchar a gcuid oibríochtaí saotharlainne ar an timpeallacht a laghdú agus, ar an tslí sin, cabhrú le SFÉ spriocanna a Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2030 a chomhlíonadh, spriocanna a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí carbóin a laghdú.

Táimid tiomanta dár gcórais a fheabhsú go leanúnach laistigh den eagraíocht agus beimid ag comhoibriú i ndáil le dea-chleachtais chun a chinntiú go mbeidh ar chumas ár saotharlann ar fad na leibhéil chreidiúnaithe is airde agus is féidir a bhaint amach.



## Bainistíocht Dramhaíola

I Straitéis Inbhuanaitheachta SFÉ, is iad ár gcuspóirí chomh fada is a bhaineann le dramhaíl ná scaradh dramhaíola a mhéadú agus infhaighteacht sonraí freisin, ionas gur féidir linn díriú ar shruthanna dramhaíola sonracha. In 2025, cuireadh feabhas suntasach ar an obair seo agus tosaíodh ag déileáil le roinnt sruthanna dramhaíola a bhí scaipthe agus á mbainistiú ar fud ár suíomhanna réigiúnacha ar bhealach lárnach, agus cuireadh obair mhór i gcrích chun tacú le breis soiléire maidir leis na sruthanna dramhaíola a bhí á dtáirgeadh.

Chuir an obair sin leis an gcóras bainistíochta dramhaíola nua a bunaíodh in 2024, chun bonnlíne a chur ar fáil do go leor sruthanna dramhaíola, rud nach bhféadfaí a dhéanamh roimhe sin, dramhbhia san áireamh.

| Catagóir | Fochatagóir | 2024 (tona) | 2025 (tona) | 2025 % Athrú |
|---|---|---|---|---|
| **Dramhaíl Úsáidte/ Athchúrsáilte/ Díolta/Bronnta/ Múirínithe/DA** | Dramhaíl Athchúrsáilte | 64.0 | 69.7 | 8.9% |
| | Dramhaíl Díolta | 0.0 | 0.0 | 0.0% |
| | Dramhaíl Bronnta[23] | 0.0 | 0.3 | 0.0% |
| | Dramhaíl Múirínithe/ Díleá Anaeróbach (DA) | 3.5 | 8.9 | 151.2% |
| **Dramhaíl Iomlán Úsáidte/Athchúrsáilte/Díolta/ Bronnta/Múirínithe/DA** | | 67.6 | 78.9 | 16.7% |
| **Dramhaíl Loiscthe** | Dramhaíl Loiscthe le hAisghabháil Fuinnimh | 163.9 | 151.2 | -7.7% |
| | Dramhaíl Loiscthe gan Aisghabháil Fuinnimh | 0.0 | 0.0 | 0.0% |
| **Dramhaíl Iomlán Loiscthe** | | 163.9 | 151.2 | -7.7% |
| **Dramhaíl Diúscartha ar Bhealach Eile** | | 0.0 | 0.0 | 0.0% |
| **Dramhaíl le Modh Diúscartha Neamhaitheanta** | | 0.0 | 0.0 | 0.0% |
| **Dramhaíl Iomlán Táirgthe** | | 231.5 | 230.1 | -0.6% |
| Dramhaíl Ghuaiseach Táirgthe | | 110.0 | 105.8 | -3.8% |
| Dramhaíl Neamhghuaiseach Táirgthe | | 121.6 | 124.3 | 2.3% |

*Giniúint agus Bainistíocht Dramhaíola (Guaiseach agus Neamhghuaiseach) táirgthe laistigh de SFÉ in 2024 agus 2025.*[24,25,26,27]

Tarraingítear aird sa tábla thuas ar an miondealú dramhaíola i rith 2024 agus 2025, agus ar an modh diúscartha sannta don dramhaíl bunaithe ar mheáchan. Tugadh méadú faoi deara ar dhramhaíl mhúirínithe/díleá anaeróbaigh, i ndiaidh bliain iomlán de tháirgeadh dramhbhia a thabhairt faoi deara tar éis dúinn ár gcóras bainistíochta dramhaíola a chur chun feidhme. Bhí an méadú seo, mar aon leis an méaduithe ar dhramhaíl athchúrsáilte mar bhonn le laghdú ar dhramhaíl atá á diúscairt trí mhodhanna aisghabhála.

23. Déantar cuntas ar dhramhaíl bhronnta i gcomhair 2024 agus 2025 trí dhíriú ar na míreanna bronnta a bhaineann leis an Scéim Éarlaise agus Aisíoca, a athchúrsáiltear. Cuirfear sruthanna deonacháin breise chun feidhme in 2026, tráth a mbeidh míreanna á ndeonú againn atá le hathúsáid agus a bhfuil athearraíocht le baint astu.
24. De bhrí go raibh cuid de na sruthanna dramhaíola seo á soiléiriú i lár 2025 ag amanna éagsúla, ní bonnlíne don bhliain iomlán do gach sruth dramhaíola atá anseo.
25. Chomh fada is a bhaineann le roinnt sruthanna dramhaíola, in TBanna amach anseo má chuirtear sonraí dramhaíola ar fáil do bhailiúcháin roimhe seo, déanfar na sonraí a nuashonrú ar bhonn cúlghabhálach, agus tagrófar dó seo sa tráchtaireacht.
26. Cuireadh Dramhaíl PHS leis an gcomhad seo in 2025 agus tá eachtarshuíomh páirteach déanta de bhrí nár tugadh aon athrú ar sholáthar seirbhíse faoi deara agus sannadh gach rud do sholáthraí amháin in 2025, rud a chiallaíonn go raibh na sonraí a bhí in easnamh eachtarshuite bunaithe ar sheirbhís leathbhliana.
27. Tá roinnt sruthanna dramhaíola le soiléiriú fós de bhrí go bhfuiltear ar tí déileáil leo ar bhonn lárnach seachas deis a bheith á tabhairt do sholáthraithe réigiúnacha déileáil leo.

# Airgeadas

**Achoimre Cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025**

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 88,760 | 84,590 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 2,727 | 3,223 |
| Ioncam iomlán | 91,487 | 87,813 |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas iomlán | 90,439 | 85,151 |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | 1,048 | 2,662 |
| Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin | 13,064 | 6,330 |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (110) | (111) |
| Aistriú go Cúlchiste Taighde | (116) | (80) |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha ar an 1 Eanáir | 4,723 | (4,078) |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha ar an 31 Nollaig | 18,609 | 4,723 |

### Ioncam

Déantar anailís ar ioncam iomlán an Bhoird i gcomhair 2025, ioncam luach €91.5 milliún (2024 €87.8 milliún), bunaithe ar ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is éard atá i gceist le hioncam athfhillteach ná ioncam ginte mar thoradh ar dhíol táirgí agus seirbhísí curtha ar fáil d'ospidéil, luach €88.8 milliún (2024 €84.6 milliún). San áireamh in ioncam neamh-athfhillteach luach €2.7 milliún (2024 €3.2 milliún) tá maoiniú iarchurtha a bhaineann le scéim pinsean aonair na seirbhíse poiblí. Baineann an méadú ar ioncam athfhillteach le níos mó cásanna a bhain le fuilchealla dearga agus pláitíní i rith na bliana agus méadú freisin a bhain le líon na dtástálacha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. San áireamh in ioncam freisin tá ioncam a bhaineann le húsáid a bheith á baint an athuair as plasma Éireannach do chúiseanna teiripeacha.

### Caiteachas

In 2025 bhí an caiteachas cothrom le €90.4 milliún (2024 €85.2 milliún). Mhéadaigh costais phá mar gheall ar dhámhachtainí pá faoin gcomhaontú seirbhíse pá poiblí náisiúnta. Bhí caiteachas níos airde le tabhairt faoi deara freisin a bhain le deisiúchán agus le hathnuachaintí mar aon le méadú ar ioncam a bhain le táirgí ceannaithe a bhfuil costais níos airde luaite leo i ndáil le caiteachas.

### Cúlchistí

Tá Cúlchiste caipitil ag an mBord chun saoráidí nua a fhorbairt i gCorcaigh. Bhí iarmhéid an chiste ag deireadh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 cothrom le €10.9 milliún. (2024 €10.79 milliún).

Ar an 31 Nollaig, 2025, bhí iarmhéid na gcistí taighde cothrom le €3.5 milliún. (2024 €3.4 milliún).

### Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €2.2 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus i dtrealamh le linn 2025 (2024 €2.5 milliún).

I measc na bpríomhinfheistíochtaí caipitiúla a rinneadh i rith na bliana bhí flít nua de shé bhus don fhoireann clinic agus gléasanna measctha meá nua do chlinicí mar aon le píosaí trealaimh éagsúla dár saotharlanna.

### Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Tá an Bord ag cloí le ceanglais na Reachtaíochta um Íoc Pras seachas sa chás atá luaite thíos.
Is í an ghnáth-thréimhse chreidmheasa a nglacann an Bord léi, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, 30 lá tar éis an sonrasc a fháil, nó tar éis deimhniú a fháil go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí atá faoi réir íocaíochta.
Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc luach €156,259 déanach, ar feadh 12.16 lá ar an meán. Ba ionann na sonraisc sin agus 0.73% de líon agus 0.32% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe as earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €4,391.38

Déanann an Bord athbhreithniú i rith an ama ar na nósanna imeachta riaracháin a úsáidtear, chun a laghad ama agus is féidir a chaitheamh ag plé le fiosruithe agus réiteach sonrasc agus leis an bpróiseas faofa agus íocaíochta.

# Sonraí Teagmhála

**Iniúchóirí**

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

**Dlíodóirí**

**Philip Lee LLP**
Teach Chonnacht
Uimhir a hAon Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4
D04 C5Y6

**Baincéirí**

**Bainc-Aontas Éireann**
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

www.giveblood.ie

1800731137

www.facebook.com/giveblood

www.twitter.com/giveblood.ie

**Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann**

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
D08 NH5R
t: 01/4322800
r:contactus@ibts.ie

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh T12 Y319
t: 021/4807400

**Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2 DO2 TK51
t: 01/4745000

**Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan**
6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath A94 NX47
t: 1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú A92 HCP4
t: 041/6859994

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionscail Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach R93 AC82
t: 059/9132125

**Ionad Thuama**
Aonad 2
Páirc Gnó na Feá
Bóthar Weir
Tuaim
Co. na Gaillimhe H54P229
t: 093 70832

**Ionad Luimnigh**
Teach Carrig
Ascaill Chloch an Chéitinnigh
Páirc Gnó an Ráithín
Luimneach V94 AH97
t: 061 306980

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann


An tIonad Náisiúnta Fola
Sráid San Séamas, D08 NH5R8.

Teil: 00 353 1 4322800
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne eolais do dheontóirí 1800 731 137